

RPS

Forbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas
400 kV

Ráiteas Tionchair Timpeallachta

Imleabhar 3A

Achoimre Neamhtheicniúil



CLÁR ÁBHAR

1	RÉAMHRÁ	4
1.1	CUSPÓIR AGUS ÁBHAR NA HACHOIMRE NEAMHTHEICNIÚLA.....	4
1.2	CEANGLAS MAIDIR LE MEASÚNACHT TIONCHAIR TIMPEALLACHTA, LE MEASÚNACHT OIRIÚNACHTA AGUS LE TIONCHAR TRASTEORANN.....	6
1.3	DEACRACHTAÍ A THÁINIG ANÍOS AGUS AN EIS Á ULLMHÚ	7
1.4	SCÓPÁIL AN EIS.....	8
2	CINEÁL NA FORBARTHA A BHEARTAÍTEAR AGUS AN GÁ ATÁ LÉI.....	9
2.1	RÉAMHRÁ	9
2.1.1	Forbairt Northern Ireland Electricity (Leictreachas Thuaisceart Éireann) a Bheartaítear	9
2.1.2	Forbairt EirGrid a Bheartaítear.....	10
2.1.3	Tionscadal Leasa Choitinn.....	13
2.2	AN GÁ STRAITÉISEACH	13
2.2.1	An Gá atá leis an bhForbairt a Bheartaítear	13
2.2.2	Tairbhí na Forbartha a Bheartaítear	15
3	NA PRÍOMHROGHANNA EILE A NDEARNADH BREITHNIÚ ORTHU	16
3.1	ROGHANNA EILE TARCHUIR AGUS TEICNEOLAÍOCHTA.....	16
3.1.1	Teicneolaíocht Srutha Dhíriigh Ardvoltais (HVDC) agus Srutha Ailtéarnaigh Ardvoltais (HVAC).....	16
3.1.2	Líne Lasnairde agus Cábla faoin Talamh AC	17
3.1.3	Páirt-Leagan faoin Talamh.....	19
3.1.4	Cúinsí Deartha don Líne Lasnairde	21
3.1.5	Roghanna Bealaigh	23
4	CUR SÍOS AR AN BHFORBAIRT A BHEARTAÍTEAR.....	35
4.1	GNÉITHE DEN FHORBAIRT A BHEARTAÍTEAR	35
4.1.1	Cur Síos ar an Línebhealach	35
4.1.2	Gnéithe den Líne Lasnairde.....	38
4.1.3	Suíomhanna Túr a Shocrú.....	39
4.1.4	Oibreacha ar an Líne Lasnairde atá ann cheana agus Oibreacha laistigh de Shuíomh an Fhostáisiúin	40
4.1.5	Tógáil	40
5	ÁBHAIR CHOMHSHAOIL A CHUIMSÍTEAR SA RÁITEAS TIONCHAIR TIMPEALLACHTA	44
5.1	RÉAMHRÁ	44
5.2	DAOINE – DAONRA AGUS EACNAMAÍOCH	44
5.3	DAOINE – ÚSÁID TALÚN	46
5.4	DAOINE – TURASÓIREACHT AGUS TAITNEAMHACHT.....	50
5.5	DAOINE – RÉIMSÍ LEICTREACHA AGUS MAIGHNÉADACHA	55

5.6	FLÓRA AGUS FÁNA.....	59
5.7	ITHREACHA, GEOLAÍOCHT AGUS HIDRIGEOLAÍOCHT	66
5.8	UISCE	69
5.9	AER – TORANN AGUS CREATHADH	72
5.10	AER – CAIGHDEÁN AGUS AERÁID	75
5.11	TÍRDHREACH.....	76
5.12	SÓCMHAINNÍ ÁBHARTHA – GINEARÁLTA.....	82
5.13	SÓCMHAINNÍ ÁBHARTHA – TRÁCHT	85
5.14	OIDHREACHT CHULTÚRTHA	88
5.15	TIONCHAR TRASTEORANN.....	94
	5.15.1 Conclúidí	98
5.16	TIONCHAR CARNACH AGUS IDIRGHNÍOMHAÍOCHTAÍ TIONCHAIR	98
	5.16.1 Conclúidí	101
5.17	IDIRGHNÍOMHAÍOCHTAÍ TIONCHAIR.....	101
5.18	ACHOIMRE AR AN TIONCHAR SUNTASACH DÓCHÚIL	104
5.19	ACHOIMRE AR BHEARTA MAOLAITHE	108

LIOSTA NA BHFÍORACHA

Fíor 3.1:	Léaráidí Imlíneacha de na Túir Chruach Laitíse (níl siad de réir scála).....	22
Fíor 3.2:	Deis do Nasc Straitéiseach Idir Tionscadal an Dara hIdirnascaire Rogha 4(b) agus Atreisiú Tarchuir sa Tionscadal Thoir-Thuaidh Rogha A2 – ag Suíomh feadh Chiorcad 220 kV Choillín an Triain-Lú atá ann cheana	24
Fíor 3.3:	Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin agus Limistéar Staidéir na Mí.....	25
Fíor 3.4:	Roghanna Féideartha um Chonair Bhealaigh A, B agus C i Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin (ar ar tugadh an Limistéar Staidéir Trasteorann roimhe seo) agus Roghanna Féideartha um Chonair Bhealaigh 1, 2, 3A agus 3B i Limistéar Staidéir na Mí (ar ar tugadh Limistéar Staidéir an Oirthuaiscirt roimhe seo).....	28
Fíor 3.5:	Rogha Conaire Bealaigh A/3B don Fhorbairt a Bheartaítear	31
Fíor 4.1:	An Chuid den Chiorcad Tarchuir atá suite i Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin	36
Fíor 4.2:	An Chuid den Fhorbairt a Bheartaítear atá suite i Limistéar Staidéir na Mí	37
Fíor 4.3:	Túir 402 go 410 (feadh na líne tarchuir 400 kV atá ann cheana idir an tSeansráid agus Fearann na Coille).....	38
Fíor 4.4:	Leagan Amach Ginearálta an Túir IVI	39

Fíor 4.5:	Gnáthoibreacha Tógála).....	43
Fíor 5.1:	Tionchar iarmharach ar an Tírdhreach.....	81

LIOSTA NA DTÁBLAÍ

Tábla 1.1:	Struchtúr an Ráitis Tionchair Timpeallachta.....	5
Tábla 5.1	Achoimre ar Thionchar iarmharach ar Dháileachtaí Talún Aonair	50
Tábla 5.2:	Forbhreathnú ar Idirghníomhaíochtaí / Idirghaolmhaireachtaí Féideartha.....	103

AGUISÍNÍ

AGUISÍN 1	Sceideal de Ghealltanais Chomhshaoil (Achoimre ar Bhearta Maolaithe)	110
-----------	--	-----

1 RÉAMHRÁ

1.1 CUSPÓIR AGUS ÁBHAR NA HACHOIMRE NEAMHTHEICNIÚLA

- 1 Tá pleanáil á déanamh ag EirGrid cpt (EirGrid) agus Northern Ireland Electricity (*Leictreachas Thuaisceart Éireann*) i gcomhar a chéile ar mhórfhorbairt trasteorann um tharchur leictreachais idir na gréasáin tarchuir ardvoltais reatha in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Is é atá sa tionscadal idirnasctha iomlán (ar a dtugtar ‘an t-idirnascaire a bheartaítear’) chun críche an Ráitis Tionchair Timpeallachta ná ciorcad líne lasnairde 400 kV a nascann an fostáisiún 400 kV atá ann cheana i bhFearann na Coille, Contae na Mí le fostáisiún beartaithe in Turleenan, Contae Thír Eoghain.
- 2 Cuimsíonn an Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV (‘an fhorbairt a bheartaítear’) an chuid sin den idirnascaire a bheartaítear atá suite in Éirinn i gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin agus i gContae na Mí.
- 3 Déantar measúnacht ar an bhforbairt a bheartaítear ón teorainn dhlínsiúil le Tuaisceart Éireann go Fostáisiún Fhearann na Coille atá ann cheana i Ráiteas Tionchair Timpeallachta amháin. Mar gheall ar mhéid gheografach iomlán na forbartha líní sin, áfach, meastar é a bheith iomchuí an mheasúnacht sin a chur i láthair ina dhá cuid, is iad sin, **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin** agus **Limistéar Staidéir na Mí**. Éascóidh an cur chuige sin athbhreithniú an phobail lena mbaineann (agus páirtithe eile) ar an gcuid sin den fhorbairt a bheartaítear is mó tábhacht dóibh.
- 4 Tá sé mar chuspóir ag an Achoimre Neamhtheicniúil seo a chinntiú go dtugtar eolas iomlán don údarás inniúil, is é sin an Bord Pleanála (an Bord), d’údaráis fhorordaithe, don phobal agus don phobal lena mbaineann faoi na nithe seo:
 - (a) cur síos ar an bhforbairt lena n-áirítear eolas maidir leis an suíomh, le dearadh agus le méid na forbartha;
 - (b) cur síos ar na bearta atá beartaithe chun drochthionchar suntasach a sheachaint, a laghdú agus, más féidir, a leigheas;
 - (c) na sonraí a theastaíonn chun an príomhthionchar is dóigh a imreoidh an fhorbairt ar an gcomhshaol a shainaithint agus a mheasúnú; agus
 - (d) breac-chuntas ar na príomhroghanna malartacha a ndearna an forbróir staidéar orthu agus léiriú ar na príomhchúiseanna lena chinneadh, ag cur tionchar ar an gcomhshaol san áireamh.

- 5 Is é atá sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta a ghabhann leis an iarratas ar cheadú pleanála ná **Imleabhar 3** de na cáipéisí iarratais agus cuirtear é i láthair i gceithre phríomh-imleabhar ina bhfuil aguisíní agus fíoracha gaolmhara. Leagtar struchtúr an Ráitis Tionchair Timpeallachta il-imleabhair amach i d**Tábla 1.1**.

Tábla 1.1: Struchtúr an Ráitis Tionchair Timpeallachta

Tá an Achoimre Neamhtheicniúil in Imleabhar 3A den EIS (an t-imleabhar seo)	
Is cáipéis é Imleabhar 3B den EIS ina bpléitear ceisteanna straitéiseacha a bhaineann leis an bhforbairt iomlán a bheartaítear, lena n-áirítear Breithniú ar Roghanna Eile, Tionchar Carnach agus Idirghníomhaíochtaí Tionchair agus Tionchar Trasteorann. In Aguisíní Imleabhar 3B, tá na hAguisíní a bhaineann le hImleabhar 3B, agus tá roinnt díobh ar an diosca dá dtagraítear in Imleabhar 3B. Cuimsítear an léarscáiliú 1:5,000 don fhorbairt a bheartaítear ar scála A1 i bhFíoracha Imleabhar 3B.	
Pléitear an chuid den tionscadal a bhaineann le Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin in Imleabhar 3C den EIS. Cuirtear breithmheas ar fáil san imleabhar seo ar an bhforbairt a bheartaítear ó limistéar trasnaithe na teorann a bheartaítear ag láithreacha idir baile fearainn Doohat nó Crossreagh, agus baile fearainn na Croise Báine, Contae Ard Mhacha, agus baile fearainn na Léime Giorra, Contae Mhuineacháin go baile fearainn Clonturkan, Contae an Chabháin.	Pléitear an chuid den tionscadal a bhaineann le Limistéar Staidéir na Mí in Imleabhar 3D den EIS. Cuirtear breithmheas ar fáil san imleabhar seo ar an bhforbairt a bheartaítear ó bhaile fearainn Clonturkan, Contae an Chabháin, go Fostáisiún Fhearann na Coille i gContae na Mí atá ann cheana.
In Aguisíní Imleabhar 3C , tá na hAguisíní a bhaineann le hImleabhar 3C.	In Aguisíní Imleabhar 3D , tá na hAguisíní a bhaineann le hImleabhar 3D.
I bh Fíoracha Imleabhar 3C , tá na Fíoracha a bhaineann le hImleabhar 3C.	In Imleabhar 3D den EIS , tá na Fíoracha a bhaineann le hImleabhar 3D.

- 6 Is é atá san imleabhar seo den Ráiteas Tionchair Timpeallachta (**Imleabhar 3A**) achoimre neamhtheicniúil ar **Imleabhair 3B, 3C** agus **3D** a comhlánaíodh de réir na bhforálacha ábhartha i dTreoir chódaithe an EIA 2011/92/AE, san *Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000* (arna leasú), agus sna *Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001* (arna leasú). Rinneadh an Ráiteas Tionchair Timpeallachta freisin ag féachaint do na cáipéisí seo a leanas, i measc nithe eile:

- An Coimisiún Eorpach: *Guidelines for the Assessment of Indirect and Cumulative Impacts as well as Impact Interactions (Treoirlínte maidir le Tionchair Indíreacha agus Charnacha chomh maith le hIdirghníomhaíochtaí Tionchair a Mheasúnú)* (Bealtaine

1999); *Guidance on EIA Screening (Treoir maidir le Scagadh an EIA)* (Meitheamh 2001); *Guidance on EIA Scoping (Treoir maidir le Scópáil an EIA)* (Meitheamh 2001); *Guidance on the Application of the Environmental Impact Assessment Procedure for Large-scale Transboundary Projects (Treoir maidir le Feidhmiú an Nóis Imeachta um Measúnacht Tionchair Timpeallachta do Thionscadail Mhórsála Trasteorann)* (Bealtaine 2013); agus *Guidance on Integrating Climate Change and Biodiversity into Environmental Impact Assessment (Treoir maidir leis an Athrú Aeráide agus leis an mBithéagsúlacht a Chomhtháthú i Measúnacht Tionchair Timpeallachta)* (Aibreán 2013).

- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA): *Guidelines on the Information to be Contained in Environmental Impact Statements (Treoirlínte maidir leis an bhFaisnéis a Chuimseofar i Ráitis Tionchair Timpeallachta)* (Márta 2002), *Advice Notes on Current Practice (in the preparation of Environmental Impact Statements) (Nótaí Faisnéise faoin gCleachtas Reatha a Leantar [i dtaca le cur le chéile Ráiteas Tionchair Timpeallachta])* (Meán Fómhair 2003) agus, go háirithe, na treoirlínte a tugadh le haghaidh thionscadail Chineál 20 a leagtar amach sa cháipéis sin.
- An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, *Guidelines for Planning Authorities and An Bord Pleanála on Carrying out Environmental Impact Assessment (Treoirlínte d'Údaráis Phleanála agus don Bhord Pleanála maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta a Dhéanamh)* (Márta 2013).
- Tuairim Scópála faoin bhfaisnéis a chuimseofar sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta, arna hullmhú ag an mBord Pleanála (Nollaig 2013).

- 7 Leagtar an Achoimre Neamhtheicniúil amach i bhformáid atá cosúil le formáid an phríomh-Ráitis Tionchair Timpeallachta i.e. cuirtear síos ar an bhforbairt a bheartaítear, ar an staid faoi láthair, ar thionchar na forbartha a bheartaítear agus ar bhearta maolaithe a bheartaítear. Ina leith sin, tugtar faoi deara go gcuirtear an mheasúnacht timpeallachta i láthair mar achoimre de réir ábhair ina bpléitear le **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin** agus le **Limistéar Staidéir na Mí** araon.

1.2 CEANGLAS MAIDIR LE MEASÚNACHT TIONCHAIR TIMPEALLACHTA, LE MEASÚNACHT OIRIÚNACHTA AGUS LE TIONCHAR TRASTEORANN

- 8 Ag féachaint d'fhorálacha Threoir chódaithe an EIA 2011/92/AE, d'fhorálacha Threoir 92/43/CEE (an Treoir maidir le Gnáthóga) agus d'fhorálacha ábhartha an *Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000* (arna leasú), agus na *Rialachán um Pleanáil agus Forbairt, 2001* (arna leasú), meastar go dteastaíonn Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus Measúnú Oiriúnachta leis an údarás inniúil (an Bord Pleanála, sa chás seo) don forbairt a bheartaítear. Sa chomhthéacs sin, éilítear Ráiteas Tionchair Timpeallachta agus Ráiteas Tionchair Natura

araon a chur isteach (agus cuireadh iad isteach) i dteannta an iarratais ar fhormheas pleanála leis an mBord. Cuimsíonn an Ráiteas Tionchair Timpeallachta **Imleabhar 3** agus cuimsíonn Ráiteas Tionchair Natura **Imleabhar 5** de na cáipéisí iarratais.

- 9 Is tionscadal trasteorann idir Éire agus Tuaisceart Éireann é an t-idirnascaire a bheartaítear. Dá réir sin, is ábhartha iad tionchar trasteorann féideartha an tionscadail agus na bearta atá beartaithe chun an tionchar sin a laghdú nó a dhíothú. Agus an Ráiteas Tionchair Timpeallachta á ullmhú agus á chur isteach, tugadh aird ar an tionchar trasteorann suntasach (agus carnach) ar dóigh dó a bheith i gceist leis an bhforbairt a bheartaítear, agus rinne EirGrid agus Northern Ireland Electricity (Leictreachas Thuaisceart Éireann) breithmheas ar an tionscadal idirnasctha iomlán agus ar a thionchar a chur le chéile. Féach an *Chomhthuarascáil Chomhshaoil* (**Imleabhar 4** de na cáipéisí iarratais).
- 10 Cé go mbíonn brí na dtéarmaí ‘Measúnacht Tionchair Timpeallachta’ agus ‘Ráiteas Tionchair Timpeallachta’ (agus, go pointe níos lú, na téarmaí ‘Measúnacht Oiriúnachta’ agus ‘Ráiteas Tionchair Natura’) fite fuaite ina chéile go minic, ba cheart a thuiscint gur próisis leanúnacha measúnaithe a bhíonn atriallach agus rannpháirteach agus a dhéanann an t-údarás inniúil iad an Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus an Mheasúnacht Oiriúnachta araon, agus is éard atá i Ráiteas Tionchair Timpeallachta agus i Ráiteas Tionchair Natura ná cáipéisí a ullmhaíonn an forbróir agus a chuirtear isteach chuig an údarás inniúil, agus a shocraíonn comhthéacs áirithe inar féidir leis an údarás inniúil próiseas na Measúnachta Tionchair Timpeallachta agus an Mheasúnaithe Oiriúnachta a chur i gcrích. Ina theannta sin, beidh aighneachtaí agus tuairimí a rinne na páirtithe eile uile don Bhord Pleanála i ndáil leis an bhforbairt a bheartaítear ina gcuid freisin den Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta agus den Mheasúnú Oiriúnachta a dhéantar mar chuid de phróiseas cinnteoireachta deiridh an Bhoird.

1.3 DEACRACHTAÍ A THÁINIG ANÍOS AGUS AN EIS Á ULLMHÚ

- 11 I roinnt mhaith cásanna, dhiúltaigh úinéirí talún nó áititheoirí cead isteach a thabhairt do phearsanra a bhí ag iarraidh tabhairt faoi obair theicniúil nó obair suirbhéireachta comhshaoil a bhaineann leis an bhforbairt a bheartaítear, lena n-áirítear ullmhú an Ráitis Tionchair Timpeallachta. Cé gur fearr i gcónaí go dtugtar cead isteach chuig an láithreán forbartha iomlán chun críocha an mheasúnaithe comhshaoil, níorbh fhéidir é sin a fháil i gcás an-chuid d’ailíniú na forbartha a bheartaítear. Mar sin féin, chinntigh an cur chuige a ghlac EirGrid agus a fhoireann tionscadail gur ullmhaíodh Ráiteas Tionchair Timpeallachta atá leordhóthanach agus láidir i ndáil leis an bhforbairt a bheartaítear. Is é a bhí i gceist leis an gcur chuige sin: socrú bealaigh an ailínithe – a sheachain príomhghabhdóirí íogaire; láithreánú na struchtúr a bheartaítear – agus an mhodheolaíocht tógála a úsáidfear; agus raon na n-uirlisí malartacha agus comhlántacha chun an fhaisnéis riachtanach faoin timpeallacht ghlactha bhonnlíne a fháil – go háirithe an úsáid a baineadh as aer-ghrianghrafadóireacht, as íomhánna LiDAR

(teicneolaíocht chianbhraiteach a bhaineann úsáid as scanadh léasair chun sonraí airde agus ingearchló a bhailiú), as suirbhé ionaid chun faire agus as suirbhé sínte éiceolaíochta.

1.4 SCÓPÁIL AN EIS

- 12 Tá scópáil ina cuid lárnach d'ullmhú an Ráitis Tionchair Timpeallachta. Baineann an próiseas scópála le tionchair fhéideartha an tionscadail a mheasúnú, na roghanna eile atá ar fáil a bhreathnú agus cinneadh a dhéanamh faoi céard iad na tionchair ar dhócha go dtarlódh siad agus ar dhócha iad a bheith tábhachtach bunaithe ar an bhforbairt a bheartaítear.
- 13 Rinne EirGrid scópáil ar ábhar an Ráitis Tionchair Timpeallachta go neamhfhoirmiúil trí chomhairliúcháin agus trí dhíospóireachtaí réamhiarratais leis an mBord agus trí aiseolas eile a fuarthas ó údarais áitiúla agus fhorordaithe agus ó pháirtithe leasmhara eile (lena n-áirítear an pobal lena mbaineann).
- 14 I mí Lúnasa 2013, d'iarr EirGrid ar an mBord tuairim scópála (i scríbhinn) a chur ar fáil maidir leis an bhforbairt a bheartaítear. Chuaigh an Bord i gcomhairle le páirtithe éagsúla, lena n-áiríodh na húdaráis fhorordaithe agus áitiúla (gníomhaireachtaí reachtúla áirithe i dTuaisceart Éireann ina measc), sular chuir sé a thuairim scópála ar fáil an 11 Nollaig 2013. Deimhníodh sa tuairim scópála na saincheistanna a sainathnódh le linn an phróisis scópála neamhfhoirmiúla a rinne EirGrid.
- 15 I dtaca leis an Achoimre Neamhtheicniúil, sonraíonn tuairim scópála an Bhoird:

“Ba cheart ráiteas oibiachtúil faoi thionchar timpeallachta na forbartha a bheith san achoimre agus ba cheart tagairt do gach tionchar suntasach agus do gach beart maolaithe istigh ann. Ba cheart go dtabharfadh an cur síos ar an bhforbairt a chuimseofar san achoimre neamhtheicniúil míniú soiléir agus gan athbhrí ar na tograí maidir lena gcineál, lena scála agus lena méid d’fhonn ligean don phobal an próiseas EIA a thuiscint agus aighneachtaí a dhéanamh i ndáil leis an bhforbairt.”

[aistriúchán neamhoifigiúil]
- 16 Deimhnítear gur cuireadh Achoimre Neamhtheicniúil le chéile, agus aird á tabhairt ar thuairim scópála an Bhoird agus go háirithe ar an bhfaisnéis a mhionsonraítear thuas. Tugtar míniú soiléir agus gan athbhrí ar an gcur síos ar an bhforbairt, ar thionchar comhshaoil dóchúil na forbartha agus ar gach tionchar suntasach agus beart maolaithe d’fhonn ligean don phobal an próiseas measúnaithe comhshaoil a thuiscint agus aighneachtaí a dhéanamh i ndáil leis an bhforbairt.

2 CINEÁL NA FORBARTHA A BHEARTAÍTEAR AGUS AN GÁ ATÁ LÉI

2.1 RÉAMHRÁ

- 1 Beidh an t-idirnascaire a bheartaítear ar an dara hidirnascaire leictreachais ardchumais idir Éire agus Tuaisceart Éireann. Tá an t-idirnascaire reatha ina líne lasnairde lena mbaineann ciorcad dúbailte 275 kV a nascann na fostáisiúin atá ann cheana i dTóin Re Gaoith agus i Lú le chéile. Tá sé beartaithe go dtrasnóidh an t-idirnascaire a bheartaítear, Contae Thír Eoghain, Contae Ard Mhacha, Contae Mhuineacháin, Contae an Chabháin agus Contae na Mí.
- 2 Mar gheall ar a láthair in dhá dhlínse, is é atá san idirnascaire a bheartaítear ná dhá thionscadal ghaolmhara agus chomhlántacha, mar seo a leanas:
 - 1) Forbairt atá á beartú ag Northern Ireland Electricity (*Leictreachas Thuaisceart Éireann*) le haghaidh na coda sin den tionscadal idirnasctha iomlán atá suite i dTuaisceart Éireann; agus
 - 2) Forbairt atá á beartú ag EirGrid le haghaidh na coda sin den tionscadal idirnasctha iomlán atá suite in Éirinn (i.e. i gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin agus i gContae na Mí), arb é ábhar an iarratais seo ar fhormheas pleanála arna chur isteach chuig an mBord Pleanála. Is é ‘an Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV’ teideal an iarratais agus tagraítear dó mar ‘an fhorbairt a bheartaítear’ chun críche an Ráitis Tionchair Timpeallachta seo.

2.1.1 Forbairt Northern Ireland Electricity (*Leictreachas Thuaisceart Éireann*) a Bheartaítear

Iarratas ar Idirnascaire Thír Eoghain-an Chabháin (2009-an lá inniu)

- 3 I mí na Nollag 2009, chuir Northern Ireland Electricity (*Leictreachas Thuaisceart Éireann*) (NIE) iarratas isteach don chuid sin den tionscadal idirnasctha atá suite i dTuaisceart Éireann, ar a dtugtar ‘Idirnascaire Thír Eoghain-an Chabháin’ (Tag. O/2009/0792/F). Cuireadh an t-iarratas sin isteach i dteannta Ráiteas Timpeallachta.
- 4 I mí Lúnasa 2010, chuir Aire Comhshaoil Thuaisceart Éireann iarratas NIE faoi bhráid an Choimisiúin um Achomhairc Phleanála (PAC) le haghaidh fiosrúchán poiblí. Ina dhiaidh sin, iarradh tuilleadh faisnéise maidir leis an iarratas. Chuir NIE aguisíní leis an Ráiteas Timpeallachta isteach i mí Eanáir 2011 agus i mí Dheireadh Fómhair 2011. Cuireadh tús leis an bhfiosrúchán poiblí i mí an Mhárta 2012 agus, amhail dáta an Ráitis Tionchair Timpeallachta seo, tá sé ar atráth. Rinne an Coimisiún um Achomhairc Phleanála roinnt iarratas ag an bhfiosrúchán poiblí ar fhaisnéis bhreise maidir leis an iarratas. Agus an fiosrúchán poiblí á chur

ar atráth, d'iarr an Coimisiún um Achomhairc Phleanála go n-ullmhófaí Ráiteas Timpeallachta comhdhlúite. Dá réir sin, rinne NIE Ráiteas Timpeallachta comhdhlúite a chur isteach i mí an Mheithimh 2013. Chomh maith leis sin, rinne NIE an dara hiarratas ar chead pleanála a chur isteach i mí Aibreáin 2013 le haghaidh oibreacha a bhaineann le tógáil an phríomhbhonneagair faoi iarratas 2009. Déantar measúnú i Ráiteas Timpeallachta 2013 ar thionchar timpeallachta na n-oibreacha príomhbhonneagair faoi iarratas 2009 agus na n-oibreacha gaolmhara faoi iarratas 2013 araon.

5 Déantar cur síos ar ghné Thuaisceart Éireann den idirnascaire a bheartaítear mar seo a leanas in iarratas 2009 a chuir NIE isteach:

- Tógáil agus oibriú fostáisiúin (foinse) nua 275 kV / 400 kV ag baile fearainn Turleenan, soir ó thuaidh ón Maigh, Contae Thír Eoghain;
- Tógáil agus oibriú dhá thúr teirminéil 275 kV chun nascadh Fhostáisiún Turleenan le líne lasnairde 275 kV NIE atá ann cheana agus baint túr 275 kV amháin atá ann cheana a éascú;
- Tógáil agus oibriú líne tharchuir lasnairde 400 kV de chiorcad singil a dtacaíonn 102 túr leis ar feadh fad 34.1 km ón bhfostáisiún foinse (ag Turleenan) go dtí an teorainn mar a nascfaidh sí le gréasán BSL a bheidh ann amach anseo. Leanfar ar aghaidh leis an líne lasnairde isteach i bPoblacht na hÉireann agus cuirfidh EirGrid láithriú na dtúr breise uile laistigh den dlínse sin chun cinn. Mar thoradh ar chineál lúbach na teorann, rachaidh an líne lasnairde thar réimse talún laistigh de bhaile fearainn na Croise Báine i dTuaisceart Éireann ar feadh fad gearr de 0.2 km; agus,
- Áireofar le hoibreacha gaolmhara leibhéaladh suímh, oibreacha chun an suíomh a réiteach, mionathrú ar phointí rochtana atá ann cheana, pointí rochtana nua a thógáil, lánaí rochtana nua a thógáil, limistéir oibre a thógáil, limistéir sreangaithe, gardáil, fálú teorainn an tsuímh agus oibreacha gaolmhara maolaithe. Cruthú rianta rochtana agus oibreacha gaolmhara eile ag an bhfostáisiún agus ag láithreacha na dtúr.

2.1.2 Forbairt EirGrid a Bheartaítear

Forbairt Idirnasctha 400kV na Mí-Thír Eoghain (2009-2010)

6 I mí na Nollag 2009 freisin, chuir EirGrid iarratas chuig an mBord Pleanála (an Bord) ar thoiliú forbartha don chuid sin den fhorbairt bonneagar tarchuir trasteorann a bheartaítear atá suite i gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin agus i gContae na Mí (Tag. an Bhoird Pleanála VA0006). Ghabh Ráiteas Tionchair Timpeallachta leis an iarratas sin, iarratas ar a dtugtar 'Forbairt Idirnasctha 400 kV na Mí-Thír Eoghain'.

- 7 Le linn na tréimhse ó mhí Eanáir go mí an Mhárta 2010, d'iarr an Bord Pleanála aighneachtaí scríofa ó údarais fhorordaithe shainaitheanta, ó pháirtithe leasmhara eile, ó bhaill den phobal agus ó gach páirtí eile. I mí na Bealtaine 2010, chuir an Bord Pleanála tús le héisteacht ó bhéal maidir leis an bhforbairt a beartaíodh. Rinneadh iarratas EirGrid a tharraingt siar i mí an Mheithimh 2010, áfach. Níor chinn an Bord an t-iarratas roimhe ar fhorpheas pleanála riamh mar sin.

An Próiseas um Athmheasúnú (2010-2013)

- 8 Ó tarraingíodh siar an t-iarratas roimhe ar fhorpheas pleanála, thug EirGrid faoi athmheasúnú cuimsitheach ar an gcuid sin den idirnascaire a bheartaítear in Éirinn.
- 9 Mar chuid den phróiseas athbhreithniúcháin sin, d'fhoilsigh EirGrid *Preliminary Re-evaluation Report (Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe)* i mí na Bealtaine 2011, as ar tháinig sainaitheantú 'Línebhealaigh Tháscaigh' laistigh de 'Chonair Bhealaigh is Dealraithí a Roghnófar'. Rinne EirGrid breithniú ar cáipéisí a eisíodh ó foilsíodh an *Preliminary Re-evaluation Report (Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe)*, a bhaineann leis an bpróiseas iomlán um athmheasúnú. Áirítear leis na cáipéisí sin *Meath-Tyrone Report Review by the International Expert Commission August – November 2011 (Athbhreithniú ar Thuarascáil na Mí-Thír Eoghain ag an Sainchoimisiún Idirnáisiúnta, Lúnasa – Samhain 2011)*, Eanáir 2012; *Government Policy Statement on the Strategic Importance of Transmission and Other Energy Infrastructure (Ráiteas Beartais an Rialtais faoin Tábhacht Straitéiseach a bhaineann le Tarchur agus Bonneagar Eile Fuinnimh)*, Iúil 2012; *Grid25 Implementation Programme 2011-2016 (Clár Forfheidhmithe Grid25, 2011-2016)*, agus an Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta a ghabhann leis, Bealtaine 2012; agus *Project Development and Consultation Roadmap (Treochlár um Fhorbairt Tionscadail agus Chomhairliúcháin)*, 2012, de chuid EirGrid. Is sa *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* a foilsíodh i mí Aibreáin 2013 a leagtar amach conclúidí na gcáipéisí sin, agus conclúidí an aiseolais a fuarthas maidir leis an *Preliminary Re-evaluation Report (Réamhthuarascáil Athmheasúnaithe)*.
- 10 Ag an deireadh den *Final Evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)*, sainithníodh 'Línebhealach Táscach' le haghaidh an chiorcaid tarchuir laistigh de 'Chonair Bhealaigh is Dealraithí a Roghnófar', a bheidh suite i gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin agus i gContae na Mí. Mar sin féin, níor tugadh aon sonraí suntasacha maidir le láthair agus láithreánú an 'Línebhealaigh Tháscaigh' sin sa tuarascáil.
- 11 Ag teacht sna sála ar an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)*, foilsíodh an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)* i mí Iúil 2013, lenar cuireadh sonraí ar fáil maidir leis an 'Rogha Dearadh Líne' le haghaidh na forbartha a bheartaítear. Díorthaíonn an 'Rogha Dearadh Líne' ón 'Línebhealach Táscach' arna shainaitheantú sa *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)*, agus áiríodh leis freisin láithreacha féideartha a shainaitheantú le haghaidh an bhonneagair líne

tharchuir a phleanáiltear agus dearadh an bhonneagair sin, amhail suíomh na dtúr, na cineálacha túr agus sonraí gaolmhara a bhaineann le tógáil (e.g. rianta rochtana sealadacha). Bhí an *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)* faoi réir comhairliúchán poiblí inar dírfódh ar theagmháil le húinéirí talún, go háirithe maidir le sainláithreánú na struchtúr ar thailte. Is é toradh deiridh an phróisis sin ná dearadh líne na forbartha a bheartaítear, arb é ábhar an iarratais seo ar fhormheas pleanála é.

An Fhorbairt Idirnasctha Thuaidh-Theas 400 kV a bheartaítear

12 Cuimsíonn an fhorbairt a bheartaítear an chuid sin den idirnascaire a bheartaítear atá i gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin agus i gContae na Mí. Beidh na gnéithe seo a leanas i gceist san fhorbairt a bheartaítear:

- i. Líne tharchuir lasnairde 400 kV nua de chiorcad singil (a chlúdóidh thart ar 100.5km ar fad i gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin agus i gContae na Mí) a shínfidh ó dheas den chuid is mó ón teorainn dlínse le Tuaisceart Éireann (i mbaile fearainn Doohat nó Crossreagh, Contae Ard Mhacha, agus i mbaile fearainn na Léime Giorra, Contae Mhuineacháin) go baile fearainn Bogganstown (Toghroinn Chúil Mhaoilín), Contae na Mí. Ina theannta sin, trasnaíonn an líne tharchuir a bheartaítear an teorainn dlínse le Tuaisceart Éireann in dhá áit – ó bhaile fearainn na Léime Giorra, Contae Mhuineacháin, isteach i mbaile fearainn na Croise Báine, Contae Ard Mhacha, agus ar ais go baile fearainn na Léime Giorra, Contae Mhuineacháin. Cuimseoidh an líne tharchuir sin 299 struchtúr tacaíochta cruach laitíse nua (atá idir thart ar 26m agus 43m os cionn leibhéal na talún), mar aon leis na seoltóirí, na hinslitheoirí agus an ngaireas eile lena mbaineann.
- ii. Ciorcad 400 kV nua a shínfidh thart ar 2.85km feadh an taoibh thuaidh nach bhfuil á úsáid faoi láthair den líne tharchuir 400 kV atá ann cheana idir an tSeansráid agus Fearann na Coille, a shínfear soir ó bhaile fearainn Bogganstown (Toghroinn Chúil Mhaoilín) a fhad le Fostáisiún Fhearann na Coille de chuid BSL atá ann cheana i mbaile fearainn Fhearann na Coille, Contae na Mí. Na struchtúir thacaíochta cruach laitíse chiorcaid dhúbailte atá feadh na líne sin atá ann cheana, tá siad éagsúil ó thaobh airde de, ó thart ar 52m go 61m os cionn leibhéal na talún.
- iii. Oibreacha gaolmhara ar shuíomh atá thart ar 0.544ha ar achar laistigh d'Fhostáisiún Fhearann na Coille de chuid BSL atá ann cheana agus fórchóngarach dó i mbaile fearainn Fhearann na Coille, Contae na Mí, lena n-áirítear: síneadh an bhábhúin atá ann cheana siar (thart ar 0.231ha), lena n-áirítear mionathruithe gaolmhara ar an gcláif pailise teorann 2.6m ar airde atá ann cheana; trealamh leictreach agus gaireas leictreach a chur leis, lena n-áirítear scoradán ciorcaid, claochladáin srutha, claochladáin phoitéinsil ionduchtacha, dínascáirí poil, lasca dínasctha pantagraif, coscáirí borrrtha, inslitheoirí tacaíochta agus barraí inslitheora tacaíochta (a bheidh idir thart ar 7.4m agus 13.7m ar airde); struchtúir dhroichid (thart ar 28m); aeróg

aonpholach thintrí (thart ar 28m) agus na hoibreacha gaolmhara agus coimhdeacha tógála agus forbartha suímh uile.

- iv. Clós stórála sealadach gaolmhar le haghaidh ábhar tógála a bheidh suite i mbailte fearainn Mhuinilte Dubh agus Mhuinilte Bán, Carraig Mhachaire Rois, Contae Mhuineacháin, ar láithreán atá thart ar 1.42ha ar achar, lena n-áirítear oibreacha gaolmhara suímh, bealach isteach nua chuig an láithreán ar Bhóthar Áitiúil an L4700, agus fálú gaolmhar pailise teorann a bheidh 2.6m ar airde.
- v. An fhorbairt ghaolmhar agus choimhdeach ar fad (lena n-áirítear oibreacha buana agus sealadacha tógála agus tochailte).

- 13 Tugtar tuilleadh faisnéise ar na gnéithe den fhorbairt a bheartaítear i **gCaibidil 4** den Achoimre Neamhtheicniúil seo.

2.1.3 Tionscadal Leasa Choitinn

- 14 Ainmníodh an t-idirnascaire a bheartaítear, a bhfuil an t-iaratas seo ar fhorbairt leanaí ina chuid di, mar Thionscadal Leasa Choitinn (PCI) de bhun Rialachán an Aontais Eorpaigh 347/2013, lena n-éilítear: *“Ba cheart “stádas tosaíochta” ar an leibhéal náisiúnta a thabhairt do thionscadail leasa choitinn chun láimhseáil riaracháin ghasta a áirithiú. Ba cheart go measfadh údaráis inniúla gur chun leasa an phobail iad tionscadail leasa choitinn.”*

2.2 AN GÁ STRAITÉISEACH

2.2.1 An Gá atá leis an bhForbairt a Bheartaítear

- 15 Tá gá leis an dara hidirnascaire de bharr na forbartha riachtanaí ar bhonneagar an ghréasáin tarchuir ardvoltais reatha ar oileán na hÉireann. Mar a luadh thuas, tá an t-idirnascaire a bheartaítear ainmnithe mar Thionscadal Leasa Choitinn ag an gCoimisiún Eorpach. Eochairtionscadail bhonneagair is ea Tionscadail Leasa Choitinn, a chabhróidh le Ballstáit, i measc nithe eile, cur le comhtháthú margaidh agus tuilleadh iomaíochta; daingneacht an tsoláthair a fheabhsú, agus astaíochtaí CO₂ a laghdú. Tá feidhm reachtúil eisiach ag EirGrid, mar Oibreoir Córais Tarchurtha in Éirinn, córas tarchuir leictreachais atá sábháilte, daingean agus éifeachtúil ó thaobh costas de a oibriú, a fhorbairt agus a chinntiú. Mar an gcéanna, tá dualgas reachtúil ar Northern Ireland Electricity (Leictreachas Thuaisceart Éireann) córas tarchuir leictreachais atá éifeachtach, comhordaithe agus barainneach a fhorbairt agus a chothabháil, córas a bhfuil de chumas aige freastal ar éileamh réasúnta ar tharchur leictreachais go fadtéarmach.
- 16 Is é an líne lasnairde lena mbaineann ciorcad dubailte 275 kV (is é sin, dhá chiorcad tarchuir a dtacaítear leo ar thacar aonair struchtúr) atá ann cheana idir Lú agus Tóin Ré Gaoith an príomhbhealach idirnasctha reatha idir gréasáin tarchuir Thuaisceart Éireann agus na hÉireann

atá ann cheana. Tá idirnasc breise ag teastáil, áfach. Toisc go dtacaíonn an t-aon tacar struchtúr amháin leis na ciorcaid idirnasctha 275 kV atá ann cheana, tá fíorbhaol ann go bhféadfaí an dá chiorcad a chur as seirbhís ag an am céanna de dheasca eachtra amháin, mar shampla damáiste tionóisceach do struchtúr túir nó buille tintrí. I gcás dá shamhail, ghearrfaí an t-idirnascadh idir córais tarchuir na hÉireann agus Thuaisceart Éireann go hiomlán. Tugtar “scaradh córais” ar an gcás seo; agus sa chás seo, d’fhillfeadh na córais tarchuir in Éirinn agus i dThuaisceart Éireann ar fheidhmiú go neamhspleách ar a chéile. D’fhéadadh cailleadh lóid i gcóras amháin nó sa dá chóras a bheith ina thoradh air seo, de dheasca nach féidir le haistriú cumhachta agus le comhthacaíocht tarlú. Níor mhór go mbeadh EirGrid agus Northern Ireland Electricity (Leictreachas Thuaisceart Éireann) araon in ann déileáil leis an gcás sin agus leagann sé seo srian ar an aistriú cumhachta ar a bhfuil na córais in ann freastal leis an idirnascadh reatha.

- 17 Tá an riosca a bhaineann le teagmhas den chineál sin do-ghlactha ó thaobh oibríochtaí córas tarchuir de. Mar gheall air sin, forchuireann EirGrid agus Northern Ireland Electricity (Leictreachas Thuaisceart Éireann) srian cumais faoi láthair ar an idirnascaire atá ann cheana – i bhfocail eile, níl an t-idirnascaire atá ann cheana á oibriú ar leibhéal atá gar dá chumas iomlán. Sa chás go gcaillfeadh an t-idirnascaire cumhacht go tobann, mar sin, cinntíonn an srian sin go mbeadh an tionchar ar an ngréasán teoranta do leibhéal is féidir a bhainistiú gan an riosca go dteipfeadh ar cheann amháin de na córais nó ar an dá chóras. Mar thoradh air sin, áfach, cruthaíonn an srian sin ‘scrogall’ suntasach ar an ngréasán tarchuir uile-oileáin, rud a laghdaíonn go mór an scóip a bhíonn ann do mhalartuithe tráchtála leictreachais idir gineadóirí agus soláthraithe i ngach cuid den mhargadh leictreachais uile-oileáin. Chomh maith leis sin, cruthaíonn sé neamhéifeachtúlachtaí agus costais a ghearrtar ar na custaiméirí mar chuid dá bpraghsanna leictreachais.
- 18 Ceist eile atá ag éirí níos tábhachtaí is ea go bhféadfadh easnamh a bheith sa soláthar leictreachais atá ar fáil i dThuaisceart Éireann sna blianta tar éis 2016 mar gheall ar laghduithe pleanáilte amach anseo ar chumas giniúna i dThuaisceart Éireann – is é sin laghdú ar ghiniúint iarbhrí an leictreachais. Sna cúinsí sin, tá baol ann go bhféadfadh an ‘scrogall’ a thuairiscítear thuas difear tromchúiseach a dhéanamh do dhaingneacht an tsoláthair leictreachais i dThuaisceart Éireann.
- 19 Réiteoidh an dara hidirnascaire a bheartaítear na teorainneacha sreafa cumhachta a shonraítear thuas. Mar sin féin, ní mór é a bheith scartha go fisiciúil ón idirnascaire atá ann faoi láthair ionas nach mbeidh ach baol beag ann i dtaca le teip chomhthráthach. Má fheidhmítear an córas tarchuir agus an dá idirnascaire i seirbhís, cuirfear daingneacht soláthair níos fearr ar fáil má theipeann ar cheachtar de na hidirnascairí, ós rud é gur féidir leis an idirnascaire a leanann air i mbun seirbhíse glacadh le sreabhadh breise cumhachta ar an toirt. Ní chuirfear isteach ar fheidhmiú an chórais ná ní chaillfear soláthar na gcustaiméirí dá thairbhe.

2.2.2 Tairbhí na Forbartha a Bheartaítear

- 20 Tá EirGrid sásta gur gá idirnascaire ardchumais leictreachais breise idir gréasáin leictreachais na hÉireann agus Thuaisceart Éireann a fhorbairt d'fhonn oibleagáidí na dtreoirínte náisiúnta agus threoirínte an Aontais Eorpaigh maidir le beartas fuinnimh a chomhlíonadh agus a chur i bhfeidhm.
- 21 Is iomaí tairbhe shuntasach a shonraítear mar thoradh ar bhaint na srianta atá ar aistrithe sreafa cumhachta faoi láthair idir an dá chóras leictreachais ar oileán na hÉireann. Tá an méid seo a leanas i measc na dtairbhí sin:
- **Iomaíocht a fheabhsú trí na srianta ar fheidhmiú éifeachtúil an mhargaidh aonair leictreachais uile-oileáin a laghdú.** Is srian suntasach ar Mhargadh Aonair Leictreachais éifeachtach a chinntiú é an brath reatha ar idirnascaire singil (i.e. trádáil trasteorann sa leictreachas a chur chun cinn ar mhaithe leis na tomhaltóirí go léir ar oileán na hÉireann).
 - **Daingneacht an tsoláthair a fheabhsú trí nasc iontaofa ardchumais a chur ar fáil idir an dá chuid den chóras tarchuir uile-oileáin.** Tá córais tarchuir na hÉireann agus Thuaisceart Éireann sách beag agus scoite agus níl ach leibhéal íseal idirnasctha le córais eile acu. Tá an fhorbairt a bheartaítear ag teastáil chun daingneacht an tsoláthair a choimeád ar bun sa dá dhlínse.
 - **Tacú le forbairt ar ghiniúint cumhachta in-athnuaite trí mhalairt sholúbtha na sreafaí cumhachta thar chuid mhór den oileán a fheabhsú.** Príomhshrian amháin ar an bhforbairt phraiticiúil ar ghiniúint ghaoth-thiomáinte ar oileán na hÉireann is ea cumas na gcóras tarchuir reatha glacadh leis an saghas sin giniúint cumhachta agus bainistíocht a dhéanamh air. Cabhróidh an dara hidirnascaire le cinntiú go bhfuil an cumas bonneagair agus an cumas teicniúil ag an ngréasán tarchuir leictreachais uile-oileáin chun glacadh ábhar in-athnuaite a bhainistiú go sábháilte agus go daingean suas go dtí an bhliain 2020.
 - **Limistéar Thoir Thuaidh na hÉireann a Atreisiú.** Cé nach bhfuil an gá le réigiún thoir thuaidh a atreisiú ar chúiseanna a bhaineann le daingneacht an tsoláthair ina thoisc spreagtha láithreach a thuilleadh le haghaidh sheachadadh an idirnascaire a bheartaítear (ós rud é go meastar anois nach mbeidh an t-atreisiú sin ag teastáil go ceann deich mbliana ar a laghad), dá gcuirfí an t-idirnascaire i mbun oibriúcháin go luath, d'atreiseofaí an ceantar mar thoradh ar chiorcad breise ardchumais sa réigiún, rud a laghdódh sreafaí ar na ciorcaid atá ann faoi láthair.

3 NA PRÍOMHROGHANNA EILE A NDEARNADH BREITHNIÚ ORTHU

3.1 ROGHANNA EILE TARCHUIR AGUS TEICNEOLAÍOCHTA

- 1 Rinne EirGrid agus Northern Ireland Electricity (Leictreachas Thuaisceart Éireann) breithniú ar na príomhroghanna eile tarchuir agus teicneolaíochta don idirnascaire a bheartaítear agus fuair an breithniú sin eolas ó roinnt staidéar agus tuarascálacha ina ndearnadh measúnacht ar roghanna féideartha tarchuir go sonrach don idirnascaire a bheartaítear.
- 2 Is iad seo a leanas cuspóirí agus / nó critéir deartha an tionscadail don fhorbairt a bheartaítear, gan féachaint don rogha eile teicneolaíochta ar leith a úsáidfear:
 - a) Gach caighdeán cuí sábháilteachta a chomhlíonadh;
 - b) Gach caighdeán a bhaineann le hiontaofacht agus le daingneacht an chórais a chomhlíonadh;
 - c) Réiteach atá inghlactha ó thaobh cúrsaí comhshaoil de agus atá éifeachtúil ó thaobh costais de a chur ar fáil;
 - d) Cumas iompair cumhachta de thart ar 1,500 MW a bheith ann agus nascadh idir pointí láidre cuí sna gréasáin tarchuir ó thuaidh agus ó dheas den teorainn;
 - e) Atreisiú amach anseo an ghréasáin áitiúil tarchuir a éascú sa réigiún thoir thuaidh;
 - f) Naisc eangaí agus atreisiú eangaí sa todhchaí a éascú; agus
 - g) Dea-chleachtas fónais nó ‘dea-chleachtas idirnáisiúnta’ a chomhlíonadh.

3.1.1 Teicneolaíocht Sruth Dhíreach Ardvoltais (HVDC) agus Sruth Ailtéarnach Ardvoltais (HVAC)

- 3 Is córas Sruth Ailtéarnach Ardvoltais (HVAC nó córas AC) é an córas tarchuir leictreachais atá ann cheana in Éirinn. Dá bhrí sin, tá aon tionscadal nua tarchuir a bhaineann leas as teicneolaíocht HVAC ina leathnú ar an teicneolaíocht atá ann cheana agus rachadh sé isteach gan uaim sa ghréasán tarchuir comhchuibhithe atá ann cheana ar oileán na hÉireann.
- 4 Is é atá i Sruth Díreach Ardvoltais (HVDC nó DC) ná modh eile chun leictreachas a tharchur. Baintear úsáid as teicneolaíocht HVDC de ghnáth chun bulc-chumhacht a aistriú ó áit amháin go háit eile feadh achair fhada sa chás nach bhfuil teicneolaíocht HVAC indéanta ó thaobh cúrsaí teicniúla nó cúrsaí comhshaoil de (e.g. cábla fomhuirí fada ardchumais [> 50 km]), mar a

úsáidtear le haghaidh an Idirnascaire Thoir-Thiar idir Deeside i dtuaisceart na Breataine Bige agus Fearann na Coille, Contae na Mí in Éirinn.

- 5 Dá gcuirfí ciorcad HVDC idir aon dá phointe i ngréasán HVAC, bheadh gá le leictreachas HVAC a thiontú ina leictreachas HVDC ag foirceann amháin agus é a tharchur trí chábla nó trí líne lasnairde chuig an bhfoirceann eile, áit a dtiontófaí an leictreachas ar ais go sruth ailtéarnach (AC) ó shruth díreach (DC), agus ansin tharchuirfí ar ais sa ghréasán HVAC é. Tá sé sin neamhéifeachtúil (ach amháin sa chás gur ciorcad HVDC an-fhada atá ann) agus costasach (mar gheall ar an ngá atá le stáisiúin tiontaire), ach tá sé indéanta ó thaobh cúrsaí teicniúla de.
- 6 Ina gcóimheasúnú comparáideach ar HVDC mar rogha ar HVAC, tháinig EirGrid agus Northern Ireland Electricity (Leictreachas Thuaisceart Éireann) ar an gconclúid nach rogha chuí ná inghlactha aon rogha a bhaineann úsáid as teicneolaíocht DC i gcomhair chineál agus chuspóir beartaithe an idirnascaire a bheartaítear. Go háirithe, ní dhéanfaidh teicneolaíocht DC forbairt an ghréasáin tarchuir amach anseo a éascú chomh maith agus a dhéanfaidh aon rogha AC; ina theannta sin, baineann riosca suntasach, ó thaobh dhaingneacht agus chobhsaíocht an chórais de, leis an ngá a bheadh le córais chasta shainiúla rialaithe a thabhairt isteach i gcuid lena mbaineann tábhacht straitéiseach den ghréasán tarchuir uile-oileáin. De bhreis ar na srianta teicniúla suntasacha sin, bheadh gach rogha DC (cábla faoin talamh agus líne lasnairde) i bhfad ní ba chostasáí. Ar na cúiseanna sin, is réiteach caighdeánach AC é an t-idirnascaire a bheartaítear, lena n-áirítear forbairt EirGrid a bheartaítear.

3.1.2 Líne Lasnairde agus Cábla faoin Talamh AC

- 7 Ag 400 kV, is é an gnás go n-úsáideann teicneolaíocht líne lasnairde túir chruach laitíse chun tacú leis na seoltóirí leictreachais ardvoltais. Is é atá i gceist le teicneolaíocht choibhéiseach cábla faoin talamh ná cáblaí inslithe speisialaithe a shuiteáil faoin talamh.
- 8 Baineann ardleibhéal iontaofachta le líne lasnairde agus déantar formhór na lochtanna a aimsiú go héasca agus a dheisiú go tapa; is teicneolaíocht sholúbtha í is féidir a chur in oiriúint do chineálacha éagsúla topagrafaíochta; imríonn sí tionchar fisiceach sách íseal ar an talamh a thrasnaíonn sí (teoranta do na láithreacha túir agus don talamh laistigh de chonair na líne lasnairde); agus meastar go bhfuil sí an-éifeachtúil ó thaobh costais de i gcomparáid le córas faoin talamh lena ngabhann próiseas níos casta tógála agus deartha. Léiríonn teicneolaíocht líne lasnairde le haghaidh gréasáin tarchuir AC 400 kV an dea-chleachtas idirnáisiúnta reatha agus is í sin an teicneolaíocht a úsáideadh go dtí seo chun an gréasán tarchuir in Éirinn, agus go deimhin san Eoraip agus go hidirnáisiúnta, a fhorbairt.

- 9 I gcomparáid leis sin, deimhníonn taithí idirnáisiúnta gur fadhb í iontaofacht i gcás an chábla faoin talamh. I gcás cáblaí faoin talamh, d'fhéadfadh go mbeadh bristeacha fada gan choinne sa chiorcad sa ghearrthearma. San fhadtearma, is é an t-ionchas ná nach mbíonn cábla faoin talamh chomh hiontaofa is a bhí, de réir mar a théann sé in aois. Maidir le cábla faoin talamh a úsáid le haghaidh tarchur HVAC – rud a chiallaíonn go bhfuil sé ábalta lucht leictreachais a bhailiú agus a choinneáil – gabhann deacrachtaí deartha agus oibriúcháin le hardtoilleas an chábla. Mar thoradh air sin, is amhlaidh nach bhfuil aon chábla HVAC 400 kV faoin talamh ar domhan atá chomh fada leis an bhfad atá ag teastáil don fhorbairt a bheartaítear ar bhealach ar bith.
- 10 Ar cheann de na príomhbhuntaistí a bhaineann le cáblaí faoin talamh a shuiteáil tá nach mbeidh an oiread sin tionchar amhairc ag gabháil leis i gcomparáid leis an rogha líne lasnairde. Má shuiteáiltear cáblaí atá leagtha faoin talamh, áfach, tiocfaidh ceisteanna eile comhshaoil chun cinn a bhaineann go sonrach leis an teicneolaíocht sin, e.g. an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann ar an tseandálaíocht de bharr oibreacha tochailte agus caillteanas buan gnáthóige de bharr baint fála sceach. Ina theannta sin, clúdaíonn cáblaí atá leagtha faoin talamh méid suntasach talún agus cuireann siad srian ar aon struchtúir eile a thógáil feadh bhealach an chábla (mar gheall ar an mbaol go ndéanfar damáiste dóibh le linn tógála agus mar gheall go gcuireann siad cosc ar rochtain ar chábla, más gá).
- 11 Go deimhin, mar gheall ar an gcostas níos airde atá orthu agus ar an infhaighteacht seirbhíse níos ísle a bhaineann leo, ní úsáidtear cábla faoin talamh de ghnáth ach amháin i gceantair uirbeacha nó in áiteanna ar aithníodh srian ann a fhágann nach féidir rud ar bith eile ach cábla faoin talamh a úsáid.
- 12 Agus aird á tabhairt ar a bhfuil thuas, tháinig EirGrid ar na conclúidí seo a leanas ina bhreithniú cúramach agus mionsonraithe ar réitigh theicneolaíochta eile le haghaidh na forbartha a bheartaítear:
- Is é líne lasnairde AC 400 kV an réiteach teicniúil is fearr don fhorbairt a bheartaítear.
 - Níl rogha AC atá leagtha go hiomlán faoin talamh ina réiteach inghlactha do chineál, do chuspóir ná do mhéid an tionscadail seo ar chúiseanna teicniúla. De réir dhualgais reachtúla EirGrid chun eangach dhaingean agus iontaofa a chinntiú, níl sé indéanta cáblaí fada faoin talamh AC 400 kV a úsáid ar chóras tarchuir na hÉireann.
 - Ag 400 kV, bheadh líne lasnairde i bhfad ní ba shaoire ná aon rogha eile cábla faoin talamh.
 - Níor chóir breithniú a dhéanamh ar stráicí gearra cábla faoin talamh a úsáid ach amháin i gcás nach féidir teacht ar réiteach líne lasnairde, agus nuair is féidir a

dheimhniú nach sáróidh úsáid cábla faoin talamh cumas an chórais a bheith ag plé lena leithéidí de cháblaí.

3.1.3 Páirt-Leagan faoin Talamh

- 13 Is é is 'páirtleagan faoin talamh' ann ná an téarma a úsáidtear chun cur síos ar chuid bheag, nó codanna beaga, de chiorcad tarchuir fada atá comhdhéanta den chuid is mó de líne lasnairde a leagan faoin talamh. Cleachtas coitianta in Éirinn agus go hidirnáisiúnta faoi láthair is ea páirtleagan faoin talamh a dhéanamh ar chiorcaid tarchuir ísealvoltais 110 kV. Níl aon samplaí de pháirtleagan faoin talamh ar leibhéal 400 kV in Éirinn; ach tá an iliomad samplaí de in áiteanna eile san Eoraip. Tá sé indéanta ó thaobh cúrsaí teicniúla de, mar sin, ciorcaid AC 400 kV a pháirtleagan faoin talamh.
- 14 Mar chuid den iarratas roimhe ar cheadú, d'aithin EirGrid cuid ghearr den chiorcad foriomlán a beartaíodh inar measadh go raibh cábla faoin talamh ar an rogha ab oiriúnaí ann. Bhí an chuid ghearr sin de chábla faoin talamh le bheith go hiomlán suite i gcomhchríoch Fhostáisiún Fhearann na Coille. Le linn an athbhreithnithe ina dhiaidh sin agus na Céime inar Dearbhaíodh an Dearadh don iarratas seo ar cheadú, chinn EirGrid athrú a dhéanamh ar an bpointe nasctha ag Fostáisiún Fhearann na Coille don chiorcad nua 400 kV a bheartaítear chun deireadh a chur leis an ngá atá leis an gcuid ghearr sin de chábla faoin talamh 400 kV. Dá bhrí sin, níl cuid mar sin de chábla faoin talamh i gcomhchríoch Fhostáisiún Fhearann na Coille mar chuid den iarratas seo ar chead forbartha.

3.1.3.1 Breithniú a Dhéanamh ar Pháirt-Leagan faoin Talamh don Fhorbairt seo

- 15 Agus breithniú á dhéanamh ar pháirtleagan faoin talamh do thionscadal 400 kV, is gá na himpleachtaí comhshaoil, teicniúla agus costais a bhaineann leis sin a thuiscint. Breithnítear thíos na himpleachtaí seo a bhaineann le páirtleagan faoin talamh.
- 16 **Ceisteanna Comhshaoil:** Mar gheall ar mhéid na gcáblaí faoin talamh AC (UGCanna) a bheadh ag teastáil don fhorbairt a bheartaítear, ní bheifí in ann iad a shuiteáil faoi bhun bóithre poiblí ná iarnróid as úsáid, toisc nach sách leathan atá na bóithre agus na hiarnróid sin. Is é an t-aon rogha phraiticiúil amháin a bheadh ann ná na cáblaí a shuiteáil go díreach trasna talamh feirme. Thiocthadh na nithe seo a leanas, i measc nithe eile, as an rogha sin: bheadh tuilleadh cur isteach ar an bhfeirmeoireacht agus ar ghníomhaíochtaí eile le linn chéim na tógála; d'éileodh sí sraith thógála a ghearradh trí gach fál sceach ar an mbealach (rud a d'fhágfadh bearna bhuan); chuirfeadh sí srian le cumas forbartha (toisc nach bhféadfaí aon fhoirgnimh a cheadú lena dtógáil laistigh de chomarclann cábla faoin talamh); agus bheadh gá le fostáisiún ag gach suíomh ina n-athraíonn an ciorcad 400 kV ó líne lasnairde ina chábla faoin talamh (ar a dtugtar 'stáisiún aistrithe'), rud óna dteastódh tógáil talún bhreise de thart ar leath-heicteár in aghaidh an stáisiúin aistrithe. Bheadh dhá stáisiún aistrithe ag teastáil ó aon pháirtleagan faoin talamh a dhéantar ar an gciorcad – stáisiún amháin ag an dá fhoirceann den chuid faoin talamh

mura bhfuil foirceann amháin ina phríomh-fhostáisiún teirminéil. Tá na stáisiúin aistrithe féin cuibheasach mór agus, dá bhrí sin, is gnéithe os cionn na talún iad atá suntasach ó thaobh amhairc de.

- 17 **Ceisteanna Teicniúla:** Má chuirtear cuid de chábla faoin talamh isteach i gciorcad líne lasnaide, beidh tionchar diúltach ar fheidhmíocht iontaofachta an chiorcaid fhoriomláin. Mar thoradh air sin, leag roinnt oibreoirí córais tarchurtha i dtíortha eile síos an stráice is faide de chábla faoin talamh is ceadaithe a shuiteáil ar a gcuid córas tarchuir; mar shampla, is é an stráice is faide de chábla faoin talamh aonair 400 kV atá ceadaithe san Ísiltír ná 20 km; is é an cábla faoin talamh 400 kV is faide san Eoraip ná cábla 20 km atá suiteáilte i dtollán aerchóirithe i Londain. Tá an córas tarchuir ar oileán na hÉireann i bhfad níos lú agus níos iargúlta ná an ceann sin ar oileán na Breataine Móire agus ceann ar bith ar mhórchríoch na hEorpa, fiú, agus, dá bharr sin, ní féidir leis freastal ach ar stráicí níos giorra de cháblaí faoin talamh 400 kV i gcomparáid le tíortha níos mó. Tar éis breithniú cúramach a dhéanamh ar pháirtleagan faoin talamh, agus bunaithe ar mhéid agus ar chumraíocht ghréasán na hÉireann i láthair na huaire, measann EirGrid gurb é an stráice is faide de chábla faoin talamh 400 kV a d'fhéadfaí, ó thaobh cúrsaí teicniúla de, a shuiteáil mar chuid den fhorbairt a bheartaítear (lena n-áirítear an chuid sin den idirnascaire atá suite i dTuaisceart Éireann) ná thart ar 10 km, is cuma cé acu atá sé suiteáilte i stráice leanúnach amháin nó i roinnt stráicí gearra éagsúla.
- 18 **Ceisteanna Costais:** Chosnódh sé ar an meán €5.4 milliún ní ba mhó in aghaidh an chiliméadair UGC AC 400 kV a shuiteáil i gcomparáid leis an OHL AC a bheartaítear. Ina theannta sin, ós rud é go mbeadh gá le stáisiún aistrithe amháin ar a laghad, ach go bhféadfadh go mbeadh gá le dhá cheann acu, do gach cuid den chiorcad atá leagtha faoin talamh, ag brath ar fhad na coda faoin talamh (agus, dá bhrí sin, ar na háiseanna atá ag teastáil ag gach críoch), d'fhéadfadh go mbeadh costas breise €5 – €15 mhilliún go neasach in aghaidh na suiteála ag baint leis na stáisiúin aistrithe a theastódh.
- 19 Tríd is tríd, tháinig EirGrid ar an gconclúid go bhfuil páirtleagan faoin talamh indéanta sna cásanna seo a leanas:
- Tá fad an stráice atá le leagan faoin talamh teoranta, ar chúiseanna teicniúla agus oibriúcháin, do níos lú ná thart ar 10 km, bíodh sé i stráice leanúnach amháin nó i roinnt stráicí gearra; agus
 - Is féidir a chruthú go bhfuil an costas a bhaineann leis an stráice gearr (na stráicí gearra) de chábla faoin talamh ina bhealach atá tairbheach agus éifeachtúil ó thaobh costais de chun an srian comhshaoil nó teicniúil a ghabhann leis an líne lasnaide atá roghnaithe a sháru, srian nach féidir a sheachaint ar shlí eile.

- 20 Ina leith sin, níor aithin EirGrid ná Northern Ireland Electricity (Leictreachas Thuaisceart Éireann) aon chuid de bhealach na forbartha a bheartaítear ina mbaineann an oiread suntasachta le tionchar comhshaoil agus / nó tionchar teicniúil na líne lasnairde roghnaithe go meastar gur rogha níos fearr é páirtleagan faoin talamh. Ar bhonn an bhreithnithe sin ar roghanna eile, tá EirGrid agus Northern Ireland Electricity (Leictreachas Thuaisceart Éireann) ag moladh, dá bhrí sin, gur chóir an ciorcad iomlán 400 kV a chur i bhfeidhm trí úsáid a bhaint as líne lasnairde AC 400 kV.

3.1.4 Cúinsí Deartha don Líne Lasnairde

3.1.4.1 Ciorcad Líne Lasnairde 275 kV agus 400 kV

- 21 Agus aird á tabhairt ar an mbreithniú ar roghanna eile thuas maidir le AC / DC agus teicneolaíocht líne lasnairde / chábla faoin talamh, tagtar ar an gconclúid gurb é an t-aon rogha eile theicniúil amháin a sholáthraíonn modh inghlactha inar féidir cuspóirí straitéiseacha an idirnascaire a bheartaítear a bhaint amach ná líne lasnairde AC a bhfuil cumas ainmniúil 1,500 MW aici. Rinneadh breithniú ar an idirnascaire a bheartaítear a thógáil trí úsáid a bhaint as dearadh ciorcaid dhúbailte 275 kV, arb ionann é agus an oibríocht chiorcaid atá i bhfeidhm i dTuaisceart Éireann faoi láthair agus, go deimhin, an t-idirnascaire thuaidh-theas atá ann cheana. Chomhlíonfadh an rogha sin íos-riachtanais theicniúla sa ghearrthéarma. Mar sin féin, ní bhainfeadh rogha den sórt sin aon choigilteas costais amach san fhadtéarma ná le linn a saolré i gcomparáid le rogha ciorcaid shingil 400 kV. Is é a thiocfaidh as an rogha 400 kV ná feidhmíocht voltais níos fearr agus níos lú caillteanas cumhachta. De bhreis air sin, bheadh sé amhlaidh go mbeadh sé riachtanach struchtúir thacaíochta cruach laitíse (féach **Rannán 3.1.4.2**), a mbeadh dearadh níos mó acu, a úsáid le haghaidh rogha an chiorcaid dhúbailte 275 kV, agus bheadh tionchar amhairc agus tionchar eile iarmhartach aici.

3.1.4.2 Struchtúir Thacaíochta na Líne Lasnairde 400 kV


- 22 Agus breithniú á dhéanamh acu ar roghanna eile deartha do struchtúir thacaíochta na líne lasnairde 400 kV, choimisiúnaigh EirGrid agus Northern Ireland Electricity (Leictreachas Thuaisceart Éireann) roinnt staidéar ar mhórán ceisteanna, lena n-áirítear tionchar na forbartha ar áilleacht an tírdhreacha agus ceisteanna teicneolaíochta. Rinneadh measúnú ar raon dearaf éagsúla sna staidéir. Ina measc sin, bhí roinnt struchtúir chruach laitíse, roinnt struchtúir adhmaid agus roinnt struchtúir chruach aeróige aonpholaí. Thángthas ar an gconclúid sna staidéir nach mbeadh struchtúir adhmaid indéanta ó thaobh cúrsaí teicniúla de do línte lasnairde riachtanacha 400 kV mar gheall ar na riachtanais mheicniúla tromlódála agus ar na riachtanais glanspáis leictrigh. Fuarthas amach go raibh dearaf cruach aeróige aonpholaí indéanta ó thaobh cúrsaí teicniúla de agus gur bhain tairbhí áirithe leo i gcomparáid le struchtúir thraidisiúnta chruach laitíse (amhail lorg níos lú a dteastaíonn conair níos tanaí uaidh agus am tógála níos gairide go pointe réasúnta). Mar sin féin, fuarthas amach sna staidéir, agus aird á

tabhairt ar na ceistanna éagsúla comhshaoil agus teicniúla, gur fearr struchtúr cruach laitíse a úsáid do líne lasnairde 400 kV atá suite i dtimpeallacht tuaithe in Éirinn.

- 23 Tar éis dearadh cruach laitíse a aithint mar dhearadh roghnaithe don fhorbairt a bheartaítear, rinneadh breithniú ar dhearaí éagsúla. Mar thoradh air sin, cuireadh ceithre rogha ar aghaidh le haghaidh measúnú comparáideach mionsonraithe. Ba iad na roghanna sin:

- (i) struchtúr clasaiceach nó caighdeánach de chineál 401 (mar a úsáideadh i lár na 1980idí do na línte lasnairde 400 kV atá ann cheana in Éirinn);
- (ii) dearaí nua-aimseartha den chineál 'C-IVI' (IVI);
- (iii) dearadh nua-aimseartha den chineál VVV; agus
- (iv) dearadh nua-aimseartha den chineál deilte aisiompaithe.

- 24 Léirítear na ceithre rogha i bhFíor 3.1.



Fíor 3.1: Léaráidí Imlíneacha de na Túir Chruach Laitíse (níl siad de réir scála)

- 25 Rinne EirGrid comparáid ina dhiaidh sin idir túr coincheapúil aeróige aonpholaí 400 kV agus an túr IVI maidir lena n-úsáid shonrach don fhorbairt seo a bheartaítear. Cé go bhfuil sé indéanta ó thaobh cúrsaí teicniúla de, measadh, de bharr an chomhthéacs tuaithe go mbeadh tuilleadh infheictheachta i gceist mar gheall ar chineál agus ar mhéid na struchtúir aeróige aonpholaí (atá cosúil ó airde méide de le túr IVI) agus mar gheall ar an ngá atá le méadú 25% ar líon na struchtúr chun tacú le meáchan an chiorcaid 400 kV a bheartaítear. Sainaithníodh ceistanna eile tógála, costais agus seachadta freisin.

- 26 Ar bhonn na staidéar a rinneadh, measadh gurb é an túr cruach laitíse ar a dtugtar an túr IVI an dearadh túir a bhainfeadh an oiread is mó de na critéir riachtanacha amach agus a sholáthródh cothromaíocht idir an tionchar tírdhreacha agus amhairc agus na riachtanais theicniúla le haghaidh na líne lasnairde 400 kV a bheartaítear.

3.1.5 Roghanna Bealaigh

- 27 Is féidir cur chuige EirGrid i roghnú an bhealaigh a thuiscint i roinnt céimeanna. Áiríodh sa chur chuige céimnithe sin réamhchéim, ar thug Eangach Náisiúnta BSL (EirGrid mar atá anois) agus Northern Ireland Electricity (Leictreachas Thuaisceart Éireann) faoi, chun an limistéar ginearálta a shainaithint inar cheart an dara hidirnascaire a bheartaítear a bheith lonnaithe. Is é seo a leanas an cur chuige céimnithe a úsáideadh chun an bealach a roghnú:

Céim 1:

- **Limistéar/Limistéir Staidéir Leathan(a) a shainaithint** ar oileán na hÉireann ina bhfuil an fhéidearthacht is fearr chun an t-idirnascaire a bheartaítear a fhorbairt.

Céim 2:

- **Conairí Féideartha a shainaithint**, agus rogha conaire a shainaithint (lena n-áirítear bealach indéanta táscach a shainaithint laistigh de gach conair), laistigh den limistéar staidéir sainaitheanta.
- **Rogha Conaire Bealaigh a shainaithint** (de leithead táscach, ar mhaithe le comparáid, de thart ar 1 km ar leithead) i ndiaidh measúnú cáilíochtúil ar na conairí bealaigh féideartha a sainaitheodh.

Céim 3:

- **Rogha Dearadh Líne a shainaithint**– ‘Bealach Líne Táscach’ laistigh den ‘Rogha Conaire Bealaigh’ shainaitheanta, a bheadh mar bhunús don dearadh líne suíomhoiriúnaithe deiridh (i.e. an fhorbairt a bheartaítear arb é ábhar an iarratais seo é).

3.1.5.1 Céim 1: Limistéar/Limistéir Staidéir Leathan(a) a Shainaithint don Idirnascaire a Bheartaítear

- 28 Áiríodh i gCéim 1 ‘Limistéar Staidéir Leathan’ a shainaithint ina bhféadfaí an t-idirnascaire a bheartaítear a chur. Ag deireadh na staidéar, sainaitheodh ciorcad nua idir Drumkee agus Dún an Rí (a sainaitheodh mar Rogha 4[b]) mar an rogha limistéar staidéir leathan ina gcuirfí an t-idirnascaire a bheartaítear.


- 29 Ar leithligh (ach go comhthráthach) ón bpróiseas chun ailíniú an dara hidirnascaire thuaidh-theas a aithint, thug Eangach Náisiúnta BSL faoi thionscadal agus é mar chuspóir aige slándáil agus iontaofacht níos fearr an tarchuir leictreachais in oirthuaisceart na hÉireann a chinntiú. Deimhníodh sna staidéir indéantachta gurbh é ciorcad tarchuir nua 220 kV a bheadh suite siar ón Uaimh, trína seachnófaí limistéir chomhshaoil atá an-íogair agus lonnaíochta san oirthear, an rogha limistéar staidéir leathan le haghaidh an tionscadail ar leith sin (Rogha A2).
- 30 Mar a léirítear i bhFíor 3.2 thíos, cé go bhfuil siad ag tosú mar thionscadail ar leith, d'éirigh sé soiléir go raibh méid áirithe forluí féideartha ag na roghanna malartacha don rogha limistéar staidéir leathan do thionscadal an dara hidirnascaire, agus acu siúd d'atreisiú bonneagar tarchuir sa limistéar thoir thuaidh agus gur chuir sé sin bonn iomchuí ar fáil chun na sineirgí idir an dá thionscadal a imscrúdú. Toisc go bhfuil an ciorcad 220kV idir Coillín an Triain agus Lú ina chuid mhór den bhonneagar leictreachais atá ag freastal ar an réigiún thoir thuaidh cheana féin, rinneadh scrúdú ar phointí nódacha féideartha éagsúla (le haghaidh fostáisiún nua) feadh an chiorcaid atá ann leis an limistéar comhéadain is fearr a dhéanamh amach.



Fíor 3.2: Deis do Nasc Straitéiseach Idir Tionscadal an Dara hidirnascaire Rogha 4(b) agus Atreisiú Tarchuir sa Tionscadal Thoir-Thuaidh Rogha A2 – ag Suíomh feadh Chiorcad 220 kV Choillín an Triain-Lú atá ann cheana

(NB: léiríonn saigheada Roghanna Straitéiseacha, ach ní hionann iad agus aon réiteach socraithe bealaigh ar leith)

- 31 I rith an phróisis um athmheasúnú a tháinig sna sála ar tharraingt siar an iarratais roimhe ar cheadú, rinne EirGrid athbhreithniú ar éifeachtacht na roghanna malartacha do limistéar staidéir leathan roghnaithe a sainaithníodh roimhe sin le dul i ngleic le riachtanais shainaitheanta an tionscadail. Tá EirGrid agus a chuid comhairleach fós sásta gur chóir an fhorbairt a bheartaítear idir Fostáisiún Fhearann na Coille atá ann cheana i gContae na Mí agus Fostáisiún Turleenan a bheartaítear i gContae Thír Eoghain, a chur i limistéar staidéir leathan Lár-Tíre ina mbeidh Contae Mhuineacháin, Contae an Chabháin agus Contae na Mí in Éirinn agus a bheidh suite, go háirithe, siar ón Uaimh, Contae na Mí.
- 32 Ar bhonn a bhfuil thuas, is é atá i 'limistéar staidéir an tionscadail' don fhorbairt a bheartaítear i gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin agus i gContae na Mí ná forbairt bonneagar tarchuir leictreachais aonair atá suite laistigh de limistéar staidéir an tionscadail iomláin. Mar gheall ar fhad an ailínithe a bheartaítear agus ar mhórmhéid gheografach an limistéir staidéir lena mbaineann, sainaithníodh an limistéar staidéir iomlán ina dhá chuid ar mhaithe le soiléireacht agus le caoithiúlacht.



Fíor 3.3: Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin agus Limistéar Staidéir na Mí

- 33 Tagraíonn **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin** don chuid sin den limistéar staidéir foriomlán ó thuaidh de líne lasnairde 220 kV Choillín an Triain-Lú atá ann cheana, agus ó dheas den teorainn le Tuaisceart Éireann, ag féachaint do na contaetha atá suite sa cheantar seo (tugadh an Limistéar Staidéir Trasteorann [CBSA] air sin san iarratas roimhe sin le haghaidh cead pleanála i gcomhair Fhorbairt Idirnasctha 400 kV na Mí-Thír Eoghain).
- 34 Tagraíonn **Limistéar Staidéir na Mí** don chuid sin den limistéar staidéir, ó dheas de líne lasnairde 220 kV Choillín an Triain-Lú atá ann cheana féin, agus ag síneadh chuig Fostáisiún Fhearann na Coille, agus á chuimsiú, agus atá beagnach ar fad i gContae na Mí (tugadh Limistéar Staidéir an Oirthuaiscirt [NESA] air sin san iarratas roimhe sin).

3.1.5.2 Céim 2: Roghanna Malartacha um Chonair Bhealaigh agus Rogha Conaire Bealaigh don Fhorbairt a Bheartaítear a Shainaithint

- 35 Bhain dhá ní le Céim 2 den phróiseas um roghnú bealaigh: i dtosach báire, conairí bealaigh féideartha malartacha a shainaithint laistigh den limistéar staidéir sainaitheanta, agus, ansin, rogha conaire bealaigh a shainaithint tar éis anailís straitéiseach ar na srianta teicniúla agus comhshaoil. Tá leithead táscach ainmniúil 1 km ag na roghanna eile um chonair bhealaigh a sainaithníodh.

Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin (ar ar tugadh an Limistéar Staidéir Trasteorann roimhe seo)


- 36 Sainaithníodh trí rogha um ‘Chonair Bhealaigh Fhéideartha’ do Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin, ag seachaint nuair ab fhéidir na srianta ba shuntasáí a sainaithníodh.
- **Rogha Conair Bhealaigh A** – a ritheann ó limistéar líne 220 kV Choillín an Triain-Lú in iarthar an limistéir staidéir, siar ón N2, ó Bhaile na Lorgan agus ó Charraig Mhachaire Rois. Ag dul ó thuaidh go ginearálta, casann sé soir ó thuaidh thart ar 1 km ó thuaidh d'Eanaigh Gheala chun an N2 a thrasnú agus ansin casann sé siar ó thuaidh ag an Léim Ghearr go dtí an suíomh trasnaithe teorann;
 - Ritheann **Rogha Conair Bhealaigh B** laistigh de lár an limistéir staidéir, siar ón N2, ó Bhaile na Lorgan agus ó Charraig Mhachaire Rois ach níos gaire do Bhaile na Lorgan agus do Loch Mucnú ná bealach an iarthair. Tá sé níos díri agus beagán níos giorra ná Rogha A; agus
 - Leanann **Rogha Conair Bhealaigh C** Rogha Bealaigh B go pointe thart ar 4 km siar ó thuaidh de Charraig Mhachaire Rois sula gcasann sé soir le rith ar an taobh thoir den N2 agus soir ó Loch Mucnú. Is é seo an ceann is faide de na bealaí.

Limistéar Staidéir na Mí (ar ar tugadh Limistéar Staidéir an Oirthuaiscirt roimhe seo)

37 Sainaithníodh trí rogha um chonair bhealaigh fhéideartha (le fo-rogha i gceann de na roghanna) do Limistéar Staidéir na Mí, ag tabhairt aitheantais do na srianta a sainaithníodh. Ba iad sin:

- Síneann **Rogha Conair Bhealaigh 1** ó Fhostáisiún Fhearann na Coille in iarthar an limistéar staidéir, siar ó Bhaile Átha Troim, ó Bhaile Átha Buí agus ó Cheanannas agus timpeall 4 km ó thuaidh de Bhaile Íomhair agus soir ón Mullach;
- Síneann **Rogha Conair Bhealaigh 2** ó Fhostáisiún Fhearann na Coille idir cuid láir agus iarthair an limistéir staidéir, ag fanacht soir ó Bhaile Átha Troim, ó Bhaile Átha Buí agus siar ó Cheanannas agus ansin ritheann sé comhthreomhar le Rogha Bealaigh 1, ag rith timpeall 1.5 km soir ón Mullach;
- Leanann **Rogha Conair Bhealaigh 3A** Rogha Conair Bhealaigh 2 ar dtús sula síneann sé ó thuaidh, ag rith siar ón Uaimh agus soir ó bhaile Cheanannais. Thart ar 5 km ó thuaidh ón M3, scoilteann an rogha conair bhealaigh seo ina dhá fo-rogha 3A agus 3B. Ritheann 3A siar ó Bhaile an Chaisleáin agus an Obair sula dtagann siad le chéile siar ó Loch na Coille Báine; agus
- Leanann **Rogha Conair Bhealaigh 3B** Rogha Conair Bhealaigh 2 ar dtús sula síneann sé ó thuaidh, ag coinneáil siar ón Uaimh agus soir ó bhaile Cheanannais cosúil le Rogha Conair Bhealaigh 3A. Scoilteann an rogha conair bhealaigh seo ina dhá rogha 3A (féach thuas) agus 3B. Ritheann 3B siar ó Dhroichead Chearbhalláin sula dtagann siad le chéile siar ó Loch na Coille Báine.

38 Léirítear i bhFíor 3.4 trí rogha um chonair bhealaigh do Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin agus do Limistéar Staidéir na Mí araon.



Fíor 3.4: Roghanna Féideartha um Chonair Bhealaigh A, B agus C i Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin (ar ar tugadh an Limistéar Staidéir Trasteorann roimhe seo) agus Roghanna Féideartha um Chonair Bhealaigh 1, 2, 3A agus 3B i Limistéar Staidéir na Mí (ar ar tugadh Limistéar Staidéir an Oirthuaiscirt roimhe seo)

Roghanna um Chonair Bhealaigh Fhéideartha Eile

39 Chomh maith lena bhfuil thuas, rinneadh breithniú ar roinnt roghanna eile féideartha um chonair
bhealaigh, lena n-áirítear:

- **Conair M3.** Cinneadh gan líne lasnairde a chur taobh le mótarbhealach an M3, mar measadh dá ndéanfaí é sin go mbeadh mórtionchar amhairc aige laistigh de chomhshaol ard-fogair glactha ar nós Bhrú na Bóinne (Láithreán Oidhreacht Domhanda larscríbhinn I) agus Chnoc na Teamhrach. Chomh maith leis sin, cinneadh gan cábla faoin talamh 400 kV a chur laistigh de chóngarachta an M3 de réir thuairim EirGrid, a ndearnadh achoimre uirthi roimhe seo sa cháipéis seo, nach mbeadh sé feiliúnach cáblaí faoin talamh 400 kV a úsáid in áit línte lasnairde 400 kV don tionscadal seo.
- **Líne Iarnróid as Úsáid.** Rinne EirGrid staidéar cuimsitheach ar na hianróid as úsáid sna cúig chontae – an Mhí, an Cabhán, Muineachán, Ard Mhacha agus Tír Eoghain –

chun measúnú a dhéanamh ar a oiriúnaí a bheidís chun déileáil le méid agus le líon na gcáblaí faoin talamh (UGC) a theastódh don idirnascaire a bheartaítear. Dheimhnigh staidéar EirGrid nach raibh bealaí na n-iartród ina rogha mhaith socraithe bealaigh do na ciorcaid cháblaí faoin talamh 400kV féideartha, ag tabhairt tionchar comhshaoil agus costais shuntasaigh bhreise isteach, chomh maith leis an mbaol slándála do cháblaí. Deimhníodh nach bhfuil úsáid na n-iartród comhsheasmhach le forbairt córas tarchuir atá sábháilte, slán, iontaofa agus tíosach.

- **Soir ón Uaimh.** Mhol an Bord Pleanála do EirGrid le linn comhairliúchán réamhiarratais i ndáil leis an iarratas roimhe seo ar Fhorbairt Idirnasctha 400 kV na Mí-Thír Eoghain mar a bhí, tuilleadh anailíse a dhéanamh ar bhealaí féideartha laistigh de limistéar staidéir soir ón Uaimh go dtí cósta an oirthir. Rinneadh anailís ar ocht rogha conaire ar fad do rogha Limistéar Staidéir an Oirthuaiscirt – na ceithre rogha bhunaigh siar ón Uaimh, agus ceithre rogha conaire nua soir ón Uaimh. Diúltaíodh roghanna conaire an oirthir mar gheall, i measc nithe eile, go dtéann siad an-ghar do Bhrú na Bóinne (Láithreán Oidhreacht Domhanda Iarscríbhinn 1) agus do Mhullach Bhaile Shláine. Deimhníodh limistéar staidéir Roghanna Bealaigh an Iarthair A2 dá bharr.
- **Rogha Bealaigh Dhíreach.** Ina Thuairim Scópála dar dáta an 11 Nollaig 2013, d'iarr an Bord Pleanála breithniú ar na roghanna conaire malartacha, *"lena n-áirítear an rogha bealach is díre" [aistriúchán neamhoifigiúil]*. Meastar gurb é an bealach is díre nó an bealach is giorra go ginearálta an 'dea-chleachtais' le haghaidh líne lasnairde a threorú; ach, is gá freisin srianta a sheachaint. Thabharfadh an rogha dhíreach idir Fearann na Coille, Contae na Mí agus Turleenan, Contae Thír Eoghain an bealach gar do lonnaithe mór daonra lena n-áirítear Ard Mhacha, Baile Átha Fhirdhia, Baile Shláine agus Dún Seachlainn mar aon le roinnt sráidbhailte. Chomh maith leis sin, rachadh sé thar roinnt séadchomharthaí seandálaíochta, gabhdóirí éiceolaíochta íogaire agus lochanna.

40 Bhain measúnú comparáideach ar roghanna um chonair bhealaigh sainaitheanta inar cuireadh réimse leathan critéir theicniúla, chomhshaoil agus eile san áireamh le roghnú rogha conaire bealaigh d'Fhorbairt Idirnasctha 400 kV na Mí-Thír Eoghain roimhe seo. Deimhníodh an chonair seo a leanas atá 1 km ar leithead mar rogha conaire sa phróiseas meastóireachta inchomparáide ilchritéar ar chonairí.

- **An Limistéar Staidéir Trasteorann – An Teorainn – cóngarachth Dhún an Rí (Rogha A):** Bhí conair A timpeall 48 km ar fad. Shínigh sí idir pointe trasnaithe na teorann soir ó thuaidh de Chluain Tiobrad, Contae Mhuineacháin, ó dheas d'fhostáisiún a bhí ina fhostáisiún beartaithe ansin i bhfoisceacht Dhún an Rí, Contae an Chabháin.
- **Limistéar Staidéir an Oirthuaiscirt – Cóngarachth Dhún an Rí – Fearann na Coille (Rogha 3[b]):** Bhí conair 3(b) timpeall 57 km ar fad. Shínigh sí ón bhfostáisiún a

bheartaítear i gcóngaracht Dhún an Rí i gContae an Chabháin chuig Fostáisiún Fhearann na Coille, in aice le Baile an Bhóthair, Dún Seachlainn, Contae na Mí.

- 41 Sa phróiseas um athmheasúnú, inar ionchorpraíodh breithniú ar aiseolas ón bpobal agus ó pháirtithe leasmhara a d'eascair i ndáil leis an bhForbairt Idirnasctha 400 kV a beartaíodh roimhe seo, chomh maith le staidéir a tugadh cothrom le dáta a rinne EirGrid nó a rinneadh ar a son, cinneadh nach bhfuil aon srianta nua suntasacha comhshaoil ná srianta ábhartha eile tagtha chun cinn ón iarratas roimhe sin sa bhliain 2009, a mbeadh aon athrú suntasach ar na roghanna um chonair bhealaigh a sainaithníodh roimhe mar thoradh orthu. Ba cheart a thabhairt faoi deara go raibh roinnt athruithe beaga áitiúla le sonrú, go háirithe mar thoradh ar chinneadh a rinneadh mar chuid den phróiseas um athmheasúnú gan fostáisiún i gceantar Dhún an Rí a áireamh, rud a chuimsigh gné den togra roimhe seo; díorthaíonn easnamh den chineál sin as an bhfíric gur tháinig staidéir theicniúla ar an gconclúid nach mbeadh an fostáisiún ag teastáil i gceann deich mbliana ar a laghad. Dá bhrí sin, is é conair bhealaigh Rogha A/3B fós an rogha conaire bealaigh chun an ciorcad tarchuir a bheartaítear a chur. Cuirtear é sin i láthair i bhFíor 3.5.
- 42 I **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin**, ba é conair bhealaigh Rogha A an rogha 'is fearr', de bhua go raibh an cumas is ísle aige le haghaidh tionchar iarmharach suntasach fadtéarmach a chruthú nach féidir a mhaolú. Ar an gcaoi chéanna, i **Limistéar Staidéir na Mí**, ba é conair bhealaigh Rogha 3B an rogha 'is fearr', mar gur measadh gur chruthaigh sé an iarmhairt amhairc fhéideartha is ísle ar an tírdhreach, agus tá gach tionchar suntasach féideartha comhshaoil eile áitiúil, agus is féidir iad a mhaolú.
- 43 De bharr gur fágadh an fostáisiún idirmheánach a beartaíodh roimhe seo i gcóngaracht Dhún an Rí amach as an togra reatha cuireadh síneadh ó dheas isteach, agus leasuithe a ghabhann leis, maidir leis an gconair bhealaigh a aithníodh roimhe sin, Rogha A ionas go dtéann sí chomh fada le conair Limistéar Staidéir na Mí, agus síneadh ó thuaidh, agus leasuithe a ghabhann leis, ar chonair bhealaigh a aithníodh roimhe seo, Rogha 3B ionas go dtéann sí chomh fada le conair Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin. Mar sin féin, tá sé níos iomchuí a mheas go bhfuil conair bhealaigh amháin i gceist don fhorbairt a bheartaítear, laistigh de limistéar staidéir foriomlán aonair.
- 44 D'ainneoin an cinneadh gan dul ar aghaidh le fostáisiún nua mar chuid den fhorbairt a bheartaítear, is ní suntasach ar leith chuige sin gur thug EirGrid breithniú maidir le suíomh an fhostáisiúin, agus ionchas ann go mbeidh sé ag teastáil am éigin amach anseo. De bhrí go mbeidh an fostáisiún i gcóngaracht Dhún an Rí, ach nach gá go mbeadh sé lonnaithe ag Maothail (suíomh an fhostáisiúin bheartaithe roimhe sin), rinne EirGrid athbhreithniú ar an limistéar níos leithne idir an Obair (soir ó Dhún an Rí) agus ó thuaidh ó Dhún an Rí, lena chinneadh an raibh aon roghanna eile um chonair bhealaigh ann a bhí níos fearr (gan a bheith chomh srianta) ná conair bhealaigh Rogha A/3B a sainaithníodh roimhe sin.

- 45 Dheimhnigh an anailís ar an rogha conaire bealaigh A/3B siar ó Dhún an Rí mar an rogha ag a bhfuil an laghad srianta (agus dá bhrí sin an rogha is fearr), go príomha ar an mbonn go bhfuil an líon is ísle áiteanna cónaithe laistigh de 100 m den línebhealach táscach, agus go bhfuil sé ag fad níos mó ó gach ceann de na príomhlonnaíochtaí sa cheantar (i.e. Dún an Rí, an Obair agus Carraig Mhachaire Rois) le himpleachtaí ar leith ó thaobh taitneamhacht amhairc.



Fíor 3.5: Rogha Conaire Bealaigh A/3B don Fhorbairt a Bheartaítear

3.1.5.3 Céim 3: Rogha Dearadh Líne a Shainnithint

- 46 Tugadh faoi Chéim 3 den phróiseas um roghnú bealaigh chun ailíniú bealaigh táscach a shainnithint laistigh den rogha conaire bealaigh, tar éis anailís theicniúil agus chomhshaoil níos dírithe laistigh de rogha conaire bealaigh A/3B.
- 47 Forbraíodh dearadh líneach trí mheasúnú a dhéanamh ar dtús ar shuíomh féideartha túir trí úsáid a bhaint as ríomhchlár dearaidh ríomhchuidithe speisialaithe (PLS CAD) agus Léarscáiliú na Suirbhéireachta Ordanáis d'fhonn a indéantacht a chinneadh agus a dheimhniú go gcomhlíonann sé na ceanglais theicniúla ar fad. Ar dtús, rinneadh measúnú deasc-bhunaithe,

lena n-áirítear athbhreithniú ar ghrianghrafadóireacht ón aer, sonraí LiDAR agus tacair shonraí comhshaoil eile. Ina dhiaidh sin, rinneadh suirbhéanna ionaid chun faire agus, i gcás inar tugadh cead isteach ar thalamh, suirbhéanna suíomhoiriúnaithe freisin. Ba é an toradh ar an bpróiseas dearaidh gur aithníodh an línebhealach a bhí mar bhunús don iarratas ar cheadú in 2009 (iarratas a tarraingíodh siar ina dhiaidh sin).

48 Is é an príomh-mholadh a eascraíonn as an bpróiseas um athmheasúnú gurb é an t-aillíniú ginearálta ón línebhealach táscach a sainithníodh roimhe sin laistigh de roghanna um chonair bhealaigh A agus 3B fós an t-aillíniú 'is oiriúnaí' don chiorcad tarchuir nua a bheartaítear laistigh den rogha conaire bealaigh. Cinneadh sa phróiseas um athmheasúnú chomh maith, ar bhonn athmheasúnú srianta comhshaoil nuashonraithe agus eolas eile, go bhfuil línebhealach táscach inmharthana agus inghlactha ó thaobh an chomhshaoil de i gcomhair líne lasnairde 400 kV laistigh de roghanna um chonair bhealaigh Rogha A agus Rogha 3B.

49 Bhí línebhealach táscach a sainithníodh sa *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* (Aibreán 2013) mórán mar an gcéanna leis an línebhealach a beartaíodh roimhe seo (i.e. ábhar iarratas 2009), ach ionchorpraíonn sé mionathruithe áitiúla mar seo a leanas:

- Mionathruithe ar an línebhealach d'fhonn tógáil agus deonú ceada do thithe nua a tharla ó réitíodh agus cuireadh isteach iarratas Forbairt Idirnasctha 400 kV na Mí-Thír Eoghain i mí na Nollag 2009 a chur san áireamh;
- Mionathrú ag eascairt as an gcinneadh gan dul ar aghaidh le fostáisiún idirmheánach (sa limistéar siar ó Dhún an Rí) mar chuid den iarratas beartaithe ar cheadú don fhorbairt a bheartaítear; agus
- Mionathruithe ag eascairt as cúrsaí teicniúla agus comhshaoil le linn an phróisis um athmheasúnú.

50 Cinneadh sa *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* chomh maith nach raibh aon impleachtaí suntasacha óna dteastódh cábla faoin talamh feadh aon chuid den línebhealach táscach, seachas ar chuid sainaitheanta ag an mbealach chuig Fostáisiún Fhearann na Coille. Tugadh faoi deara, áfach, go leanfadh EirGrid le himscrúdú a dhéanamh ar pháirtleagan faoin talamh mar chuid de phróiseas mionsonraithe an deartha líne agus d'ullmhúchán an Ráitis Tionchair Timpeallachta. Tháinig staidéir ina dhiaidh sin ar an gconclúid gur fearr an bealach isteach chuig Fostáisiún Fhearann na Coille a bhaint amach trí bhithin líne lasnairde.

3.1.5.4 Deimhniú an Dearaidh Línigh Deiridh don Fhorbairt a Bheartaítear

- 51 I ndiaidh an *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)*, cuireadh sonraí ar fáil sa *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)* (Iúil 2013) maidir leis an Rogha Dearadh Líne ar leith a roghnófar le haghaidh na forbartha a bheartaítear. Áiríodh ar an Rogha Dearadh Líne sin suíomhanna féidearthachta malartacha a shainnithint le haghaidh an bhonneagair agus dhearadh an bhonneagair, amhail suíomhanna túr, cineálacha túr agus sonraí gaolmhara a bhaineann le tógáil (e.g. bealaí rochtana sealadacha).
- 52 Sa *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*, shainnithin EirGrid na príomhphrionsabail bealaithe a threoraigh an próiseas um dhearadh líne don forbairt a bheartaítear. Dhírigh na prionsabail ar roinnt ceisteanna éagsúla a bhain le cúrsaí teicniúla, le cúrsaí comhshaoil agus le húinéirí talún. Shainnithin EirGrid freisin gurb é an suíomh is fearr le haghaidh an ailínithe trasuímh suíomh ginearálta 40 go 50 km ó dheas ón bhfostáisiún a bheartaítear ag Turleenan. Is é is trasuíomh ann ná an cleachtas a bhaineann le leagan amach spásúil na dtrí shreang leictreachais nó seoltóirí leictreachais a athrú nó a atheagrú agus déantar é thar cheithre struchtúr (an t-ailíniú trasuímh). Soláthraíodh fócas sa rogha dearadh líne arna fhoilsiú sa *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)* maidir le rannpháirtíocht leanúnach le húinéirí talún, go háirithe maidir le sainláithreánú na struchtúr ar thailte, mar aon le suirbhé, dearadh agus measúnú eile ar an gcomhshaoil, go príomha i gcáidreamh gníomhach le húinéirí talún a bhfuil tionchar díreach orthu, mar aon le comhairliúchán le húdaráis fhorordaithe, le páirtithe leasmhara eile agus le baill den phobal. Thug an plé sin eolas don dearadh líneach deiridh, arb é ábhar an iarratais seo é.
- 53 Is i mionsonra áitiúil an línebhealaigh atá pleanáilte, agus go háirithe i suí na struchtúr túir, a bhí an chuid is mó den athrú ar an bhforbairt a beartaíodh roimhe le sonrú. Tháinig na mionathruithe sin aníos ar chúiseanna éagsúla, amhail iarratais úinéirí talún, inní chun limistéir agus gnéithe lena mbaineann cáilíocht agus íogaireacht fhéideartha shainnaitheanta éiceolaíochta nó comhshaoil eile a sheachaint, agus tar éis suirbhé ar an talamh agus mionanailís a dhéanamh ar an timpeallacht ghlactha, ó aer-ghrianghrafadóireacht agus íomhánna atá cothrom le dáta agus ar ardchaighdeán.
- 54 Sa *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*, lean EirGrid le breithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go ndéanfaí an forbairt a bheartaítear a pháirtleagan faoin talamh. Is é a bhí i gceist leis sin ná aird a thabhairt ar aighneachtaí inar iarradh go sonrach go ndéanfaí breithniú ar leagan faoin talamh i gceantair áirithe agus / nó do chodanna áirithe den línebhealach tascach a bheartaítear, lena n-áirítear iarratas ó Chomhairle Chontae an Chabháin go ndéanfaí breithniú ar leagan faoin talamh timpeall Lochán Leagha. Scrúdaigh foireann an tionscadail an t-iarratas sin agus thángthas ar an gconclúid nach

- mbeadh ach na codanna uachtaracha de na túir a bheartaítear le feiceáil i radhairc fadraoin agus, dá bhrí sin, níl aon bhonn láidir le páirtleagan faoin talamh cóngarach do Lochán Leagha.
- 55 Agus an rogha dearadh líne lasnairde á haithint acu don líne lasnairde, bhí EirGrid agus a shainchomhairleoirí in ann an mórthionchar féideartha comhshaoil a shainaithint agus breithniú a dhéanamh ar bhearta maolaithe ar dóigh dóibh bheith ann – áiríodh leis sin, i measc nithe eile, an fhéidearthacht a bhain le páirtleagan faoin talamh. Déantar tagairt freisin don Tuairim Scópála a eisíodh don Bhord an 11 Nollaig 2013, inar luadh: “ba cheart aghaidh a thabhairt ar an bhféidearthacht go socrófaí bealach eile nó go ndéanfaí páirtleagan faoin talamh i limistéir ina bhfuil an tírdhreach íogair”. [aistriúchán neamhoifigiúil]
- 56 Mar a sonraíodh cheana, bíonn tionchar comhshaoil ag teicneolaíochtaí líne lasnairde agus cábla faoin talamh araon. Mar sin féin, ní hionann an tionchar sin do gach cineál teicneolaíochta agus, i bhformhór na gcásanna, is féidir bearta maolaithe a chur i bhfeidhm. Dá réir sin, bhí gá le breithniú a dhéanamh ar an tionchar féideartha comhshaoil a bhaineann le páirtleagan faoin talamh ar mhaithe leis an bhféidearthacht a bhaineann le páirtleagan faoin talamh a mheas mar bheart maolaithe. Sa bhreithniú a rinne EirGrid ar pháirtleagan faoin talamh chun an mórthionchar féideartha comhshaoil a eascraíonn as an bhforbairt a bheartaítear a mhaolú, bunaithe ar an tuiscint a bhí aige ar na saincheistanna comhshaoil a bhaineann le limistéir staidéir an tionscadail, thángthas ar an gconclúid gur aithin formhór na n-ábhar comhshaoil go mbeadh tionchar comhshaoil cothrom nó ní ba lú ag líne lasnairde i gcomparáid le páirtleagan faoin talamh. Mar chonclúid, níor shainaithin duine ar bith de na speisialtóirí áit ina bhfuil gá sáraitheach le páirtleagan faoin talamh chun tionchar féideartha suntasach a mhaolú.
- 57 Tar éis athbhreithniú leanúnach ar an rogha dearadh líne sa *Preferred Project Solution Report (Tuarascáil um Réiteach Tionscadail Roghnaithe)*, tá sé beartaithe anois ceangal le Bá E10 i bhFostáisiún Fhearann na Coille agus ar an gcaoi sin an gá le cuid de chábla faoin talamh laistigh den fhostáisiún a sheachaint.
- 58 Bhí an t-ailíniú bealaigh den fhorbairt a bheartaítear faoi réir scrúdú forleathan agus cúramach ar mhalairtí mar chuid de phróiseas atriallach forbartha an tionscadail, idir an limistéar staidéir is leithne don tionscadal agus malairtí áitiúla do shocrú bealaigh na líne. Tá maolú tionchar comhshaoil trí dhearadh ina ghné bhunúsach de phróiseas dearaidh línigh EirGrid, agus meastar go léiríonn dearadh na líne a bheartaítear an rogha fhoriomlán is fearr i measc na bpríomhroghanna malartacha a ndearnadh breith orthu trí phróiseas forbartha an bhealaigh.

4 CUR SÍOS AR AN BHFORBAIRT A BHEARTAÍTEAR

4.1 GNÉITHE DEN FHORBAIRT A BHEARTAÍTEAR

- 1 Cuimsíonn an fhorbairt a bheartaítear an chuid sin den idirnascaire a bheartaítear atá lonnaithe in Éirinn i gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin agus i gContae na Mí.

4.1.1 Cur Síos ar an Línebhealach

- 2 Cuimsítear an méid seo a leanas sa línebhealach a bheartaítear laistigh den dá limistéar staidéir (Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin agus Limistéar Staidéir na Mí):

- **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin – Líne Nua 400 kV:** Is é a chuimsítear san fhorbairt a bheartaítear i Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin ciorcad tarchuir lasnairde 400 kV de chiorcad singil lena dtacaíonn 134 túr (Túr 103 go Túr 236) a shíneann ó dheas den chuid is mó ón teorainn dlínse le Tuaisceart Éireann (i mbaile fearainn Doohat nó Crossreagh, Contae Ard Mhacha, agus baile fearainn na Léime Giorra, Contae Mhuineacháin) go baile fearainn Clonturcan, Contae an Chabháin, feadh achair de thart ar 46 km. Áirítear léi tailte a thrasnaíonn an seoltóir ón teorainn dlínse go Túr 103, agus ó Thúr 103 go Túr 236 go huile agus tailte a thrasnaíonn an seoltóir ó Thúr 236 go Túr 237 (an chéad túr sa chuid den fhorbairt a bheartaítear atá suite i Limistéar Staidéir na Mí).¹

Áirítear léi freisin clós stórála sealadach gaolmhar le haghaidh ábhar tógála a bheidh suite ar shuíomh atá thart ar 1.42 ha ar achar i mbailte fearainn Mhuinilte Dubh agus Mhuinilte Bán, Carraig Mhachaire Rois, Contae Mhuineacháin.

- **Limistéar Staidéir na Mí – Líne 400 kV Nua agus Reatha:** Is éard atá san fhorbairt a bheartaítear i Limistéar Staidéir na Mí (MSA) ciorcad tarchuir lasnairde 400 kV de chiorcad singil lena dtacaíonn 165 túr nua (Túr 237 go Túr 401) a shínfidh thart ar 54.5 km idir Túr 237 i mbaile fearainn Clonturcan i gContae an Chabháin agus Túr 402 (túr ciorcaid dhúbailte atá ann cheana féin ar an líne tharchuir 400 kV idir an tSeansráid agus Fearann na Coille) i mbaile fearainn Bogganstown (Toghroinn Chúil Mhaoilín), Contae na Mí.


Tá ciorcad nua 400 kV i gceist léi a shínfidh 2.85 km feadh an taoibh (thuaidh) nach bhfuil á úsáid faoi láthair den líne tharchuir lasnairde 400 kV de chiorcad dhúbailte atá

¹ Idir Túr 106 agus 107, trasnaíonn an líne tharchuir a bheartaítear an teorainn dlínse le Tuaisceart Éireann in dhá áit – ó bhaile fearainn na Léime Giorra, Contae Mhuineacháin, isteach i mbaile fearainn na Croise Báine, Contae Ard Mhacha, agus ar ais go baile fearainn na Léime Giorra, Contae Mhuineacháin. Mar thoradh air sin, téann cuid den bhealach idir Túr 106 agus Túr 107 thar Thuaisceart Éireann. Tá an chuid sin mar chuid d'iarraitas NIE.


ann cheana féin (an líne tharchuir 400 kV idir an tSeansráid agus Fearann na Coille) soir ó Thúr 402 i mbaile fearainn Bogganstown (Toghroinn Chúil Mhaoilín) i gContae na Mí a fhad le Túr 410 agus Fostáisiún Fhearann na Coille i mbaile fearainn Fhearann na Coille, Contae na Mí.

Cuireann sé san áireamh freisin síneadh le Fostáisiún Fhearann na Coille de chuid BSL atá ann cheana, i mbaile fearainn Fhearann na Coille, Contae na Mí, agus oibreacha laistigh den fhostáisiún sin.

3 Cuirtear an ciorcad seo a bheartaítear i láthair i bhFíor 4.1, i bhFíor 4.2 agus i bhFíor 4.3.



Fíor 4.1: An Chuid den Chiorcad Tarchuir atá suite i Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin



Fíor 4.2: An Chuid den Fhorbairt a Bheartaítear atá suite i Limistéar Staidéir na Mí




Fíor 4.3: **Túir 402 go 410 (feadh na líne tarchuir 400 kV atá ann cheana idir an tSeansráid agus Fearann na Coille)**

4.1.2 Gnéithe den Líne Lasnairde

- 4 Tá roinnt gnéithe i gceist le líne lasnairde. Is iad na príomhcheistanna sa phróiseas deartha ná dearadh na líne lasnairde agus an cur chuige a ghlactar i leith na líne lasnairde. Is iad seo a leanas na gnéithe sin:
 - Túir agus dúshraitheanna gaolmhara; agus
 - Seoltóirí agus sciathshreanga (sreanga) agus crua-earraí gaolmhara (lena n-áirítear inslitheoirí agus feistis).
- 5 Tá na túir i measc na gcomhpháirteanna is tábhachtaí den líne lasnairde. Is gnách trí chineál túir a úsáid le haghaidh forbairtí tarchuir líne lasnairde: túir idirmheánacha nó chrochta, túir uillinne / theannais (a úsáidtear de ghnáth mar a n-athraíonn an bealach a threo), agus túir thrasuímh (is é is trasuíomh ann ná an cleachtas a bhaineann le leagan amach spásúil na dtrí shreang leictreachais nó seoltóirí leictreachais a athrú nó a atheagrú agus déantar é thar cheithre struchtúr [an t-aillíniú trasuímh]). Déanfar an dearadh túir chruach laitíse theorollta IVI, a chuimsíonn na trí chineálacha réamhluaite túir, a úsáid don fhorbairt a bheartaítear.

- 6 Tá cruth foriomlán an túir cosúil le diamant suite ar bharr corp réasúnta caol. Léirítear i bhFíor 4.4 an leagan amach ginearálta don dearadh túir IVI (lena n-áirítear seoltóirí agus an bonneagar gaolmhar).



1. Sreang thalmhaithe / Sciathshreanga (chun an ciorcad fúthu a chosaint ar bhuille tintrí)

2. Inslitheoirí (chun na seoltóirí iompair a scaradh ón struchtúr túir cruach)

3. Seoltóirí (na línte atá ag iompar an tsrutha leictirigh)

4. Túr (an struchtúr a thacaíonn leis na seoltóirí agus le gaireas eile)

5. Dúshraith choincréite do bhonnra gach túir (chun neart agus sláine an túir a chinntiú)

Fíor 4.4: Leagan Amach Ginearálta an Túir IVI

- 7 Beidh na túir le haghaidh an chiorcaid nua 400 kV a bheartaítear idir 26 m agus 43 m ar airde. Is ag lárphointe an túir agus ag airde lárphointe an phointe is airde den túr a thomhaistear airde na dtúr os cionn leibhéal na talún. I gcás na dtúr 400 kV, is iad na pointí is airde ná na sciathshreanga talmhaithe (féach Fíor 4.4). Tarlóidh sé go mbeidh difríochtaí beaga i dtomhais mar gheall ar dhálaí míchothroma talún.
- 8 Áirítear leis an bhforbairt a bheartaítear thart ar 2.85 km den chiorcad nua a bheith ag gabháil leis na túir chiorcaid dhúbailte 400 kV atá ann cheana – tá siad idir 52 m agus 61 m ar airde.

4.1.3 Suíomhanna Túr a Shocrú

- 9 Aithnítear sa dearadh líne don fhorbairt a bheartaítear suíomhanna struchtúr túir socraithe don chiorcad tarchuir nua. Tugtar soiléiriú sa dearadh sin d'úinéirí talún agus do pháirtithe leasmhara eile maidir le suíomh cruinn na líne lasnairde agus an bhonneagair ghaolmhair i

gcoibhneas le gabháltas talún ar leith, le háitreabh sa chomharsanacht, le foirgnimh, le struchtúir eile agus le cúrsaí eile ar nós srianta comhshaoil. Níl EirGrid ar lorg formheasa le haghaidh micreashuí (athruithe beaga a dhéanamh ar shuíomhanna sainaitheanta struchtúr) san iarratas seo.

4.1.4 Oibreacha ar an Líne Lasnairde atá ann cheana agus Oibreacha laistigh de Shuíomh an Fhostáisiúin

10 Is gá Fostáisiún Fhearann na Coille atá ann cheana a shíneadh chun gur féidir an ciorcad nua 400 kV a cheangal. Tuairim is 7.7 heicteár atá san fhostáisiún atá ann cheana. Tá sé lonnaithe laistigh de thalamh atá faoi úinéireacht Líonra BSL, atá thart ar 27.2 heicteár ar achar. Déanfar na hoibreacha a bheartaítear ar shuíomh a chlúdaíonn thart ar 0.544 heicteár laistigh den fhostáisiún agus go díreach in aice leis. Áirítear leis na hoibreacha sin:

- Síneadh siar ar an mbábhún atá ann cheana (thart ar 0.231 heicteár).
- I measc na n-oibreacha gaolmhara, tá mionathruithe gaolmhara ar an gcláí pailise 2.6 m ar airde atá ann cheana agus trealamh leictreach agus gaireas leictreach a chur, lena n-áirítear aeróg aonpholach thintrí (agus beidh gach ceann acu idir thart ar 7.4 m agus 28 m ar airde).

4.1.5 Tógáil

11 Is é an cuspóir atá leis an rannán seo breac-chuntas a thabhairt ar na modhanna tógála a chuirfear i bhfeidhm san fhorbairt a bheartaítear. Ullmhóidh an conraitheoir/na conraitheoirí a cheapfaidh an Bord Soláthar Leictreachais (Úinéir na Sócmhainní Tarchurtha [TAO] a thógfaidh an fhorbairt a bheartaítear) *Plean Tógála agus Bainistíochta Comhshaoil* mionsonraithe tar éis faomhadh forbartha a fháil le haghaidh na forbartha a bheartaítear agus sula dtosófar ar na hoibreacha. Tugtar breac-chuntas ar an *bPlean Tógála agus Bainistíochta Comhshaoil* in Aguisín 7.1, **Imleabhar 3B** den Ráiteas Tionchair Timpeallachta chun críocha faisnéise. Beidh ráitis maidir leis na modhanna agus na cláir oibre san áireamh sa *Phlean Tógála agus Bainistíochta Comhshaoil* a thabharfaidh léiriú níos mionsonraithe ar chéimniú na hoibre agus ar na bearta maolaithe atá sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta seo.

12 Beidh an conraitheoir/na conraitheoirí a cheapfar ag forbairt sraith de phleananna mionsonraithe le haghaidh thógáil pháirteanna an fhostáisiúin atá ann cheana, thógáil na dtúr agus shreangú na líne. Beidh de riachtanas na bpleananna sin go gcuimseoidh siad na bearta maolaithe atá leagtha amach sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta agus aon ghnóthais nó aon choinníollacha a eascraíonn ón bhformheas pleanála a fhéadfaidh an Bord a dheonú. Cuimseoidh ábhar mionsonraithe an *Phlean Tógála agus Bainistíochta Comhshaoil*, arna ullmhú ag an gconraitheoir/na conraitheoirí, breac-chuntas ar an bPlean Tógála agus

Bainistíochta Comhshaoil, bearta maolaithe agus riachtanais na ngnóthas / na gcoinníollacha agus déanfar é a chomhaontú leis na húdaráis chuí eile. Fostóidh BSL foireann chun monatóireacht a dhéanamh ar chéim tógála an tionscadail agus a chinntiú go mbeidh na hoibreacha á ndéanamh ag an gconraitheoir a cheapfar de réir *an Phlean Tógála agus Bainistíochta Comhshaoil* agus de réir an ráitis mhodheolaíochta a comhaontaíodh, nósanna imeachta sábháilteachta, rialú ar thruailliú, etc.

- 13 Meastar go leanfar le hoibreacha tógála don tionscadal iomlán ar feadh tréimhse trí bliana. Baineann na saintréithe seo a leanas de thógáil líne lasnairde le hábhar:


- Is gníomhaíochtaí sealadacha iad na hoibreacha tógála ar fad;
- Tógtar líne lasnairde ar shuíomh fada léineach, a fhágann go dtugtar faoi ghníomhaíochtaí tógála de réir ord ar leith ar feadh tréimhse theoranta ama.
- Mar thoradh air sin, cruthaítear limistéir iargúlta de ghníomhaíochtaí tógála ag suíomh gach struchtúir atá teoranta ó thaobh méide de (clúdaíonn an limistéar oibre 30 m x 30 m de ghnáth) ar feadh tréimhsí gearra ama; agus
- Is ionann go minic méid agus scála an chineáil innealra a theastaíonn do thógáil lasnairde – lena n-áirítear tochtaltóirí, dumpairí, trucaillí coinceíte, feithiclí 4 x 4, caidél uisce agus uirlisí beaga – agus an t-innealra a úsáidtear chun tithe tuaithe a thógáil agus le haghaidh gnáthghníomhaíochtaí feirmeoireachta.

- 14 Ag féachaint do gach céim san ord tógála, agus d'fhad réamh-mheasta na ngníomhaíochtaí tógála do gach céim, meastar gurb é an tréimhse charnach ama a theastaíonn chun tógáil na líne lasnairde a chur i gcrích ag suíomh gach struchtúir ná idir sé agus ocht seachtaine.

- 15 Léirítear na céimeanna éagsúla den phróiseas tógála i bhFíor 4.5. Faoi mar a léirítear i bhFíor 4.5, tógtar an líne lasnairde i gcúig chéim ghinearálta, san ord seo thíos, de réir clár rollach d'fhaid ama mheasta:

- Céim 1 – Obair Ullmhúcháin ar Láithreáin (1 – 7 lá);
- Céim 2 – Bunsraitheanna Túir; gnáthshuiteáil (3 – 6 lá), suiteáil píleála (5 – 10 lá);
- Céim 3 – Túir a Chur i dToll a Chéile agus a Chur in Airde (3 – 4 lá);
- Céim 4 – Suiteáil Seoltóra / Inslitheora (7 lá); agus
- Céim 5 – Athchóiriú Talún (1 – 5 lá).

- 16 Áirítear le hoibreacha chun an suíomh a réiteach le haghaidh líne lasnairde a thógáil bealaí rochtana sealadacha chuig ionad túir agus d'fhéadfaidís roinnt mionoibreacha sibhialta timpeall na láithreach túir a chur san áireamh, lena n-áirítear, i measc nithe eile, an suíomh a ghlanadh (e.g. claíocha a bhaint, crainn agus fásra a ghearradh siar, etc.); limistéar na mbunsraitheanna túir a leibhéaladh; draenacha páirce a chlaonadh; aon limistéar oibre ar an suíomh a rianú; ionaid shealadacha chumhdaigh a chur in airde (áit a ndéanfar an seoltóir a shreangú thar bhóithre agus línte leictreachais). Beidh na bearta cosanta sealadach agus suite ar an dá thaobh den chrosaire ar feadh na hoibre sreangaithe. A bhuí leis na hionaid chosanta, cinnteofar nach gcuirfidh an obair sreangaithe isteach ar úsáideoirí bóthair agus ar an soláthar leictreachais.
- 17 Éascófar an tógáil trí úsáid a bhaint as bábhún stórála sealadach gaolmhar le haghaidh ábhair thógála a bheartaítear a shuí i mbailte fearainn Mhuinilte Dubh agus Mhuinilte Bán, Carraig Mhachaire Rois, Contae Mhuineacháin.

**Fíor 4.5: Gnáthoibreacha Tógála**

(Foinse: *Landowner Information Brochure [Bileog Faisnéise d'Úinéirí Talún]* [Iúil 2013] chun críocha léiritheacha amháin)

5 ÁBHAIR CHOMHSHAOIL A CHUIMSÍTEAR SA RÁITEAS TIONCHAIR TIMPEALLACHTA

5.1 RÉAMHRÁ

- 1 Cuirtear an breithmheas ar an bhforbairt a bheartaítear i láthair mar achoimre de réir ábhair ina bpléitear le **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin** agus le **Limistéar Staidéir na Mí** araon. Áirítear léi achoimre ar an gcomhshaol i láthair na huaire, ar an tionchar a d'fhéadfadh teacht as an bhforbairt a bheartaítear, bearta maolaithe a bheartaítear agus tionchar iarmharach (más ann dó).

5.2 DAOINE – DAONRA AGUS EACNAMAÍOCH

- 2 Dírítear den chuid is mó sa mheasúnacht ar an rogha conaire (1 km ar leithead), faoi mar a shainnítear sa cháipéis, *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* (Aibreán 2013), ina bhfuil an líne lasnairde a bheartaítear suite. Breithnítear sa mheasúnacht freisin an timpeallacht daonra agus eacnamaíoch lasmuigh de mhórcheantar na forbartha a bheartaítear.
- 3 Is iondúil go mbíonn an fhéidearthacht go sonróaí tionchar ar an daonra, ar lonnaíochtaí, ar fhostaíocht agus ar dheiseanna gilleagracha i measc na gcineálacha saincheistanna a thagann aníos i bhforbairtí líne lasnairde den chineál seo maidir leis an ábhar comhshaoil seo.

An Staid faoi Láthair

- 4 Téann an fhorbairt a bheartaítear trí Chontae an Chabháin, trí Chontae Mhuineacháin agus trí Chontae na Mí; tá fás tagtha ar an daonra le deich mbliana anuas sna trí chontae sin.
- 5 Is iad na príomh-lárionaid daonra i **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin** ná Carraig Mhachaire Rois, Baile na Lorgan, Béal Átha Beithe, Dún an Rí agus Searcóg. I measc na lárionad daonra beag, tá Eanaigh Gheala, Cluain Tiobrad, an Chorr Dhubh agus Dúthamlacht. Tá áiteanna cónaithe aonair (aonuaire), lasmuigh de lonnaíochtaí bunaithe, ina ngné shuntasach de ghréasáin lonnaíochta sa limistéar staidéir seo freisin. D'ainneoin an mhéid áiteanna cónaithe aonuaire scaipthe atá ann cheana féin laistigh de limistéar na forbartha a bheartaítear, níl ach 38 áit chónaithe laistigh de 100 méadar de lár an línebhealaigh sa limistéar staidéir seo.
- 6 Is minic a fhaightear áiseanna pobail i gceantair thuaithe taobh amuigh de na lonnaíochtaí beaga agus de na lonnaíochtaí móra araon, áiseanna ar a dtugann scata mór daoine cuairt go rialta, ar nós scoileanna, séipéal agus clubanna spóirt. Ar an gcuma chéanna le háiteanna cónaithe, tá fágáil an oiread spáis agus is féidir idir an líne lasnairde agus na háiseanna seo i

- gceist le príomhchritéar deartha. Chuige sin, is iad seo a leanas na háiseanna pobail is gaire atá suite laistigh de 1 km den líne lasnairde i **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin**: Club CLG Dhroim Thamhain (atá thart ar 330 m soir ó Thúr 150); scoil náisiúnta agus séipéal Láithrigh (atá thart ar 410 m soir ó Thúr 230); scoil náisiúnta na Coirre Críochaí (atá thart ar 640 m siar ó Thúr 195); séipéal Bhéal Átha an tSratha (atá thart ar 750 m siar ó dheas ó Thúr 142); agus Scoil Náisiúnta Bhealach na gCeithearn (atá thart ar 820 m soir ó dheas ó Thúr 207).
- 7 Baineann na príomhréimsí fostaíochta i **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin** leis na hearnálacha seo a leanas: an talmhaíocht, forbairt tuaithe, turasóireacht agus an tionscal seirbhíse. Tá dífhostaíocht sa limistéar staidéir seo beagán os cionn an mheánfhigiúir náisiúnta.
- 8 Is iad na príomh-lárionaid daonra i **Limistéar Staidéir na Mí** ná an Uaimh, Dún Seachlainn agus Baile Átha Troim. I measc na lárionad daonra beag, tá an Obair, Cnoc an Línsigh, Cill Mhaighneann, Cill Mheasáin agus Baile Ghib. Tá áiteanna cónaithe aonair (aonuaire), lasmuigh de lonnaíochtaí bunaithe, ina ngné shuntasach de ghréasáin lonnaíochta sa limistéar staidéir freisin. D'ainneoin an mhéid tithe aonuaire scaipthe atá ann cheana féin laistigh de limistéar na forbartha a bheartaítear, níl ach 17 n-áit chónaithe laistigh de 100 méadar de lár an línebhealaigh sa limistéar staidéir seo (gan an líne ciorcaid dhúbailte atá ann cheana a áireamh). Is iad seo a leanas na háiseanna pobail is gaire atá suite laistigh de 1 km den líne lasnairde: Séipéal Bhaile Órthaí (atá thart ar 150 méadar siar ó Thúir 302 agus ó Thúr 303) agus Scoil Náisiúnta Bhaile Roibín (atá thart ar 570 méadar soir ó thuaidh ó Thúr 349). Tá naoi n-áit chónaithe lonnaithe laistigh de 100 m den líne chiorcaid dhúbailte atá ann cheana idir an tSeansráid agus Fearann na Coille.
- 9 Tá dhá cheantar Gaeltachta ar leith i gContae na Mí arna sainiú go hoifigiúil, is iad sin; (a) Ráth Chairn, atá suite 4.8 km soir ó dheas ó Bhaile Átha Buí agus (b) Baile Ghib, atá 9.6 km soir ó Ceanannas. Gabhann an líne lasnairde trí cheantar Gaeltachta Bhaile Ghib.
- 10 Is sách éagsúil don bhonn geilleagrach i gContae na Mí agus cuimsíonn sé a lán earnálacha fostaíochta. Cé go bhfuil an fhostaíocht agus gníomhaíochtaí geilleagracha scaipthe ar fud an chontae, faightear bunús an fhuadair sna bailte príomha agus sna bailte tánaisteacha atá faoi fhás geilleagrach, is iad sin an Uaimh, Droichead Átha, Cill Dhéagláin, Dún Búinne, Ceanannas agus Baile Átha Troim. Taistealaíonn cuid mhór den daonra chuig áiteanna taobh amuigh den chontae le haghaidh na hoibre, go háirithe chuig ceantar Bhaile Átha Cliath. Baineann na príomhréimsí fostaíochta i **Limistéar Staidéir na Mí** leis an earnáil seirbhíse agus le déantúsaíocht. Is earnálacha tánaisteacha fostaíochta iad an talmhaíocht, forbairt tuaithe agus turasóireacht. Tá dífhostaíocht sa limistéar staidéir seo gar don mheánfhigiúr náisiúnta.

Tionchar Féideartha

- 11 Leanfaidh déimeagrafaic daonra ar aghaidh ag athrú sna blianta amach romhainn is cuma cé acu seo a leanann nó nach leanann an fhorbairt seo a bheartaítear ar aghaidh. Ní bheidh aon tionchar suntasach ag an bhforbairt a bheartaítear ar dhéimeagrafaic daonra cionn is go mbíonn sí sin faoi thionchar tosca sóisialta agus geilleagracha níos forleithne.
- 12 Ní forbairt í an fhorbairt a bheartaítear a théann trí limistéar beag de Ghaeltacht na Mí a bhfuil sé de thréith inti dul i bhfeidhm go mór ar chur chun cinn na Gaeilge mar theanga an phobail.
- 13 I dtaca le freastal ar riachtanais an fháis daonra atá réamh-mheasta agus lena chinntiú go mbeidh bonneagar leordhóthanach ar fáil d'fhostaíocht agus do ghníomhaíocht gheilleagrach in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann araon amach anseo, is ríthábhachtach go ndéanfar an eangach leictreachais a chothabháil agus a fheabhsú.
- 14 Ó thaobh an gheilleagair de, meastar gurb ionann luach caipitiúil an idirnascaire a bheartaítear agus timpeall €280 milliún. Soláthrófar cuid mhór poist dhíreacha agus indíreacha ar an suíomh agus lasmuigh den suíomh de bharr an tionscadail i rith na tréimhse tógála.

Bearta Maolaithe

- 15 Maidir leis an bhféidearthacht go mbeidh tionchar ar thaitneamhachtaí an phobail reatha agus an phobail a bheidh ann sa todhchaí a íoslaghdú, is é an príomhbheart maolaithe atá ann an oiread spáis agus is féidir a fhágáil idir an fhorbairt a bheartaítear agus lonnaíochtaí uirbeacha níos mó, sráidbhailte áitiúla, lonnaíochtaí cnuasta, áiteanna cónaithe aonair aonuaire, scoileanna, séipéil agus áiseanna pobail.

Tionchar Iarmharach

- 16 A luaithe a bheidh an fhorbairt a bheartaítear i mbun feidhme, réamh-mheastar nach mbeidh aon tionchar iarmharach ar dhéimeagrafaic daonra ná ar ghníomhaíocht gheilleagrach áitiúil.

5.3 DAOINE – ÚSÁID TALÚN

- 17 Déantar breithniú sa bhreithmheas ar úsáid talún sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta ar dháileachtaí talún talmhaíochta, gairneoireachta agus foraoiseachta² feadh na forbartha a bheartaítear (lena n-áirítear dáileachtaí talún atá suite feadh bealaí rochtana tógála sealadacha

² Is éard is dáileacht talún ann talamh faoi sheilbh arna chinneadh ó léarscáiliú clárlann talún. D'fhéadfadh sé nach ionann an dáileacht talún agus sealúchas iomlán an úinéara talún.

agus dáileacht talún amháin atá suite ag an gclós stórála le haghaidh ábhar tógála). Rinneadh an timpeallacht talmhaíochta, gairneoireachta agus foraoiseachta i láthair na huaire a mheasúnú trí agallaimh a chur ar úinéirí talún (dá mb'fhéidir), trí shuirbhéanna cois bóthair, agus trí scrúdú a dhéanamh ar grianghraif ón aer agus ar shonraí léarscáilithe de chuid Chlárlann na Talún.

An Staid faoi Láthair

- 18 Is talmhaíochta atá i 98.5% den talamh laistigh de chonair 1 km atá dírithe ar an ailíniú a bheartaítear i **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin**, agus is portach, talamh portaigh agus foraoiseacht atá i 1.5% de. Dé réir Áireamh Talmhaíochta 2010, is feirmeoirí déiríochta iad 11% – 15% d'úinéirí na talún talmhaíochta. Féachtar orthu sin mar fheirmeacha lena mbaineann ardíogaireacht chun críocha an mheasúnaithe comhshaoil seo. Is feirmeoirí mairteola agus / nó caorach nó feirmeoirí curaíochta féir iad thart ar 82% – 87% de na feirmeoirí. Féachtar orthu sin mar fheirmeacha lena mbaineann íogaireacht mheasartha. Déantar thart ar 2% – 5% a chatagóiriú mar fheirmeacha eile. Cuimsíonn siad sin eachaí, gairneoireacht, muca agus éanlaith. Féachtar orthu mar fheirmeacha lena mbaineann ardíogaireacht nó íogaireacht an-ard den chuid is mó. Rinne an t-agranamaí suirbhéanna ionad amhairc laistigh de **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin**. De réir na mbreathnóireachtaí sin, feirmeacha déiríochta a bhí i 7% de na dáileachtaí talún, feirmeacha mairteola agus / nó caorach a bhí i 53.5% díobh, fiontar diantalmhaíochta a bhí in 0.5% díobh (muca nó éanlaith), fiontair eachaí a bhí in 2% díobh. Bhí talamh a bhí gearrtha le haghaidh féar tirim nó sadhlais nó talamh nach bhfacthas aon eallach féaraigh le linn an tsuirbhé ann i gceist le 37% de na dáileachtaí talún. Rinneadh thart ar 89% de na dáileachtaí talún feadh na forbartha a bheartaítear a mheas mar dháileachtaí lena mbaineann íogaireacht an-íseal, íogaireacht íseal nó íogaireacht mheasartha. Meastar go mbaineann ardíogaireacht le thart ar 10% díobh agus go mbaineann íogaireacht an-ard le 1% díobh.
- 19 Is talmhaíochta atá i 99% den talamh laistigh de chonair 1 km atá dírithe ar ailíniú na forbartha a bheartaítear i **Limistéar Staidéir na Mí**, agus is portach, talamh portaigh agus foraoiseacht atá i 1% de. Dé réir Áireamh Talmhaíochta 2010, is feirmeoirí déiríochta iad thart ar 10% d'úinéirí na talún talmhaíochta. Féachtar orthu sin mar fheirmeacha lena mbaineann ardíogaireacht chun críocha an mheasúnaithe comhshaoil seo. Is feirmeoirí mairteola agus / nó caorach nó feirmeoirí curaíochta féir iad thart ar 79% de na feirmeoirí. Féachtar orthu sin mar fheirmeacha lena mbaineann íogaireacht mheasartha. Is feirmeoirí air agus / nó curaíochta measctha iad thart ar 10% de na feirmeoirí a bhfuil ar agus beostoc acu. Féachtar orthu sin mar fheirmeacha lena mbaineann íogaireacht mheasartha. Déantar thart at 1% a chatagóiriú mar fheirmeoirí eile (feirmeoirí eachaí, gairneoireachta agus éanlaith chlóis). Féachtar orthu mar fheirmeacha lena mbaineann ardíogaireacht nó íogaireacht an-ard den chuid is mó. Thug an t-agranamaí faoi shuirbhéanna ionad amhairc laistigh de Limistéar Staidéir na Mí. De réir na mbreathnóireachtaí sin, feirmeacha déiríochta a bhí in 9% de na

dáileachtaí talún, feirmeacha mairteola agus / nó caorach a bhí i 38.5% díobh (chonacthas eallach mairteola nó caorach le linn an tsuirbhé), dáileachtaí féaraigh a bhí gearrtha le haghaidh féar tirim nó sadhlais nó talamh nach bhfacthas aon eallach féaraigh le linn an tsuirbhé a bhí i 30% díobh, dáileachtaí air nó dáileachtaí barr measctha agus beostoic a bhí i 16.5% díobh, fiontair de chineál eile – lena n-áirítear fiontair eachaí, fiontair éanlaithe agus clóis feirme – a bhí i 6% díobh. Rinneadh thart ar 80.5% de na dáileachtaí talún feadh na forbartha a bheartaítear a mheas mar dháileachtaí lena mbaineann íogaireacht íseal nó íogaireacht mheasartha. Meastar go mbaineann ardíogaireacht le thart ar 14.5% díobh agus go mbaineann íogaireacht an-ard le thart ar 5% díobh. Meastar dáileachtaí talún foraoiseachta a bheith an-íogair i leith forbairtí líne lasnairde chun críche an bhreithmheasa seo ar úsáid talún, toisc gur gá an limistéar a bheith saor ó chrainn ar feadh achar 37 m ar a mhéad ar gach taobh de lár na líne lasnairde.

Tionchar Féideartha

- 20 I gcás feirmeacha ar a dtógfar túir, is ionann an tionchar féideartha i rith chéim na tógála agus an cineál tionchair a thagann as tógáil eile feirme, amhail nuair atá seideanna beostoic á dtógáil. Mar sin féin, tá suíomhanna fhormhór na dtúr a bheartaítear suite ar shiúl ón gclós feirme agus, dá bhrí sin, is gá rochtain a fháil trí rianta atá ann cheana a úsáid nuair is féidir nó trí bhealaí sealadacha a úsáid ar láithreáin úrnua.
- 21 Mura bhfuil bearta maolaithe i bhfeidhm, is féidir go dtiocfadh tionchar féideartha chun cinn le linn chéim na tógála in áiteanna a gcuirtear isteach ar eallach agus go dtéann siad ar seachrán, in áiteanna a bhfuil damáiste déanta don draenáil talún, in áiteanna a bhfuil rochtain shrianta ar thalamh nó in áiteanna nach gcloítear le réamhchúraimí galair. Glanfar crainn atá suite laistigh d'achar titime ón bhforbairt a bheartaítear, is féidir go mbeidh oibreacha glanta ag teastáil ag suíomh na dtúr. Glanfar foraoiseacht feadh an ailínithe freisin. Laistigh de **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin**, meastar go mbeidh an tionchar tógála do-airithe i gcás 87% de na dáileachtaí talún, go mbeidh drochthionchar tógála beag ann i gcás 12.7% de na dáileachtaí talún, go mbeidh drochthionchar tógála measartha ann i gcás 0.3% de na dáileachtaí talún (dáileacht talún amháin ag an gclós stórála le haghaidh ábhar tógála). Laistigh de **Limistéar Staidéir na Mí**, meastar go mbeidh an tionchar tógála do-airithe i gcás 79% de na dáileachtaí talún, go mbeidh drochthionchar tógála beag ann i gcás 18% de na dáileachtaí talún, go mbeidh drochthionchar tógála measartha ann i gcás 2% de na dáileachtaí talún agus go mbeidh drochthionchar tógála mór ann i gcás dhá dháileacht talún (1%). Tagann an drochthionchar measartha agus an drochthionchar mór chun cinn i ndáileachtaí talún foraoiseachta (laistigh de **Limistéar Staidéir na Mí**), in áiteanna ar gá a bheith saor ó chrainn feadh achar 37 m ar a mhéad ar gach taobh den lár líne (74 m).

- 22 Le linn chéim oibriúcháin na forbartha a bheartaítear, déanfaidh na túir cur isteach buan áitiúil ar oibríochtaí innealra amhail treabhadh agus spraeáil. Is féidir go mbeidh fiailí le fáil sa cheantar faoi bhun na dtúr agus beidh siad neamhbhearrtha i bpáirceanna curaíochta. Riosca breise sábháilteachta ar an bhfeirm a bheidh sa líne lasnairde agus sna túir; tugtar faoi deara, áfach, go bhfuil cúpla míle ciliméadar de línte ardvoltais lasnairde atá ann cheana ar fud na tíre agus go dtugtar faoin bhfeirmeoireacht go sábháilte faoina mbun. Is féidir go mbeidh gá le dul i ngleic le haon damáiste don ithir a bheidh ann go fóill tar éis chéim na tógála tríd an ithir a threabhadh agus a athchur chun an riocht bunaidh a chur ar an talamh arís. I gcásanna áirithe, is féidir go gcuirfidh suíomh na líne lasnairde ar an bhfeirm srian leis an gcumas chun foirgnimh mhóra thalmhaíochta a thógáil uirthi. Ní bheidh tionchar suntasach ar bheostoc ná ar bharr de bharr an torainn agus na réimsí leictreacha agus maighnéadacha a chruthóidh an líne lasnairde. Déanfar fáschoillte foraoiseachta tráchtála a ghlanadh go buan laistigh de chonair uasta 74 m atá dírithe ar an líne lasnairde a bheartaítear agus déanfar cothabháil bhreise ar fhálta sceach atá suite faoi bhun na línte lasnairde agus cóngarach dóibh. Déanfar suíomh an chlóis stórála le haghaidh ábhar tógála a athchóiriú lena úsáid chun críocha talmhaíochta nuair a bheidh an tógáil i gcrích. Le linn shaolré na forbartha a bheartaítear, déanfaidh BSL (Bord Soláthair an Leictreachais) cigireachtaí rialta agus roinnt gnáthobair chothabhála uirthi. Déanfar cigireacht íseal-leibhéil ar héileacaptair gach bliain.
- 23 Laistigh de **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin**, clúdóidh bunanna an 134 túr thart ar 2.7 heicteár agus déanfar damáiste don ithir ar thart ar 40 heicteár (ag suíomhanna tógála, feadh bealaí rochtana sealadacha, ag suíomhanna sreangaithe, ag láithreacha cumhdaigh agus ag an gclós stórála le haghaidh ábhar tógála). Laistigh de **Limistéar Staidéir na Mí**, clúdóidh bunanna an 174 túr (lena n-áirítear na 9 dtúr atá ann cheana) thart ar 4.2 heicteár, glanfar 14.6 heicteár d'fhoraois tráchtála agus clúdóidh an damáiste a dhéanfar don ithir thart ar 57 heicteár (ag suíomhanna tógála, feadh bealaí rochtana sealadacha, ag suíomhanna sreangaithe agus ag láithreacha cumhdaigh). San iomlán, ní thiocfaidh aon athrú suntasach ar úsáid talún faoi bhun na líne lasnairde. Tá tionchar do-airithe ar úsáid talún sa limistéar staidéir feadh na forbartha a bheartaítear nuair atá an líne i bhfeidhm.

Bearta Maolaithe

- 24 Fostóidh BSL foireann chun monatóireacht a dhéanamh ar chéim thógála agus oibríoch na forbartha agus chun a chinntiú go mbeidh na hoibreacha uile á ndéanamh de réir an *Phlean Tógála agus Bainistíochta Comhshaoil* (cuirtear breac-chuntas ar an *bPlean Tógála agus Bainistíochta Comhshaoil* san áireamh mar aguisín leis an Ráiteas Tionchair Timpeallachta). Cuirfear oiliúint chuí ar phearsanra ag a mbeidh baint le céim na tógála – go háirithe maidir lena gcuid freagrachtaí a bhaineann le rochtain a fháil ar fheirmeacha. Glacfar réamhchúraimí chun leathadh galair ainmhithe agus barr a sheachaint agus cloífidh an conraitheoir le rialacháin a bhaineann le galair ainmhithe agus bharr. Cuirfear fálta timpeall gach suímh thógála chun gortuithe do bheostoc a sheachaint agus coinneofar geataí rochtana ar pháirceanna dúnta go

daingean nuair a bhíonn an conraitheoir ag dul isteach i dtalamh feirme. Tabharfaidh an conraitheoir fógra don úinéir talún seachtain amháin ar a laghad sula dtabharfar faoi aon ghníomhaíochtaí tógála. Tabharfar fógra roimh ré sna meáin áitiúla agus náisiúnta faoi chigireachtaí ar héileacaptair. Is cleachtais oibre reatha a dhéanann foireann BSL iad cuid mhór de na bearta maolaithe do chéim na tógála agus don chéim oibríoch. Téann an fhoireann isteach i dtalamh feirme go minic chun bonneagar leictreachais a thógáil agus a chothabháil – gan aon drochthionchar suntasach ar fheirmeacha. Pléitear sa chomhaontú réamhluaite idir BSL agus Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann leis an gcaoi a gcuirfear oibreacha i gcrích i gcomhairle leis an úinéir talún agus a n-athchóireofar na tailte.

Tionchar Iarmharach

- 25 Déantar achoimre i d**Tábla 5.1** ar an tionchar iarmharach aonair ar dháileachtaí talún feadh na Forbartha a Bheartaítear.

Tábla 5.1 Achoimre ar Thionchar Iarmharach ar Dháileachtaí Talún Aonair

Limistéar Staidéir	Do-airithe	Drochthionchar Beag	Drochthionchar Measartha	Drochthionchar Mór	Tionchar An-Mhór
Laistigh de Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin	115	91	14	0	0
Laistigh de Limistéar Staidéir na Mí	88	80	7	3	0
Iomlán	203 (51%)	171 (43%)	21 (5.5%)	3 (0.5%)	0

5.4 DAOINE – TURASÓIREACHT AGUS TAITNEAMHACHT

- 26 Rinneadh measúnú ar an bhforbairt a bheartaítear i ndáil le turasóireacht agus taitneamhacht. Dírítear den chuid is mó sa mheasúnú ar an rogha conaire (1 km ar leithead) faoi mar a shainnithnítear sa cháipéis, *Final Re-evaluation Report (Tuarascáil Athmheasúnaithe Deiridh)* (Aibreán 2013), ina bhfuil an líne lasnairde a bheartaítear suite ach ní phléitear an mhórhthimpeallacht lasmuigh den chonair seo i gceantar atá laistigh de 5 km ar a laghad d'imeall seachtrach na conaire.
- 27 Tá an mheasúnacht bunaithe ar *Guidelines on the treatment of tourism in an Environmental Impact Statement (Treoirilínte maidir leis an gcaoi a ndéileáiltear leis an turasóireacht i Ráiteas Tionchair Timpeallachta)* de chuid Fháilte Éireann a forbraíodh chun cabhrú leis an measúnacht a dhéanann siad ar thionscadail agus ar an bhféidearthacht atá ann go n-imreoidh siad tionchar ar thurasóireacht agus ar thaitneamhacht. Moltar sna treoirilínte gur cheart cur síos a dhéanamh ar thréithe na turasóireachta, nó na hacmhainní a choinníonn an turasóireacht sa

cheantar ar dócha go mbeadh tionchar ag an bhforbairt a bheartaítear orthu faoi na ceannteidil: comhthéacs, tréith, tábhacht agus íogaireacht. Sonraítear sna treoirlínte chomh maith go gcumhdófar an cur síos mionsonraithe agus anailís sa rannán ina ndéileáiltear leis an ábhar comhshaoil ábhartha de ghnáth – amhail ‘*Tírdhreach*’. Ní gá ach an toradh ábhartha maidir le tábhacht dhóchúil don turasóireacht, nó an tionchar dóchúil ar thurasóireacht a achoimriú sa rannán seo.

- 28 Is iondúil go mbíonn an fhéidearthacht go sonrófaí tionchar ar mheallacht agus luach taitneamhachta ceantair agus an tionchar gaolmhar ar líon turasóirí agus ioncaim turasóireachta don cheantar sin i measc na saincheisteanna comhshaoil a thagann aníos i bhforbairtí línte lasnairde den chineál seo.

An Staid faoi Láthair

- 29 Laistigh de **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin**, tá roinnt nithe is díol spéise do thurasóirí agus taitneamhachtaí i gContae an Chabháin agus i gContae Mhuineacháin, a thairgeann raon éagsúil eispéiris turasóireachta, a bhaineann go príomha le cultúr, le fámaireacht, le héiceolaíocht agus le gníomhaíochtaí amuigh faoin spéir. Dé réir na faisnéise turasóireachta agus taitneamhachta atá ar fáil, is iad seo a leanas na príomhnithe is díol spéise do thurasóirí i gContae an Chabháin agus i gContae Mhuineacháin, arna sainaithint ag Fáilte Éireann: Bealach Mhuineacháin (a thrasnaíonn an líne lasnairde); Loch Mucnú (atá thart ar 6.6 km soir ón líne lasnairde); Lochán Leagha (atá thart ar 2.1 km siar ón líne lasnairde) agus Páirc Foraoise Dhún an Rí (atá thart ar 3.8 km soir ón líne lasnairde). I dteannta na mbailte móra ina bhfuil líon níos airde d’áiseanna turasóireachta agus taitneamhachta, tá roinnt bailte agus sráidbhailte beaga i gContae an Chabháin agus i gContae Mhuineacháin ina bhfuil roinnt nithe is díol spéise agus taitneamhachtaí do phobal an cheantair máguaird, lena n-áirítear Cluain Tiobrad (atá suite i ngar do láthair stairiúil Chath Chluain Tiobrad) agus Domhnach Maighean (láthair fhothracha Chaisleán Manan).
- 30 I dteannta na n-áiseanna, tá gníomhaíochtaí éagsúla do chuairoteoirí ar fáil i gContae an Chabháin agus i gContae Mhuineacháin. Cé go bhfuil a lán gníomhaíochtaí faoi dhíon suite i mbailte agus i sráidbhailte, tá réimse éagsúil gníomhaíochtaí faoin aer ar fáil ar fud an dá chontae. I measc na ngníomhaíochtaí sin, tá slatiascaireacht agus foghlaim timpeall Loch Mucnú, Loch Éigis, Loch Fea, Loch Dheiscirt, Loch Raithní, Loch na Craobhaí, Loch Morn agus a gcuid craobh-aibhneacha; eachaíocht; siúl; rothaíocht; cluichí gaelacha agus gníomhaíochtaí áineasa eile. Ina theannta sin, bíonn Aonach an Mhaí (aonach traidisiúnta capall) ar siúl an 12 Lúnasa gach bliain ag crosaire an Mhaí atá siar ó Dhún an Rí, agus a mheallann na céadta cuairteoir le linn an lae.

- 31 Tá réimse leathan cineálacha lóistín ar fud Chontae an Chabháin agus Chontae Mhuineacháin, agus tá formhór na dtithe lóistín suite sna príomhbhailte móra nó ar a n-imill. Chuir Fáilte Éireann sonraí ar fáil maidir leis na tithe lóistín cláraithe ar fad. Is iad na soláthraithe lóistín cláraithe is gaire don fhorbairt a bheartaítear ná Teach Mór Dhroim Thamhain (atá thart ar 330 m soir ó Thúr 222) agus Alice's Loft, ina bhfuil trí theachín féinfhreastail (atá thart ar 3 km soir ó Thúr 236).
- 32 In ainneoin na nithe is díol spéise atá le fáil i gContae an Chabháin agus i gContae Mhuineacháin agus in ainneoin na ndea-nasc iompair atá ann le Baile Átha Cliath agus le Tuaisceart Éireann, is íseal a bhíonn an líon cuairteoirí ar oirdheisceart an Chabháin agus ar oirthear Mhuineacháin i gcomparáid le contaetha eile in Éirinn. Tá an dara líon cuairteoirí is ísle i réigiún an iarthuaiscirt ag Contae Mhuineacháin. Ina theannta sin, ní ghnóthaíonn Contae Mhuineacháin ach ioncam íseal ó na cuairteoirí sin i gcomparáid le contaetha eile. D'ainneoin na staitisticí a d'fhoilsigh Fáilte Éireann i gcomhthéacs líon agus ioncam cuairteoirí, tá an t-ioncam ó thurasóireacht ina fhoinsé tábhachtach ioncaim sna ceantair áitiúla ina dtuilltear é agus is cosúil go n-éireoidh sé níos tábhachtaí arís de réir mar a fhorbrófar táirgí turasóireachta amach anseo. Sainithnítear forbairt na turasóireachta mar réimse tábhachtach um éagsúlú le haghaidh fiontair thalmhaíochta i bPleananna Forbartha Contae an Chabháin agus Mhuineacháin.
- 33 Tá a lán nithe is díol spéise do thurasóirí ar fud **Limistéar Staidéir na Mí**. Is ceannphointe turasóireachta tábhachtach é, agus díríonn turasóirí go háirithe ar Láithreán Oidhreachta Domhanda Bhrú na Bóinne de chuid Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (UNESCO), ina gcuimsítear na tuamaí pasáiste ag Sí an Bhrú, Cnóbha agus Dubhadh. Eascraíonn tábhacht an chontae mar cheannphointe turasóireachta mar thoradh ar an oidhreacht seandálaíochta agus ailtireachta, an tírdhreach tuaithe, na bailte agus sráidbhailte agus líne an chósta.
- 34 Ón bhfaisnéis atá curtha ar fáil, ar na nithe is mó díol spéise do chuairteoirí arna sainaitint ag Fáilte Éireann le haghaidh Chontae na Mí tá: Láthair Chath na Bóinne – Eastát an tSeandroichid (atá thart ar 22 km soir ón líne lasnairde), Ionad Cuairteoirí Bhrú na Bóinne, lena n-áirítear Sí an Bhrú, Cnóbha agus Dubhadh (atá thart ar 18 km soir ón líne lasnairde), Caisleán Bhaile Átha Troim (atá thart ar 6 km siar ón líne lasnairde), Cnoc na Teamhrach (atá thart ar 6 km soir ón líne lasnairde), Mainistir Bheighthí (atá thart ar 800 m soir ó thuaidh ón líne lasnairde) agus Slí Thiomána Ghleann na Bóinne agus nithe is díol spéise sa cheantar máguaird (a thrasnaíonn an líne lasnairde). Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, gan Caisleán Bhaile Átha Troim, Cnoc na Teamhrach, Mainistir Bheighthí agus Slí Thiomána Ghleann na Bóinne a áireamh, go mbeidh na nithe is díol spéise eile fad suntasach ar shiúl ón bhforbairt a bheartaítear agus nach bhfuil siad sainaitheanta ag Fáilte Éireann mar áiseanna turasóireachta laistigh de Limistéar Staidéir na Mí.

- 35 Tá roinnt nithe is díol spéise agus taitneamhachtaí áitiúla don daonra mórthimpeall ag roinnt mhaith de na bailte agus na sráidbhailte níos lú thart ar Chontae na Mí, lena n-áirítear: an Obair, Cill Mhaighneann, Baile Ghib, Baile Roibín, Dún Doire, an Bóthar Mín, Baile Órthaí, Baile Uilcín, Baile an Chaisleáin, Droim Rí, Dún Samhnaí, an Baile Corr, Taobh Urchair agus Baile an Bhóthair.
- 36 Mar aon leis na háiseanna, tá gníomhaíochtaí éagsúla do chuairteoirí ar fáil i gContae na Mí. Cé go bhfuil a lán gníomhaíochtaí faoi dhíon suite i mbailte agus i sráidbhailte, tá réimse éagsúil gníomhaíochtaí faoin aer ar fáil ar fud an chontae. I measc na ngníomhaíochtaí sin, tá slatiascaireacht, foghlacaireacht agus sealgaireacht, agus is iad an Bhóinn agus an Abhainn Dubh na príomhaibhneacha iascaireachta, eachaíocht, siúl, rothaíocht, cluichí gaelacha agus gníomhaíochtaí áineasa eile. Ina theannta sin, chuir Fáilte Éireann an tionscadal maidir le Slí Thiomána Ghleann na Bóinne i gcrích. Tá an bealach 225 km ar fad agus tá 22 láthair stairiúil air lena n-áirítear dhá láithreán oidhreachta dhomhanda ar feadh an bhealaigh. Gabhann an líne lasnairde trasna na slí tiomána ag dhá shuíomh, gar do Mhainistir Bheighthí agus gar do Bhaile Ghib. Tá radhairc áite éagsúla feadh an bhealaigh. Tá Aerpháirc Bhaile Átha Troim suite thart ar 1.2 km ón líne lasnairde. Is ceantar ardtaitneamhachta é Dún Doire; bíonn Aonach Dhún Doire agus féile Pháirc Dhún Doire ar siúl ann uair amháin sa bhliain, chomh maith leis na cúrsaí agus an oiliúint a bhíonn ar siúl ar bhonn leanúnach ar fud na bliana ag Teach Dhún Doire. Tá líon féilte agus imeachtaí áitiúla eile a bhíonn ar bun sa cheantar, lena n-áirítear Biongó Tiomáin Isteach i bpáirc lasmuigh de Bhaile Ghib; tá sé sin suite in aice leis an líne lasnairde a bheartaítear.
- 37 Tá réimse leathan cineálacha lóistín ar fud na gContaetha, agus an formhór díobh seo suite sna príomhbhailte móra nó ar a n-imill. Chuir Fáilte Éireann sonraí ar fáil maidir leis na tithe lóistín cláraithe ar fad. Is é Tithe Saoire agus Feirmeacha Chill Táile an soláthraí lóistín cláraithe is gaire don fhorbairt a bheartaítear atá thart ar 950 m soir ó Thúr 376.
- 38 Tá an turasóireacht tábhachtach do Chontae na Mí, go háirithe toisc go bhfuil sé suite cóngarach do Bhaile Átha Cliath, ina bhfaightear an líon agus an t-ioncam is airde maidir le turasóirí iasachta. Taifeadtar i staitisticí Fháilte Éireann gur tharraing Láithreán Oidhreachta Domhanda Bhrú na Bóinne sa bhreis ar 130,000 cuairteoir in 2012. Sainiúitear forbairt na turasóireachta tuaithe mar réimse tábhachtach um éagsúlú le haghaidh fiontair thalmhaíochta i bPlean Forbartha Contae na Mí. Tá líon fiontair turasóireacht tuaithe sa chontae cheana i gcóngarach na forbartha a bheartaítear, lena n-áirítear Turais an 'Crystal Maze' agus an 'Royal Breffni'. D'ainneoin na staitisticí a d'fhoilsigh Fáilte Éireann i gcomhthéacs líon agus ioncam cuairteoirí, tá an t-ioncam ó thurasóireacht ina fhoinsé thábhachtach ioncaim sna ceantair áitiúla ina dtuilltear é agus is cosúil go n-éireoidh sé níos tábhachtaí arís de réir mar a fhorbrófar táirgí turasóireachta amach anseo.

Tionchar Féideartha

- 39 Rinneadh breithniú ar na príomháiseanna do thurasóirí, arna sainaithint ag Fáilte Éireann, atá suite i **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin** agus i **Limistéar Staidéir na Mí** araon agus bhí sé mar chuspóir na príomháiseanna sin a sheachaint le linn chéim roghnúcháin an bhealaigh an oiread agus is féidir, ag seachaint drochthionchar suntasach dá réir sin. Cé go bhfuil nithe is díol spéise agus taitneamhachtaí eile ann do thurasóirí seachas na príomháiseanna turasóireachta, níl siad chomh híogair d'athrú i gcomparáid leis na príomháiseanna sin.
- 40 Taispeántar i bpróifíl turasóireachta **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin** go bhfuil formhór na bpríomháiseanna agus na bpríomhthaitneamhachtaí do thurasóirí suite níos mó ná 2 km ón bhforbairt a bheartaítear, agus Loch Mucnú, ar príomháis do thurasóirí é, suite níos mó ná 6 km soir ón bhforbairt a bheartaítear. Toisc go rachaidh an líne trí roinnt ceantar lena mbaineann íogaireacht tírdhreacha áitiúil agus éiceolaíochta, go sonrach, codanna gairide de Shlí Mhuineacháin, gar do láthair Aonach an Mhaí agus gar do Loch Morn, d'fhéadfadh tionchar indíreach, idir bheag agus mheasartha, a bheith aici ar tharraingteacht agus ar luach gaolmhar turasóireachta agus taitneamhachta na gceantar sin agus ceantar eile. Ina leith sin, rinneadh measúnú ar an méid tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an línebhealach ar thaitneamhachtaí éiceolaíochta agus amhairc na gceantar sin. Toisc go bhfuil na nithe is díol spéise turasóireachta is tábhachtaí, gan Slí Mhuineacháin a áireamh (arna sainaithint ag Fáilte Éireann agus ag gníomhaireachtaí turasóireachta áitiúla), á seachaint, agus gur féidir leanúint de ghníomhaíochtaí atá ann cheana gar don fhorbairt a bheartaítear, is réasúnta a rá gur beag nó measartha an tionchar áitiúil a bheidh ar an turasóireacht agus ar thaitneamhachtaí caitheamh aimsire agus ar ghníomhaíochtaí geilleagracha lena mbaineann sa limistéar staidéir seo a eascródh go díreach as an bhforbairt a bheartaítear.
- 41 Léirítear i bpróifíl turasóireachta **Limistéar Staidéir na Mí** go bhfuil formhór na bpríomháiseanna agus na bpríomhthaitneamhachtaí do thurasóirí arna sainaithint ag Fáilte Éireann suite thart ar 18 km ón bhforbairt a bheartaítear lena n-áirítear: láthair Chath na Bóinne – Eastát an tSeandroichid, Ionad Cuairteoirí Bhrú na Bóinne, Sí an Bhrú, Cnóbha agus Dubhadh. Toisc go rachaidh an líne trí roinnt ceantar d'íogaireacht tírdhreacha áitiúil, go sonrach in áiteanna a dtrasnaíonn sí codanna gairide de Shlí Thiomána Ghleann na Bóinne agus gar do láthair Mhainistir Bheighthí, d'fhéadfadh tionchar beag neamhdhíreach a bheith aici ar tharraingteacht agus luach gaolmhar turasóireachta agus taitneamhachta na gceantar sin agus ceantar eile. Toisc go bhfuil na nithe agus gníomhaíochta is díol spéise turasóireachta is tábhachtaí, arna sainaithint ag Fáilte Éireann agus gníomhaireachtaí turasóireachta áitiúla, á seachaint, seachas Slí Thiomána Ghleann na Bóinne agus gur féidir leanúint de ghníomhaíochtaí atá ann cheana gar don fhorbairt a bheartaítear, is réasúnta a rá gur beag an tionchar áitiúil a bheidh ar an turasóireacht agus ar thaitneamhachtaí caitheamh aimsire agus

ar ghníomhaíochtaí geilleagracha lena mbaineann sa limistéar staidéir seo a eascródh go díreach as an bhforbairt a bheartaítear.

Bearta Maolaithe

- 42 Is é roghnú bealaigh an príomhbheart maolaithe a úsáideadh leis an drochthionchar suntasach a d'fhéadfadh a bheith ag feidhmiú na forbartha a bheartaítear ar an turasóireacht agus ar thaitneamhacht a laghdú, agus déantar an fhéidearthacht maidir le drochthionchar a rangú mar dhrochthionchar áitiúil atá idir beag agus measartha i **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin** agus mar dhrochthionchar beag áitiúil i **Limistéar Staidéir na Mí**. Seachas an línebhealach a chur i gceantar eile, a d'fhéadfadh tionchar suntasach níos mó a chruthú sa cheantar sin, ní féidir bearta maolaithe ar bith eile a úsáid.

Tionchar Iarmharach

- 43 A luaithe a bhíonn an fhorbairt a bheartaítear i mbun feidhme, réamh-mheastar nach mbeidh ach tionchar iarmharach áitiúil idir beag agus measartha ar an turasóireacht agus ar thaitneamhachtaí.

5.5 DAOINE – RÉIMÍSÍ LEICTREACHA AGUS MAIGHNÉADACHA

- 44 Rinneadh measúnú ar an bhforbairt a bheartaítear i ndáil le EMF (réimsí leictreacha agus maighnéadacha).
- 45 Tá EMFanna le fáil i dtimpeallachtaí nádúrtha agus saorga araon. I measc foinsí nádúrtha EMFanna tá, mar shampla, réimse geomaighnéadach an domhain agus an réimse leictreach faoi stoirm thoirní ghníomhach. Ascaláíonn an leictreachas in Éirinn 50 uair gach soicind (i.e. ag minicíocht 50 Hertz) agus cruthaítear réimsí leictreacha agus maighnéadacha araon cibé áit a dhéantar leictreachas a ghiniúint, a tharchur, a dháileadh, nó a úsáid sa bhaile, san ionad oibre, agus i limistéir eile.
- 46 Ó na 1970idí, rinne taighdeoirí i ndisciplíní eolaíocha éagsúla staidéir chun scrúdú a dhéanamh ar an tionchar féideartha sláinte do nochtadh EMF. Áirítear sna staidéir sin staidéir eipidéimeolaíochta agus staidéir saotharlainne ar dhaoine, ainmhithe, fíocháin, agus cealla. Rinneadh imscrúdú i staidéir eipidéimeolaíochta ar cibé an raibh nochtadh níos mó do EMF nó nach raibh ag daoine a raibh riochtaí sláinte faoi leith ag dul dóibh, lena n-áirítear ailse. Rinneadh imscrúdú i staidéir saotharlainne ar cibé an bhféadfadh tionchar a bheith ag nochtadh do EMF sa tsaotharlann ar shláinte daoine agus ainmhithe nó freagairtí bitheolaíoch a chruthú i gcealla agus i bhfíocháin. Cé gur tuairiscíodh i gcuid de na staidéir eipidéimeolaíochta go bhfuil baint staitistiúil idir nochtadh fadtéarmach níos airde ar an meán do réimsí maighnéadacha agus leicéime in aois an pháiste, go háirithe, ní féidir teagmhas, earráid

- chórasach, agus maolú faoi fhachtóirí eile a chur as an áireamh mar mhínithe. Ina theannta sin, ní thacaítear le bunús bitheolaíoch don bhaint staitistiúil sin le staidéir a bhain le nochtadh saoil ainmhithe saotharlainne do réimsí maighnéadacha. Ar an gcaoi chéanna, níor deimhníodh i staidéir ar chealla agus fíocháin sásra ina bhféadfadh tionchar nimhiúil a bheith ag réimsí maighnéadacha laga a fheicimid go minic inár dtimpeallacht trí ailse a thosú nó a chur chun cinn.
- 47 Tá nochtadh ag gach duine i dtíortha forbartha agus i mbéal forbartha do EMF is cuma cá bhfuil cónaí orthu. Tá baint dhíreach ag neart an réimse leictirigh le voltas na foinse agus dá bhrí sin tá an réimse leictreach faoi líne tharchuir ardvoltas níos airde ná an réimse leictreach ón voltas íseal ar shreangú sa bhaile. Is é an t-aonad tomhais a úsáidtear le haghaidh neart réimsí leictreacha ná cileavolta in aghaidh an mhéadair (kV/m).
- 48 Is trí shreabhadh sruth leictirigh (i.e. trí shreabhadh luchtanna leictirigh trí línte cumhachta) a chruthaítear réimsí maighnéadacha. Léirítear neart réimse mhaighnéadaigh trí fhloscdhlús agus tomhaistear é in aonaid micritheisle (μT). Tá réimse geomaighnéadach an domhain a úsáidtear le haghaidh loingseoireacht compáis ionann le thart ar 50 μT ar fud na hÉireann.
- 49 Laghdaíonn leibhéil réimsí leictreacha agus maighnéadacha araon go pras de réir mar a théitear ar shiúl ón bhfoinse. Cuireann ábhair sheolta bac éasca ar réimsí leictreacha, rudai cosúil le fála, crainn, agus fiú amháin corp an duine.
- 50 Ní chuireann ábhair bac éasca ar réimsí maighnéadacha, mar sin, is mór idir an nochtadh a bhíonn ann ó lá go lá agus d'fhéadfaidís a bheith chomh híseal le 0.01 μT amach as bealach foinisí sonracha agus chomh hard le 1-2 μT ag 50 ceintiméadar ó fhearais tí; tá nochtaí os cionn 10 μT neamhchoitianta seachas nuair a bhítear an-ghar d'fhearais tí nó díreach faoi líne tharchuir ardvoltas, is ar feadh tréimhsí a bhíonn an-ghearr a tharlaíonn an dá chás sin de ghnáth.
- 51 Rinne go leor eagraíochtaí eolaíochta agus sláinte náisiúnta agus idirnáisiúnta, cosúil leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO), athbhreithniú ar an litríocht eolaíoch atá ann chun na rioscaí féideartha sláinte a eascraíonn as an nochtadh forleathan seo do EMF a mheasúnú. Tar éis an t-athbhreithniú grinn is cuimsithí a dhéanamh ar an litríocht eolaíoch maidir leis an tionchar féideartha sláinte a bhaineann le EMF, rinne an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte an ráiteas seo a leanas *“Bunaithe ar athbhreithniú grinn le déanaí ar an litríocht eolaíoch, bhí sé de chonclúid ag an WHO nach ndeimhnítear le fianaise reatha go bhfuil aon iarmhairtí sláinte ó nochtadh do leibhéal íseal de réimsí leictreamaighnéadacha”* [aistriúchán neamhoifigiúil] (An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, 2013) I réamhthuairim a scaoil coiste eolaíoch a chuireann comhairle ar an Aontas Eorpach maidir leis an bhféidearthacht a bhaineann le tionchar sláinte EMF, thángthas ar chonclúid chosúil (SCENIHR, 2013).

- 52 Mhol an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint Radaíochta Neamhianaíche treoirlínte um nochtadh atá bunaithe ar an eolaíocht a foilsíodh i 1998 chun an pobal agus oibrithe a chosaint ón tionchar is eol atá ag EMF a tharlaíonn ag ardleibhéil nochta, cosúil le spreagadh néaróg agus matán agus briogadh de bharr micreashuaitheadh. Chinn an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint Radaíochta Neamhianaíche freisin go bhfuil an fhianaise ó staidéir ina raibh nochtadh faoi na treoirlínte sin agus ó staidéir de thorthaí sláinte fadtéarmacha *“ró-lag chun an bunús a chruthú le haghaidh treoirlínte um nochtadh.” [aistriúchán neamhoifigiúil]* Sna treoirlínte a d’fhorbair an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint Radaíochta Neamhianaíche cruthaítear an bunús le haghaidh Mholadh an Choimisiúin Eorpaigh (1999/519/CE) ina leagtar síos treoirlínte do bhallstáit maidir le teorainn a chur ar nochtadh an phobail do EMF in áiteanna ina gcaitheann daoine go leor ama. Is é Moladh an CE an treoirlíne de facto infheidhmithe in Éirinn agus *“soláthraítear ann dóthain cosanta don phobal ó aon fhoinsí EMF” [aistriúchán neamhoifigiúil]* (An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, 2007).
- 53 I measc na n-ábhar eile a chuirtear in iúl go minic i ndáil le EMF, tá cur isteach féideartha ar fheistí leighis ionchlannaithe (cosúil le séadairí) agus an tionchar féideartha ar phlandaí agus ar ainmhithe. Thug an Coiste Eorpach um Chaighdeánú Leictirtheicniúil (CENELEC) le fios gur leor nochtadh do réimsí faoi na leibhéil thagartha atá luaite i gcás nochtadh an duine chun cur isteach ar fheistí leighis ionchlannaithe ghníomhacha a chosc (CENELEC 50527-1 2010). Ní dheimhnítear i dtaighde a cruinníodh le 40 bliain anuas ar phlandaí agus ar ainmhithe a nochtadh do EMF minicíochta rí-íslé (ELF) ó línte tarchuir agus i dtaighde a rinneadh sa tsaotharlann aon tionchar díobhálach ag EMF ar shláinte, ar iompar, ar tháirgiúlacht, ná ar chumas atáirgthe plandaí agus ainmhithe.

An Staid faoi Láthair

- 54 Thar fhormhór mór den bhealach a bheartaítear, is cumraíocht ciorcaid shingil a bheidh sa líne lasnairde a bheartaítear arna thacú ar thúir laithise. I gcodanna gearra in áiteanna eile feadh an bhealaigh, tá sé i gceist an líne a thógáil in dhá chumraíocht éagsúla: cumraíocht ciorcad shingil á dtacú ar thúir thrasuímh (thar 765 m idir Túir 118 agus 121) sa chuid den bhealach atá suite i **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin**; agus trí na túir laithise lena mbaineann ciorcad dúbailte atá ann cheana (thar 2.85 km) a úsáid sa chuid den bhealach atá i **Limistéar Staidéir na Mí**.
- 55 I **Limistéar Staidéir na Mí**, áit ina mbeartaítear an taobh neamhúsáidte (thuaidh) de na túir laithise lena mbaineann ciorcad dúbailte atá ann cheana a úsáid, a thacaíonn le ciorcad 400 kV na Seansráide go Fearann na Coille, beidh an EMF ón líne tharchuir éagsúil leis an EMF feadh na cumraíochta lena mbaineann ciorcad aonair. Cuireadh ríomhanna le chéile do na cumraíochtaí uile agus léirítear iontu na réimsí éagsúla leictreacha agus maighnéadacha a bhaineann le gach cumraíocht.

Tionchar Féideartha

- 56 Ní tharlaíonn EMF ach amháin nuair a bhíonn líne lasnairde i mbun feidhme. Dá bhrí sin, ní thagann aon tionchar chun cinn ón líne lasnairde le linn chéim thógála na forbartha a bheartaítear.
- 57 Chun measúnú a dhéanamh ar thionchar féideartha na réimsí leictreacha agus maignéadacha nuair a bheidh an fhorbairt a bheartaítear i bhfeidhm, ríomhadh na EMFanna ag 1 m os cionn talún, de réir caighdeáin chuí.
- 58 Tá an réimse maignéadach ón líne tharchuir 400 kV a bheartaítear ag an bpointe is airde díreach faoin líne ag an áit is lú fad idir na sreanga agus an talamh, go hiondúil an pointe lár réise. Bunaithe ar mheánlódáil ar an líne, ríomhtar go bhfuil uasleibhéal de thart ar 16 μT ag an réimse maignéadach, ach titeann déine an réimse mhaighnéadaigh de réir achair go dtí thart ar 1.0 μT ag achar 50 m agus go dtí thart ar 0.25 μT ag achar 100 m ón lár líne, arb ionann é agus laghdú faoi fhachtóir 64. I gcás nochtadh do réimse maignéadach, sonraíonn an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint Radaíochta Neamhianaíche (1998) go gcomhlíonann an líne caighdeáin nuair is féidir a léiriú go bhfuil an leibhéal nocht faoi bhun 100 μT (Leibhéal Tagartha). Is é 49 μT an t-uasréimse maignéadach a ríomhadh le haghaidh na forbartha a bheartaítear. Is leibhéal é sin nach dócha go dtiocfaidh sé aníos ach amháin le linn dálaí oibriúcháin eisceachtúla agus éigeandála neamh-mhinice agus ar feadh tréimhse ghairid. Beidh gnáthleibhéil oibriúcháin laethúla i bhfad níos ísle ná an leibhéal sin. Ó thaobh réimse maignéadach de, beidh an fhorbairt, mar sin de, i bhfad níos lú ná na leibhéil chaomhantais a shonraítear i dtreoirínte an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chosaint Radaíochta Neamhianaíche.
- 59 I gcás nochtadh do réimse leictreach, sonraíonn an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint Radaíochta Neamhianaíche (1998) nár cheart na leibhéil Bunsrianadh ar dhlús srutha sa chorp a shárú (luach a ríomhtar go dtiocfaidh sé aníos maidir le nochtadh de thart ar 9 kV/m sna limistéir ina gcaitheann an pobal tréimhse shuntasach). Is é 8 kV/m an t-uasréimse leictreach a ríomhadh le haghaidh na forbartha a bheartaítear agus, dá bhrí sin, cloifidh sé le treoirínte an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chosaint Radaíochta Neamhianaíche.

Bearta Maolaithe

- 60 Cé gur moladh bearta réamhchúramacha ar chostas íseal a chur san áireamh d'fhonn nochtadh do EMF i ndearadh suímh nó líneach a íoslaghdú (an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha, 2007; an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, 2007) agus gur leanadh iad sa tionscadal seo (i.e. áitribh chónaithe a sheachaint chomh fada agus is féidir agus EMF a íoslaghdú trí chéimniú optamach na líne tarchuir ina dtacaítear léi ar struchtúir ciorcaid dhúbailte), thug an Coimisiún Eorpach breithiúnas go mbeadh athruithe ar threoirínte reatha EMF míchuí *“toisc nach bhfuil aon táscairí eolaíocha soiléire ann go bhféadfaidh an tionchar*

féideartha ar shláinte an duine a bheith dainséarach” [aistriúchán neamhoifigiúil] (an Coimisiún Eorpach, 2002).

Tionchar Iarmharach

- 61 Mar achoimre, fiú amháin nuair a dhéantar toimhdí coimeádacha ‘an cháis is measa’ faoi na dálaí oibriúcháin a ghlahtar maidir leis an bhforbairt a bheartaítear, nach léireodh gnáthdhálaí oibriúcháin tríd sin, tá an EMF ón líne 400 kV a bheartaítear fós i bhfad níos ísle ná treoirlínte EMF na hÉireann agus an Aontais Eorpaigh. Nuair a scrúdaíodh taighde eolaíoch maidir le hábhair ina ndéantar nasc idir EMF ag na leibhéil sin nó ag leibhéil níos ísle agus sláinte daoine agus speiceas eile, níor léiríodh go mbeadh drochthionchar ar dhaoine ná ar speicis eile de bharr EMF. Tá an measúnú sin ag teacht le hathbhreithnithe a rinne gníomhaireachtaí sláinte agus eolaíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta. Toisc go gcomhlíonfar treoirlínte idirnáisiúnta ábhartha bunaithe maidir le rialú EMF, go sonrach na treoirlínte nochta cainníochtúla ábhartha, agus an forbairt a bheartaítear á hoibriú, níltear ag súil le haon tionchar iarmharach.

5.6 FLÓRA AGUS FÁNA

- 62 Tugadh faoin measúnacht ar thionchar féideartha éiceolaíochta na forbartha a bheartaítear ar fhlóra agus fána i limistéar staidéir an tionscadail de réir na riachtanas i reachtaíocht agus i dtreoirlínte náisiúnta agus Eorpacha. Cinneadh éiceolaíocht bhonnlíne an limistéir staidéir trí athbhreithniú ar fhoinsí a dhéanamh ar thacair shonraí éiceolaíochta agus ar fhoilseacháin éiceolaíochta, mar aon le suirbhéanna fairsinge flóra agus fána ar ghnéithe éiceolaíochta an limistéir staidéir ar tugadh fúthu thar roinnt séasúr (2007-2013), agus léirmhíniú ar aeríomhanna ardchaighdeáin. Bunaithe ar thorthaí na staidéir ar fhoinsí faisnéise agus na staidéir allamuigh, sainaithníodh Príomhghabhdóirí Éiceolaíochta (gnéithe lena mbaineann tábhacht éiceolaíochta a d’fhéadfadh a bheith íogair i leith tionchair ón bhforbairt a bheartaítear).
- 63 De réir na reachtaíochta ábhartha, cuireadh Ráiteas Tionchair Natura i dtoll a chéile freisin chun aghaidh a thabhairt ar thionchar féideartha na forbartha a bheartaítear ar shuíomhanna a shainítear mar ‘shuíomhanna Eorpacha’ (féach **Imleabhar 5** de na cáipéisí iarratais).
- 64 Chun eolas a thabhairt don bhreithmheas éiceolaíochta, rinneadh suirbhéanna allamuigh fairsinge ar fud an limistéir staidéir thar thréimhse sé bliana (2007-2013). Áiríodh leo sin suirbhéanna ildisciplíneacha éiceolaíochta (gnáthóga, flóra agus fána), suirbhéanna ar éin gheimhridh agus ar éin ghoir agus suirbhéanna ar ialtóga. Rinneadh suirbhé ar éin ghoir sna blianta 2009, 2012 agus 2013. I suirbhéanna ar éin ghoir, díríodh ar phríomhspeicis éan lena mbaineann tábhacht chaomhantais agus ar speicis eile éan a d’fhéadfadh bheith íogair. Rinneadh suirbhéanna fairsinge ilbhliantúla ar éin gheimhrithe chun eolas a thabhairt don mheasúnacht tionchair éiceolaíochta, agus díríodh go sonrach iontu ar Ealaí Glóracha. Rinneadh na suirbhéanna sin gach bliain ó 2007/2008 agus áiríodh leo comhairimh rialta ag

láithreáin aitheanta i dteannta breathnuithe ón aer ar an limistéar staidéar leathan ar tugadh fúthu trí úsáid a bhaint as eitleán beag.

An Staid faoi Láthair

65 Tá achoimre anseo a leanas ar an timpeallacht éiceolaíochta bonnlíne a sainaithníodh le linn an bhreithmheasa ar **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin**:

- Níl aon láithreáin sainithe Eorpacha ná láithreáin sainithe go náisiúnta le sonrú laistigh de gharchonair an ailínithe sa limistéar staidéir seo. Is é Loch an Easáin, ar pNHA é, an láithreán sainithe is gaire. Tá sé suite thart ar 250 m ó dheas ón ailíniú. Is é cSAC Phortach Choillidh Chonnaidh an láithreán Eorpach is gaire. Tá sé suite thart ar 11 km soir ó dheas ón ailíniú.
- Níor taifeadadh aon speiceas flóra neamhchoitianta ná faoi chosaint le linn na suirbhéanna allamuigh cóngarach don fhorbairt a bheartaítear sa limistéar staidéir seo. Taifeadadh 21 chineál éagsúla gnáthóige laistigh den limistéar staidéir. Catagóiríodh na gnáthóga sin ina gcúig phríomhchineál: fionnuisce, féarach, talamh portaigh, coillearnach agus scrobarnach, agus talamh saothraithe agus tógtha. Tá roinnt suíomhanna bogaigh le sonrú i gceantair ísle ar fud an ailínithe sa limistéar staidéir. Seachnaíonn dearadh na forbartha na túir agus na limistéir oibreacha eile a shuí laistigh d'aon suíomhanna bogaigh lena mbaineann tábhacht chaomhantais.
- Cuireann gréasán fairsing fáлта sceach agus crannteorainneacha nascacht ar fáil idir ceantair ina bhfuil gnáthóga leathnádúrtha ar fud thírdhreach an limistéir staidéir. Seachnaíodh formhór mór na bhfálta sceach agus na gcrannteorainneacha trí thúir agus trí limistéir oibreacha eile a shuí i ngnáthóga eile lena mbaineann luach íseal éiceolaíochta. Rinneadh measúnú allamuigh ar na fáлта sceach agus ar na crannteorainneacha sin a mbeidh tionchar díreach ag an bhforbairt orthu agus deimhníodh go mbaineann luach íseal nó luach measartha leo. Is sruthanna beaga iad formhór na sruthchúrsaí atá le sonrú laistigh den limistéar staidéir agus baineann tábhacht sách íseal éiceolaíochta leo ó nádúr. Mar sin féin, cuireann siad nasc ar fáil le gnáthóga uisceacha lena mbaineann tábhacht agus fogaireacht atá suntasach ó thaobh na héiceolaíochta de níos faide le sruth. Tá túir agus limistéir oibreacha eile a bheartaítear ar shiúl ó gach sruthchúrsa nádúrtha. Téann an t-ailíniú thar roinnt de na sruthchúrsaí sin ar feadh a fhaid.
- Féachtar ar an Eala Ghlórach mar speiceas atá an-so-ghabhálach i leith imbhuailidh faoi línte cumhachta agus tugadh faoi deara go luath i gcéim dhearaidh na forbartha gur speiceas é a úsáideann an limistéar staidéir seo le linn mhíonna an gheimhridh. Ar na cúiseanna sin, príomhspeiceas a ndéanfar machnamh air i dtaca le tionchar féideartha na forbartha a bheartaítear is ea an Eala Ghlórach. Taifeadadh trí phríomhshuíomh

san iomlán mar ar taifeadadh ealaí, i roinnt blianta ar a laghad, i gcóngar an ailínithe, agus taifeadadh go raibh eitiltí ócáideacha dóchúil ar fud bhealach an ailínithe. Ar na suíomhanna sin, tá Loch Choimeartaí, Loch an Mhuilinn agus Loch Rafteragh (suíomhanna sealgaireachta agus fara), Loch Éigis agus Loch Morn (suíomh sealgaireachta agus fara) agus Béal Átha an tSratha (suíomh sealgaireachta).

- Tá speicis mhamaigh faoi chosaint (go háirithe speicis bhroc, mhadraí uisce agus ialtóg) le sonrú laistigh de cheantair ghnáthóige oiriúnaí laistigh den limistéar staidéir seo. Tá broic le sonrú i measc na gnáthóige oiriúnaí ar fud an limistéir staidéir, agus is minice a fhaightear a mbrocacha i ngnáthóga faoi chrainn. Rinneadh gach brocach broic a sainaithníodh i rith na staidéir ar fhoinsí agus na suirbhéanna allamuigh a sheachaint. Tá an madra uisce sách neamhchoitianta ar fud an limistéir staidéir seo, agus níor taifeadadh aon fhianaise ar an madra uisce le linn suirbhéanna allamuigh. Taifeadadh ialtóga ag sealgaireacht agus ag bogadh i ngnáthóg oiriúnach (fálta sceach, crannteorainneacha agus limistéir faoi chrainn). Níor sainaithníodh aon suíomhanna fara i gcóngar an ailínithe tar éis staidéir ar fhoinsí agus suirbhéanna allamuigh. Is gann sa limistéar staidéir atá suíomhanna fara crainn féideartha. Sainaithníodh crannteorainneacha aibí agus coillearnach a sainaithníodh mar shuíomhanna fara féideartha. Má sheachnaítear gnáthóga a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach do mhamaigh faoi chosaint, cinnteofar nach mbeidh tionchar díreach ag aon oibreacha a bhaineann le tógáil na dtúr ar mhamaigh faoi chosaint.

66 Tá achoimre anseo a leanas ar an timpeallacht éiceolaíochta bonnlíne a sainaithníodh le linn an bhreithmheasa ar **Limistéar Staidéir na Mí**:

- Tá trí limistéar caomhantais sainithe laistigh de 5 km den fhorbairt a bheartaítear. Díobh sin, téann an t-ailíniú thar an mBóinn agus an Abhainn Dubh (cSAC agus SPA), a chuimsíonn dhá cheann de na sainiúcháin sin, ag dhá láthair, cé nach mbeartaítear aon túir ná gnéithe eile den fhorbairt (cé is moite de na seoltóirí atá ag dul thairisti) a shuí laistigh den teorainn suímh.
- Tá dhá NHA a bheartaítear agus gnáthóga neamhshainithe eile lena mbaineann luach caomhantais le sonrú freisin laistigh de 5 km den fhorbairt agus sainaithnítear iad agus seachnaíonn an fhorbairt a bheartaítear iad.
- Níor taifeadadh aon speiceas flóra neamhchoitianta ná faoi chosaint le linn na suirbhéanna allamuigh cóngarach don fhorbairt a bheartaítear. Taifeadadh 18 gcineál gnáthóige ag suíomh na forbartha a bheartaítear agus gar dó. Catagóiríodh na gnáthóga sin ina gceithre phríomhchineál: fionnuisce, féarach, coillearnach agus scrobarnach, agus talamh saothraithe agus tógtha. Níor taifeadadh aon ghnáthóga Eorpacha faoi chosaint le linn suirbhéanna allamuigh.

- Sainaitníodh an Pilibín agus an Cuidín araon mar phríomhspeicis íogaire éan a phóraíonn laistigh den limistéar staidéir. Ba dhóchúil go raibh idir dhá phéire agus trí phéire Pilibíní ag pórú gar do Bhaile Órthaí (siar ón ailíniú idir Túr 294 agus Túr 296) le linn shéasúir phórúcháin 2011, 2012 agus 2013. Is dóchúil go bpóródh an Cuidín i measc gnáthóga oiriúnacha (aibhneacha, sruthanna agus gnáthóga gaolmhara) ar fud an limistéir staidéir seo. Tá an Bhuíóg, éin uisce (lena n-áirítear an Spágaire Tonn, an Broigheall, an Eala Bhalbh) agus an Naoscach ar speicis eile éan lena mbaineann tábhacht chaomhantais áitiúil a breithníodh.
- Tugadh faoi deara go bhfuil an eala ghlórach ina speiceas a bhíonn an-choitianta sa limistéar staidéir seo sa gheimhreadh, agus iad i líonta a sháraíonn leibhéil shuntasacha náisiúnta go rialta (níos mó ná 150 éan). Ar an iomlán, aithníodh roinnt suíomhanna a bhfuil Tábhacht Náisiúnta leo (nó suíomhanna atá gar do Thábhacht Náisiúnta a bheith acu) mar chinn atá sách gar don ailíniú. Áirítear orthu sin: Linnte Fuill Mhianaigh na Teamhrach (suíomh fara), Gleann na hAbhann Duibhe (suíomhanna sealgaireachta éagsúla), Eastát Cheanannais (suíomh fara), an Abhainn Bhuí (suíomh sealgaireachta) agus níos déanaí anuas, Loch Cloony (limistéar), Baile Chrúis (limistéar) agus eastát Bhaile na Rátha (suíomh sealgaireachta agus fara).
- Tá speicis mhamaigh faoi chosaint, go háirithe speicis bhroc, mhadraí uisce agus ialtóg le sonrú laistigh de cheantair ina bhfuil gnáthóg oiriúnach (cois abhann, coillearnach, fálta sceach agus crannteorainneacha) laistigh den limistéar staidéir seo. Tá formhór na dtúr lonnaithe amach ó ghnáthóg pórúcháin a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach don speiceas sin. Taifeadadh ialtóga ag sealgaireacht agus ag bogadh i ngnáthóg oiriúnach (fálta sceach, crannteorainneacha agus limistéir faoi chrainn). Níor sainaitníodh aon suíomhanna fara i gcóngar an ailínithe tar éis staidéir ar fhoinsí agus suirbhéanna allamuigh. Sainaitníodh crannteorainneacha aibí agus coillearnach a sainaitníodh mar shuíomhanna fara féideartha. Má sheachnaítear gnáthóga a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach do mhamaigh faoi chosaint, cinnteofar nach mbeidh tionchar díreach ag aon oibreacha a bhaineann le tógáil na dtúr ar mhamaigh faoi chosaint.

67 Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar thimpeallacht reatha **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin** agus **Limistéar Staidéir na Mí**, cinneadh príomhghabhdóirí éiceolaíochta a bhí le sonrú i limistéar staidéir an tionscadail agus a raibh breithniú ag teastáil ina leith maidir le tionchar féideartha agus maolú. Ní tharlóidh aon chaillteanas díreach gnáthóige d'aon ghnáthóga a measadh a raibh luach Idirnáisiúnta, Náisiúnta nó Contae ag baint leo. Ní bheartaítear aon túir a shuí i ngnáthóga lena mbaineann ardluach.

Tionchar Féideartha

68 Rinneadh an tionchar féideartha (roimh bhearta maolaithe) a bhaineann le céim thógála na forbartha a bheartaítear laistigh de limistéar staidéir an tionscadail (**Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin agus Limistéar Staidéir na Mí araon**) a shainaithint mar seo a leanas:

- Laistigh de Limistéar Staidéir na Mí: cSAC/SPA na Bóinne agus na hAbhann Duibhe (truailliú neamhdhíreach uisce, cur isteach ar ghnáthóga bruachánacha agus fána cáilitheach faoi chosaint) – tionchar measartha;
- Laistigh de Limistéar Staidéir na Mí agus de Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin: pobail áitiúla na hEala Glóraí (cur isteach sealadach ó limistéir sealgaireachta le linn tógála) – tionchar do-airithe;
- Laistigh de Limistéar Staidéir na Mí agus de Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin: sruthchúrsaí agus trasbhealaí abhann (tionchar neamhdhíreach ag truailléin uisce, cur isteach ar ghnáthóga bruachánacha agus ar speiceas) – tionchar measartha;
- Laistigh de Limistéar Staidéir na Mí agus de Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin: suíomhanna áirithe ina bhfuil coillearnach líneach, coillearnach dhuillsilteach aibí, crannteorainneacha, fála scean (baint fásra) – tionchar measartha;
- Laistigh de Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin: suíomhanna neamhsainithe bogaigh agus féaraigh leathnádúrtha (caillteanas gnáthóige agus cur isteach ar ghnáthóga de bharr bearradh crainn agus oibríochtaí barraíola) – tionchar atá idir do-airithe agus beag;
- Laistigh de Limistéar Staidéir na Mí: Pilibín pórúcháin (cur isteach agus díláithriú sealadach le linn na tógála) – tionchar íseal;
- Laistigh de Limistéar Staidéir na Mí: Cruidín (baol go gcuirfear isteach ar shuíomhanna féideartha pórúcháin) – tionchar measartha;
- Laistigh de Limistéar Staidéir na Mí agus de Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin: speicis eile éin (cur isteach de bharr bhaint an fhásra adhmaigh) – tionchar íseal;
- Laistigh de Limistéar Staidéir na Mí agus de Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin: ialtóga (cur isteach ar fharaí féideartha crainn agus díláithriú na bhfaraí sin) – tionchar measartha;

- Laistigh de Limistéar Staidéir na Mí agus de Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin: madra uisce (baol go gcuirfear isteach ar shuíomhanna féideartha pórúcháin agus go ndíláithreofar na suíomhanna sin) – tionchar measartha; agus
- Laistigh de Limistéar Staidéir na Mí agus de Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin: broc (baol go gcuirfear isteach ar shuíomhanna féideartha pórúcháin) – tionchar atá idir íseal agus measartha.

69 Rinneadh an tionchar féideartha (roimh bhearta maolaithe) a bhaineann le céim oibriúcháin na forbartha a bheartaítear laistigh de limistéar staidéir an tionscadail (**Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin** agus **Limistéar Staidéir na Mí** araon) a shainathint mar seo a leanas:

- Laistigh de Limistéar Staidéir na Mí agus de Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin: daonraí áitiúla na hEala Glóraí (baol imbhuailte):
 - i. An Abhainn Dubh, Baile Chrúis agus Ceantar Loch Cloony (Limistéar Staidéir na Mí) – tionchar measartha
 - ii. An Abhainn Bhuí Thiar agus Tailtin (Limistéar Staidéir na Mí) – tionchar íseal
 - iii. Ceantar Bhéal Átha an tSratha (Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin) – tionchar íseal
 - iv. Ceantar Loch Choimeartaí – tionchar íseal
 - v. Ceantar Loch Morn agus Loch Éigis – tionchar an-íseal
 - vi. Suíomhanna eile (Limistéar Staidéir na Mí agus Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin) – tionchar do-airithe
- Laistigh de Limistéar Staidéir na Mí agus de Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin: éin eile (lena n-áirítear Eala Bhalbh, Broigheall, Foitheach Mór, Feadóg Bhuí) (baol imbhuailte) – tionchar do-airithe;
- Laistigh de Limistéar Staidéir na Mí: Pilibín pórúcháin (díláithriú de bharr tuilleadh creachóireachta / cur isteach ag corvidae / éin chreiche) – tionchar measartha;
- Laistigh de Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin: suíomhanna neamhshainithe bogaigh agus féaraigh leathnádúrtha (caillteanas gnáthóige agus cur isteach ar ghnáthóga de bharr bearradh crainn agus oibríochtaí barraíola) – tionchar atá idir do-airithe agus beag;

- Laistigh de Limistéar Staidéir na Mí agus de Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin: sruthchúrsaí agus trasbhealaí abhann (truailiú neamhdhíreach uisce le linn na cothabhála) – tionchar atá idir do-airithe agus measartha;
- Laistigh de Limistéar Staidéir na Mí agus de Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin: suíomhanna áirithe ina bhfuil coillearnach líneach, coillearnach dhuillsilteach aibí, crannteorainneacha, fála sceach (baint fásra) – tionchar do-airithe; agus
- Laistigh de Limistéar Staidéir na Mí agus de Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin: mamaigh faoi chosaint, lena n-áirítear Broc, Madra Uisce agus speicis ialtóige (cur isteach le linn na cothabhála) – tionchar atá idir do-airithe agus measartha.

Bearta Maolaithe

- 70 Is é a bhí i gceist leis na príomhbhearta maolaithe a cuireadh san áireamh agus an dearadh á fhorbairt ná gan suíomhanna túir ná aon limistéir eile oibre a shuí i ngnáthóga lena mbaineann ardluach (áitiúil). Níor measadh ach gnáthóga leathnádúrtha a bheith oiriúnach mar láithreacha túir, lena n-áirítear teorainneacha páirce fála sceach, ar measadh gur bhain luach íseal nó luach measartha leo. Níl aon túir ná aon limistéir oibreacha gaolmhara suite laistigh de shuíomhanna bogaigh feadh an ailínithe.
- 71 Laistigh de **Limistéar Staidéir na Mí**, ag láithreacha in aice le cSAC agus SPA na Bóinne-na hAbhann Duibhe, beidh gach bun túir a thógfar agus an ghníomhaíocht thógála ar fad a bhainfidh lena dtógáil lonnaithe 50 m ar a laghad ó bhruacha abhann, a sheachnóidh aon tionchar díreach ar láithreacha Eorpacha.
- 72 I gcás limistéar staidéir an tionscadail, dea-bhealach chun rioscaí le linn chéim na tógála, ar nós cur isteach ar fhiadhúlra agus chosaint cháilíocht an uisce, a laghdú an oiread agus is féidir is ea Cléireach Éiceolaíoch Oibreacha (ECoW) ag a bhfuil an taithí chuí a cheapadh d'fhonn comhairle a thabhairt ar chur i bhfeidhm an mhaolaithe éiceolaíoch mar a mhionsonraítear sa *Ráiteas Tionchair Timpeallachta*.
- 73 Trí mhaolú cúramach, is idir do-airithe agus beag a bheidh tionchar féideartha ar phríomhghabhdóirí éiceolaíochta (an Eala Ghlórach san áireamh). Beidh gá le monatóireacht ar éifeachtacht an mhaolaithe, go háirithe maidir le rath na gclaontaí eitilte éan ag laghdú an riosca imbhualite don Eala Ghlórach ag láithreacha sonraithe. Is é a bheidh i gceist leis sin clár monatóireachta a bheidh sainmhínithe go soiléir a chur i bhfeidhm le haghaidh Ealaí Glóracha, ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá na marcála líne. Ina theannta sin, déanfar monatóireacht ar athfhás fála sceach ag gach láthair túir ábhartha.

- 74 Tagtar ar an gconclúid gur dócha gur tionchar atá idir do-airithe agus beag a bheidh sa tionchar a imreoidh tógáil agus oibriúchán na forbartha a bheartaítear ar éiceolaíocht an limistéir staidéir, ar choinníoll go leanfar nósanna imeachta dea-chleachtais agus na bearta maolaithe a bheartaítear le linn an fhorbairt a thógáil, a athchóiriú agus a bhainistiú.

Tionchar iarmharach

- 75 Ní shainaithnítear aon drochthionchar suntasach ar shuíomhanna sainithe agus go háirithe ar SAC/SPA na Bóinne agus na hAbhann Duibhe.
- 76 Laistigh de **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin**, is tionchar do-airithe atá sa tionchar iarmharach a sainaithníodh a bheith i gceist le céim thógála an tionscadail ar ghabhdóirí ábhartha sainaitheanta éiceolaíochta, ach amháin i gcás an tionchair bhig a measadh a bheith ann ar fhálta sceach / crannteorainneacha. Is tionchar do-airithe atá sa tionchar iarmharach a sainaithníodh a bheith i gceist le céim oibríoch an tionscadail ar ghabhdóirí ábhartha sainaitheanta eolaíochta.
- 77 Laistigh de **Limistéar Staidéir na Mí**, is tionchar do-airithe atá sa tionchar iarmharach a sainaithníodh a bheith i gceist le céim thógála an tionscadail ar ghabhdóirí ábhartha sainaitheanta éiceolaíochta, ach amháin i gcás an tionchair bhig a measadh a bheith ann ar fhálta sceach / crannteorainneacha agus ar choillearnach dhuillsilteach aibí. Is tionchar do-airithe atá sa tionchar iarmharach a sainaithníodh a bheith i gceist le céim oibríoch an tionscadail ar ghabhdóirí ábhartha sainaitheanta eolaíochta, ach amháin i gcás an tionchair bhig a measadh a bheith ann ar Eala Ghlórach agus ar Philibín pórúcháin i gceantair áitiúla ar leith a sainaithníodh.

5.7 ITHREACHA, GEOLAÍOCHT AGUS HIDRIGEOLAÍOCHT

- 78 Rinneadh measúnú ar an tionchar ar ithreacha, geolaíocht agus hidrigeolaíocht ag teacht as an bhforbairt a bheartaítear. Tá achar os cionn 500 méadar ar an dá thaobh den línebhealach a bheartaítear i gceist sa mheasúnú ithreacha, geolaíochta agus hidrigeolaíochta ar an limistéar staidéir. Tá an t-ábhar geolaíochta sin le fáil feadh an ailínithe de bharr sil-leagan spruadair thar na milliúin bliain. Tá an t-ábhar geolaíochta atá faoin limistéar staidéir, idir an fho-ithir den mhianra oighreach agus an bhuncharraig, ceilte faoi thalamh. Déantar cur síos ar chineál, ar mhéid agus ar chastacht an ábhair gheolaíochta, ón dromchla síos tríd an bhfo-ithir mhianra go dtí an bhuncharraig.

An Staid faoi Láthair

- 79 Is é atá san fho-ithir atá faoi bhun an ailínithe a bheartaítear i limistéar staidéir an tionscadail go príomha ná sil-leagain tille neamhshórtáilte, agus tá gainimh agus gairbhéil oigheardhobhracha

ann freisin. Tá méideanna beaga de dhríodair bheaga, lena n-áirítear sil-leagain mhóna agus ghláracha, lonnaithe feadh an ailínithe freisin i **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin** agus i **Limistéar Staidéir na Mí**.

- 80 Laistigh de **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin**, is é an suíomh oidhreacht geolaíche is gaire ná pNHA na Léime Giorra atá soir ó thuaidh ón bhforbairt a bheartaítear. Laistigh de **Limistéar Staidéir na Mí**, beidh dhá thúr suite i Suíomhanna Geolaíocha Contae – is iad sin, Suíomh Geolaíoch Contae Ghalltroim agus Suíomh Geolaíoch Contae Allt Maise – agus beidh túr amháin suite i ngar do theorainn Shuíomh Geolaíoch Contae na Bóinne. Pléadh an tionchar féideartha le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann agus moltar bearta maolaithe a chur i bhfeidhm.

Tionchar Féideartha

- 81 Beidh tionchar ag céim na tógála den fhorbairt a bheartaítear ar staid na talún agus ar na tosca geolaíochta de bharr úsáid a bhaint as bealaí rochtana sealadacha agus tochailtí atá ag teastáil le haghaidh na nithe seo: bunanna na dtúr, cuailí cosanta, clós stórála le haghaidh ábhar tógála agus an síneadh leis an bhfostáisiún atá ann cheana. Beidh éagsúlacht i méid na dtoghailtí atá ag teastáil le haghaidh bhunanna na dtúr, ag brath ar na tosca geolaíochta beachta ag gach túr. Le linn na tógála, d'fhéadfadh an tionchar féideartha ar fho-ithir agus ar gheolaíocht de bharr na forbartha a bheartaítear éirí as doirteadh breosla, ola agus tuaslagóra de thaisme, rud a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do chaighdeán na hithreach, na buncharraige agus an screamhuisce dá rithfeadh sé isteach sa talamh le linn na tógála. Níl aon suíomhanna a d'fhéadfadh a bheith faoi réir truailliú mór suite laistigh de lorg na forbartha a bheartaítear.
- 82 Roghnaíodh na láithreacha túir i **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin** chun limistéir a n-aithnítear go bhfuil sil-leagain locha, móin shlán agus móin réitithe iontu a sheachaint nuair is féidir. Níor sainaithníodh móin shlán ag aon láthair thuir feadh an línebhealaigh agus seachnaítear Portach an Chaisil san ailíniú atá roghnaithe don fhorbairt a bheartaítear. Dá réir sin, meastar nach mbeadh aon drochthionchar ag na tochailtí atá ag teastáil le haghaidh thógáil na bpríomhghnéithe den fhorbairt a bheartaítear (bunanna túir) ar an éiceachóras móna atá níos íogaire.
- 83 Laistigh de **Limistéar Staidéir na Mí**, úsáidfídh an fhorbairt a bheartaítear an fostáisiún atá ann cheana i bhFearann na Coille, rud a laghdóidh an tionchar ar an gcomhshaol i láthair na huaire. Níl sé beartaithe fuíolluisce a scaoileadh go screamhuisce mar chuid den fhorbairt.
- 84 Tagann tionchar féideartha aníos mar a dtrasnaíonn bealaí rochtana sealadacha limistéir ina bhfuil móin réitithe agus bogdhríodair. Is féidir go mbeidh bealaí rochtana sealadacha a

chuimsíonn rianta alúmanaim nó matrach rubair ag teastáil ag roinnt láithreacha túir. Níl sé beartaithe bóithre cloiche ná trasnáin adhmaid a úsáid mar chuid den fhorbairt a bheartaítear.

- 85 D'fhéadfadh go ndéanfaidh láimhseáil agus diúscairt mhícheart ábhair barrachais difear don timpeallacht uisceach nó eolaíochta. D'fhéadfadh go mbeadh sioltachán sruthchúrsaí in aice láimhe ann dá bharr, agus beartaíodh fo-ithir a bhaint agus a stóráil go cúramach ina leith sin.

Bearta Maolaithe

- 86 Déanfar measúnú amhairc ar gach ábhar a thochlófar le haghaidh truailliú, amhail smálú nó drochbholaithe. Sa chás go dtabharfar smálú nó drochbholadh ar bith faoi deara, déanfar anailís ar shamplaí na hithreach sin le haghaidh ábhar salaithe le cinntiú nár truaillíodh an ithir roimhe. Má dhearbhaítear gurb éillithe atá aon chuid den ithir thochailte, déileálfar leis go cuí mar a cheanglaítear faoi na *hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola* agus na rialacháin a ghabhann leo.
- 87 Chun aon tionchar ar an tsraith fhodhromchla ó dhoirteadh ábhar a íoslaghdú, stórálfar gach ola, breosla agus tuaslagóir a úsáidtear le linn na tógála ar dhromchla bundáilte sealadach dílsithe (i.e. dromchla plaisteach bundáilte cuimsitheach). Bogfar iad sin go dtí suíomh gach túir de réir mar a théann an tógáil ar aghaidh. Beidh athbhreoslú feithiclí tógála agus cur olaí hiodrálacha nó bealaí ar fheithiclí ar bun ar shiúl ó chlasáin nó ó dhraenacha uisce dromchla, agus laistigh den bhábhún stórála ábhar a bheartaítear den chuid is mó. Ní cheadófar aon athbhreoslú laistigh de 50 m de shruth nó d'abhainn. Stórálfar trealamh doirte agus pacáí ionsúiteacha hidreacarbóin sa limistéar agus cuirfear oiliúint ar oibrithe chun an trealamh sin a úsáid i gceart.
- 88 Tá an measúnú ar shuntasacht an tionchair fhéideartha ar screamhuisce bunaithe ar an gcur chuige 'foinse-conair-gabhdóir' agus cinntear é trí íogaireacht an ghabhdóra agus méid aon tionchair araon. Tá uiscígh, éiceachórais talún atá spleách ar screamhuisce agus tollphoill astarraingt uisce i measc gabhdóirí screamhuisce. Níl aon túr lonnaithe laistigh de chosaint foinse istigh na scéimeanna um sholáthar screamhuisce phoiblí ná laistigh de 200 m den línebhealach.
- 89 Is féidir go mbeidh solaid ar fuaidreamh agus ábhair shalaithe san uisce a phumpáiltear ó na tochailtí. Cheal aon chóireála, d'fhéadfadh diúscairt an uisce sin chuig an talamh nó chuig an gcóras uisce dromchla a bheith ina cúis le meath cháilíocht uisce an chórais ghlactha. Is cianda ó ionaid réadmhaoine atá formhór na láithreacha túir agus, dá bhrí sin, ní dóchúil go mbeadh tionchar ag dí-uisciú na dtoghailtí ar na toibreacha agus na tollphoill atá ann. Is féidir go mbeidh solaid ar fuaidreamh san uisce a phumpáiltear ó na tochailtí agus cóireálfar é sula scaoilfear é.

- 90 Níor sainaithníodh aon tionchar suntasach le linn an tsainchomhairliúcháin le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann. Laistigh de **Limistéar Staidéir na Mí**, tá sé beartaithe an tionchar féideartha ar Shuíomh Geolaíochta Contae Allt Maise, ar Shuíomh Geolaíochta Contae Ghalltroma agus ar Shuíomh Geolaíochta Contae na Bóinne a mhaolú. Tiocfar ar ithreacha agus ar bhuncharraig le linn oibreacha ag iniúchadh an tsuímh / thógáil na dtúr. Chuathas i gcomhairle le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann ag gach céim den iarratas. I measc na mbeart maolaithe a comhaontaíodh le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann, tá tochailt a theorannú don lorg coise riachtanach ag moiréan Ghalltroim agus achar leordhóthanach a choinneáil idir an fhorbairt agus Sruth Allt Maise.
- 91 Mar gheall ar chineál na forbartha a bheartaítear, beidh innealra suite go tréimhsiúil ar an suíomh ag aon am ar leith. D'fhéadfadh astuithe éirí de thimpiste dá bharr, i bhfoirm ligean ola, peitрил, nó díosail. D'fhéadfadh sé a bheith ina ábhar éillithe má théann sé isteach san ithir nó sa bhuncharraig. Déanfar cothabháil sheachtainiúil agus seiceáil laethúil ar aon fheithiclí a úsáidfear le linn na céime oibríche chun a chinntiú go gceartófar aon damáiste nó aon ligean. Tá an tionchar féideartha teoranta de bharr mhéid umar breosla an ghléasra / na bhfeithiclí is mó a úsáidfear ar an suíomh. Glacfar réamhchúraimí chun doirteadh a sheachaint.
- 92 Na bearta maolaithe a leagtar amach maidir le hithreacha, geolaíocht agus hidrigeolaíocht, déanfar iad a chur chun feidhme mar chuid den *Phlean um Bainistiú Comhshaoil Tógála*.

Tionchar Iarmharach

- 93 Tá coinne le tionchar diomaibhseach ar na hithreacha, an gheolaíocht nó an hidrigeolaíocht mar gheall ar thógáil nó oibriú na forbartha a bheartaítear.

5.8 UISCE

- 94 Rinneadh measúnú ar an tionchar ar an gcomhshaoil uisce ag teacht as an bhforbairt a bheartaítear. Tá achar os cionn 500 méadar ar an dá thaobh den línebhealach a bheartaítear i gceist sa mheasúnú ar an limistéar staidéir.

An Staid faoi Láthair

- 95 Is ann do roinnt sruthanna beaga / aibhneacha atá lonnaithe feadh an línebhealaigh a bheartaítear laistigh de **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin**, ina measc tá craobh-aibhneacha na Níthe, an Chasáin, Abhainn an Droma Mhóir, Abhainn na hEoghancha, Abhainn Átha Féan agus Abhainn Chluain Tiobrad. Tá an fhorbairt a bheartaítear laistigh de dhobharcheantar roinnt lochanna. Tá an chuid is mó de na dobharcheantair abhann, bunaithe

ar an bhfaisnéis a bhfuil teacht uirthi, 'i mbaol gan Dea-stádas a bhaint amach' i dtaca le hUisce Dromchla (stádas 1a) faoin gCreat-treoir Uisce (2000/60/CE).³ Déanann an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil monatóireacht ar cháilíocht uisce dromchla na hÉireann chomh maith le measúnú ar cháilíocht na sruthchúrsaí ó thaobh ceithre chatagóir cháilíochta de: 'neamhthruaillithe', 'beagán truailithe', 'measartha truailithe', agus 'truailithe go holl'. Tugtar le tuiscint in athbhreithniú a rinneadh ar thorthaí an stáisiúin monatóireachta, go ginearálta, go bhfuil an chuid is mó de na haibhneacha feadh an ailínithe beagán truailithe nó measartha truailithe i **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin** in 2012/2013.

- 96 Laistigh de **Limistéar Staidéir na Mí**, is iad an Bhóinn, an Abhainn Dubh agus an Níth is mó atá i gceist leis an uisce dromchla nádúrtha sa limistéar staidéir, agus tá Fostáisiún Fhearann na Coille atá ann cheana lonnaithe i nDocharcheantar na Tulchann. Is ann do roinnt sruthanna beaga / aibhneacha atá lonnaithe feadh an línebhealaigh a bheartaítear, ina measc tá Abhainn Chill Mhaighneann, an Abhainn Bhuí, Abhainn an Chladaigh, Abhainn Derrypatrick, Abhainn Boycetown agus an Tulcha. Is ann d'ard-dlús draenála ar fud lár agus dheisceart na forbartha a bheartaítear. Tagann laghdú ar an dlús draenála lastuaidh den Obair i gContae na Mí de réir mar a thagann méadú ar rilíf agus ar líon na lochanna. Tá an chuid is mó de Dhobharcheantair na Bóinne agus na Tulchann, bunaithe ar an bhfaisnéis a bhfuil teacht uirthi, 'i mbaol gan Dea-stádas a bhaint amach' i dtaca le hUisce Dromchla (stádas 1a) faoin gCreat-treoir Uisce. Tugtar le tuiscint in athbhreithniú a rinneadh ar thorthaí an stáisiúin monatóireachta, go ginearálta, go bhfuil an chuid is mó de na haibhneacha feadh an ailínithe beagán truailithe nó measartha truailithe i **Limistéar Staidéir na Mí** in 2011 / 2012.

Tionchar Féideartha

- 97 Sonraítear an príomhthionchar féideartha ar an gcomhshaol uisce tráth chéim na tógála. D'fhéadfadh gníomhaíochtaí amhail leagan foraoisí, tógáil rianta rochtana sealadacha nuair is gá, tógáil bunsraitheanna túir agus tógáil túr, oibreacha in aice le sruthchúrsaí, ábhair thógála, stoc-charnadh ábhair agus sreangú seoltóirí tionchar a imirt ar an gcomhshaol uisce trína bheith ina gcúis le hathruithe srutha, le doirteadh dríodair agus le doirteadh ábhair shalaithe. Ní bheidh tionchar suntasach ag suiteáil cuailí cosanta ná ag gníomhaíochtaí teasctha crann ar an gcomhshaol uisce.
- 98 Tá an baol ann go mbeidh níos mó rith chun srutha le sonrú le linn na tógála de thairbhe bealaí rochtana sealadacha agus suaitheadh talún, balcadh ithreach agus stoc-charnadh ithreacha. D'fhéadfadh sé sin ráta agus méid an reatha chun srutha dhíriú ar dhromchla a mhéadú.

³Ceanglaítear le Treoir 2000/60/CE de chuid na gComhphobal Eorpach, lenar bunaíodh creat le haghaidh gníomhaíocht phobail i réimse an bheartais uisce (an Chreat-treoir Uisce [WFD] mar is fearr aithne uirthi), 'dea-stádas' a bhaint amach i measc an uile uisce Eorpaigh faoin mbliain 2015.

D'fhéadfadh dríodar dul isteach i sruthchúrsaí mar thoradh ar na hoibreacha tógála. Is ann do bhaol maidir le truailliú breosla de thaisme i rith thógáil na forbartha a bheartaítear. Is teoranta don tionchar féideartha a ghabhann le doirteadh de thaisme de bharr mhéid an innealra a úsáidtear agus scála teoranta na tógála ag suíomh ar bith. Tá coinchréit (an comhábhar stroighne, go sonrach) fíoralcaileach agus d'fhéadfadh tionchar a bheith ag aon doirteadh díreach go sruthchúrsa áitiúil ar cháilíocht an uisce agus ar fhána agus ar fhlóra sa ghearrthearma. D'fhéadfadh rith chun srutha coinchréite le huisce dromchla trí dhraenacha agus sruthchúrsaí eile cóngarach do limistéar na n-oibreacha dul isteach i sruthanna, aibhneacha agus lochanna lena mbaineann tábhacht éiceolaíochta níos mó.

- 99 Ní bheidh aon scaoileadh díreach go dtí an comhshaol uisce laistigh de **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin** agus **Limistéar Staidéir na Mí** le linn na céime oibríche. Ní réamh-mheastar go sonrófar tionchar féideartha ar bith eile i rith na céime oibríche.

Bearta Maolaithe

- 100 Chun an tionchar féideartha a mhaolú i rith chéim na tógála, déanfar na hoibreacha uile a bhaineann le tógáil na forbartha a bheartaítear agus aird chuí á tabhairt ar an treoir a leagtar amach i gCáipéis C650 de chuid an CIRIA, *Environmental Good Practice on Site (Dea-chleachtas Comhshaoil ar an Suíomh)*. Cuirtear srac-*Phlean um Bainistiú Comhshaoil Tógála* san áireamh leis an iarratas seo agus bainfear leas as lena chinntiú go ndéanfar cosaint chuí ar an gcomhshaol uisce, i measc nithe eile. Beidh an pearsanra ar fad a bheidh ag obair ar an tionscadal freagrach as rialú comhshaoil a gcuid oibre agus déanfaidh siad a ndualgais de réir cheanglais agus nósanna imeachta an *Phlean um Bainistiú Comhshaoil Tógála*. I dtaca le fuíolluisce a ghinfeadh le linn chéim na tógála, beidh áiseanna leasa ar an suíomh lena n-áireofar leithris cheimiceacha neamhspleácha.
- 101 Úsáidfear bacainn siolta / imbhallaí siolta i gcásanna ina dtabharfar faoi thúir nó faoi oibreacha in achomaireacht do shruthchúrsaí. Is ríthábhachtach go dtógfar claíocha siolta i gceart agus déanfaidh bainisteoir foirgníochta agus éiceolaí ar an láthair maoirseacht air sin. Beidh an bhacainn siolta / na cuirtíní siolta suite le grádán ó na hoibreacha agus déanfar cigireacht orthu go rialta, le linn tarluithe fearthainne agus dá n-éis. Cuirfear bearta réamhchúramacha breise chun feidhme cóngarach do láithreacha íogaire.
- 102 I gcás ina mbeidh sé den riachtanas screamhuisce a dhí-uisciú ar bhonn sealadach, déanfar an t-uisce dá dheasca sin a scagadh sula scaoilfear é. Is féidir screamhuisce a scagadh trí úsáid a bhaint as bundaí / umair atá líonta le hábhar scagaire. Déanfar monatóireacht ar cháilíocht an uisce a scaoilfear amach.

- 103 Déanfar réamhchúraim chun doirteadh a sheachaint, lena n-áirítear: úsáid a bhaint as coimeád tánaisteach, e.g. bundaí timpeall umair stórála ola, úsáid a bhaint as tráidirí silte timpeall gléasra soghluaiste, maoirseacht a dhéanamh ar gach gníomhaíocht seachadta agus athbhreoslaithe, agus limistéir neamh-thréscaoilteacha athbhreoslaithe ar leith atá ar leithlis ó dhraenacha uisce dromchla a shainiú agus a úsáid.
- 104 Maidir le saoráidí agus gníomhaíochtaí stórála ar an suíomh, stórálfar aon amhábhair agus aon bhreoslaí i limistéir bhundaithe, más cuí, chun doirteadh nó sceitheadh féideartha de thaisme a sheachaint. Déanfar seiceáil rialta ar gach trealamh agus innealra i gcomhair sceitheadh agus cáilíocht feidhmiúcháin.
- 105 Ní cheadófar na feithiclí a iompraíonn an choincréit a ghlanadh síos ná a ghlanadh amach ag suíomh na tógála. Déanfar na feithiclí sin a ghlanadh síos agus a ghlanadh amach ag saoráid chuí ag suíomh seachtrach nó san áit ina bhfuarthas an choincréit.
- 106 Cuirfear san áireamh sa chóras draenála uisce dromchla ag an gclós stórála le haghaidh ábhar tógála moltaí CIRIA C468 agus úsáidfear feistí draenála uirbí inbhuanaithe (SuDanna) nuair is iomchuí. Rachaidh an rith chun srutha ag an gclós stórála le haghaidh ábhar tógála trí bhac siolta, trí idircheapóir ola agus trí mhurlach socraithe sula scaoilfear chuig uisce dromchla é. Beidh rith chun srutha ó limistéir chrua teoranta ag Fostáisiún Fhearann na Coille teoranta chuig rátaí rith chun srutha a bheadh i láithreán úrnua.

Tionchar Iarmharach

- 107 Mar gheall ar nádúr na forbartha a bheartaítear, is i gcéim na tógála a bheidh an tionchar féideartha is mó ar an gcomhshaol uisce. I gcás ina gcuirtear i bhfeidhm na bearta maolaithe arna leagan amach sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta seo, meastar go mbeidh tionchar diomaibhseach ag an tionchar a bhaineann le céim thógála na forbartha a bheartaítear ar an gcomhshaol uisceach. Maidir le céim oibríoch na forbartha, meastar gur tionchar diomaibhseach a bheidh aige ar an gcomhshaol uisce áitiúil.

5.9 AER – TORANN AGUS CREATHADH

- 108 Rinneadh measúnú ar an tionchar torainn agus creathaidh ag teacht as an bhforbairt a bheartaítear. Baineadh leas sa mheasúnú seo as caighdeáin agus as treoircháipéisí éagsúla ina gcumhdaítear an tionchar a bhíonn ag foinsí seachtracha torainn agus tabhairt isteach torainn thionsclaíoch agus torann tógála. Tá achar os cionn 100 méadar ar an dá thaobh den ailíniú a bheartaítear i gceist sa mheasúnú ar an limistéar staidéir.

- 109 Bíonn roinnt tosca a théann i gcion ar an bhféidearthacht go mbeidh tionchar ag torann ó aon fhorbairt a bheartaítear cosúil le fad na n-oibreacha, saintréithe an torainn agus mar a dhéantar é a aireachtáil. Ní mór féachaint go suibíachtúil ar an tionchar agus a éifeachtaí. D'fhonn an tionchar ar ghabhdóirí íogaire a íoslaghdú, rinneadh measúnú ar an bhféidearthacht go mbeidh tionchar ag torann agus ag creathadh, agus cuireadh raon beart maolaitheach ar fáil, lena gcinnteofar go gcomhlíonfar teorainneacha i ndáil le torann inghlactha.

An Staid faoi Láthair

- 110 Tá an fhorbairt a bheartaítear lonnaithe i gceantar tuaithe den chuid is mó. Rinneadh suirbhé cuimsitheach bonnlíne torainn d'fhonn cur síos a dhéanamh ar leibhéal an torainn thimpeallaigh feadh an línebhealaigh a bheartaítear.
- 111 Is iad torann timpeallachta tuaithe (i.e. gaoth i gcrainn, gníomhaíochtaí talmhaíochta agus beostoc) agus torann iompair ó na bóithre áitiúla príomhthréithe na leibhéal torainn thimpeallaigh ag réadmhaoine atá lonnaithe gar don chuid is mó den bhealach. Mar sin féin, tá codanna den bhealach a bheartaítear, cóngarach do bhóithre gnóthacha, mar a bhfuil torann iompair ar an bhfoinse thorainn is mó.
- 112 Rinneadh an uile thomhas a thaifeadadh le linn aimsir fheiliúnach chiúin agus baineadh leas as ionstraimíocht de Chineál 1 a calabraíodh go cuí agus atá ar aon dul leis na caighdeáin agus leis an modheolaíocht reatha chuí.

Tionchar Féideartha

- 113 Is le linn chéim thógáil na forbartha a bheidh formhór an tionchair fhéideartha thorainn agus chreathaidh.
- 114 Tá an baol ann ag céim na tógála den fhorbairt a bheartaítear go n-ardófaí leibhéal torainn ag láithreacha torann-íogaire ar feadh tréimhse shealadach. Tá na láithreach torann-íogaire is gaire lonnaithe 50 m ar a laghad ó láithreacha beartaithe na dtúr. Tá an baol ann go mbeidh creathadh talún ann mar gheall ar oibreacha chéim na tógála, agus tiocfaidh sé sin go príomha ó thochailt agus ó oibreacha carntha (má tharlaíonn sé go bhfuil siad sin ag teastáil, rud nach cosúil).
- 115 Ní bheidh aon tionchar creathaidh suntasach a bhaineann leis an bhforbairt a bheartaítear le linn na céime oibríche agus oibreoidh an líne tharchuir de ghnáth gan tionchar suntasach torainn. D'fhéadfaí torann corónach a chloisteáil faoi thosca áitiúla áirithe, áfach. Is féidir leis na cineálacha torainn seo a leanas a bheith i gceist leis an torann a thiocfaidh ón líne tharchuir a bheartaítear le linn na céime oibríche: Torann ó Sceitheadh Corónach; Torann Oibríoch Leanúnach; Torann Aeólach; agus Spréachadh ag Bearnaí.

- 116 Is féidir le torann ó sceitheadh corónach tarlú ar línte tarchuir a iompraíonn voltais níos airde. De bharr na n-ardvoltas a bhaineann le línte lasnairde 400 kV, d'fhéadfaí torann oibríoch leanúnach a chloisteáil ach ní bheadh sé ní b'airde ná leibhéal an torainn chomhthimpeallaigh. D'fhéadfaí torann aeólach, ar a dtugtar torann gaoithe suaite freisin, a chruthú de bharr ardluasanna gaoithe a mbeadh tionchar acu ar thúir agus ar sheoltóirí. Is féidir le spréachadh ag bearnaí torann leictreach a dhéanamh ag minicíochtaí atá níos airde ná mar atá daoine in ann a chloisteáil agus dá bhrí sin fághtar ar lár iad mar fhoinsé núis torainn.

Bearta Maolaithe

- 117 Maidir le gníomhaíochtaí tógála, éileofar go gcloífidh gach innealra a úsáidfear le linn chéim na tógála leis na caighdeáin ábhartha. Moltar gur cheart cleachtais éagsúla a ghlacadh le linn tógála, lena n-áirítear gan oibriú le linn na hoíche de ghnáth, ionadaí suímh a cheapadh ar a mbeidh freagracht as cúrsaí a bhaineann le torann agus bealaí cumarsáide a bhunú idir an conraitheoir / an forbróir, an t-údarás áitiúil agus muintir na háite.
- 118 Ina theannta sin, úsáidfear bearta éagsúla praiticiúla chun torann a rialú, lena n-áireofar gléasra a roghnú a bhfuil baol íseal ann go dúchasach i leith torann agus / nó creathadh a ghiniúint, bacainní sealadacha a chur in airde timpeall nithe amhail gineadóirí nó comhbhrúiteoirí ardsaothair agus gléasra torannach a láithreánú chomh fada ar shiúl ó ghabhdóirí íogaire is a cheadaíonn srianta suímh.
- 119 Maidir le hoibreacha tógála a bhfuil an baol ann go gcruthóidh siad creathadh ag gabhdóirí íogaire, tabharfar fúthu de réir na luachanna teorann atá sonraithe i dtreoir an Údaráis um Bóithre Náisiúnta.
- 120 Le linn na céime oibríche, níl coinne leis go mbeidh tionchar mór torainn ag torann a thiocfaidh ón bhforbairt a bheartaítear. Mar go mbeidh cineálacha nua-aimseartha cáblaí á n-úsáid, táthar ag súil go n-íoslaghdófar an baol go mbeidh sceitheadh corónach ann. Úsáidfear sreangú lánteannais chun an baol go ndéanfar damáiste don seoltóir a laghdú. Beidh dromchla mín ag seoltóir glan gan damáiste, chomh maith le níos lú pointí géara nó imill ghéara a chuireann le torann corónach.
- 121 Beidh an líne tharchuir faoi réir suirbhé bliantúil ag patról héileacaptair. Ba cheart go ndéanfaí an t-ardú socair ar an leibhéal torainn de réir mar a thagann an héileacaptar i bhfoisceacht aon phointe ar leith (le linn dó an línebhealach a leanúint) aon ghné iontais de thús an torainn héileacaptair a íoslaghdú. Níltear ag súil go mbeidh sé sin ina chúis le haon tionchar suntasach torainn, mar thoradh ar chineál gearrthéarmach agus neamhbhuan an tsuirbhé bhliantúil agus mar thoradh ar an réamhfhógra a thabharfar d'úinéirí talún.

Tionchar Iarmharach

- 122 Cinnteoidh cloí leis na beartais mhaolaithe nach mbainfidh aon tionchar iarmharach torainn ná creathaidh leis an bhforbairt a bheartaítear.

5.10 AER – CAIGHDEÁN AGUS AERÁID

- 123 Tá cáilíocht an aeir ríthábhachtach do shláinte agus d'fholláine an duine agus chun cothabháil na n-éiceachóras nádúrtha a áirithiú. Rinneadh measúnú ar an tionchar féideartha ar aer agus ar aeráid ag teacht as an bhforbairt a bheartaítear.

An Staid faoi Láthair

- 124 Tá comhshaol reatha cháilíocht an aeir i limistéar staidéir an tionscadail an-mhaith den chuid is mó agus gabhann tiúchan íseal truaileán leis.

Tionchar Féideartha

- 125 Amhail formhór na dtionscadal mór innealtóireachta sibhialta, ní féidir roinnt astaíochtaí san aer, e.g. deannach, i rith chéim na tógála a sheachaint ar fad. Baineann na hastaíochtaí sin le gníomhaíochtaí tógála, ábhair a iompar, agus gléasra agus trealamh a úsáid. Mar sin féin, d'fhéadfaí go mbeadh miontionchar sealadach gearrthéarmach áitiúil ar chaighdeán an aeir de bharr gníomhaíochtaí a bhaineann leis an tógáil. Ní bheidh an tionchar ar an athrú aeráide i rith chéim na tógála suntasach.
- 126 Beidh glantionchar dearfach ag an bhforbairt a bheartaítear ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú trí fhorbairt bhreise a dhéanamh ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite ar bhealach éifeachtúil ó thaobh costas de agus éifeachtach. Ansin beifear in ann leas a bhaint as na foinsí sin in ionad fuinneamh a tháirgeadh ó bhreoslaí iontaise, agus tiocfaidh laghdú dá réir ar na hastaíochtaí gás ceaptha teasa, go háirithe dé-ocsaíd charbóin (CO₂), dé-ocsaíd sulfair (SO₂), agus ocsaídí nítriúla (NO_x). Cabhróidh sé freisin chun spleáchas na hÉireann a laghdú ar bhreoslaí iontaise chun fuinneamh a tháirgeadh agus tacóidh sé chun spriocanna comhaontaithe an Aontais Eorpaigh d'Éirinn maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus fuinneamh in-athnuaite a bhaint amach.

Bearta Maolaithe

- 127 Is le hastaíochtaí deannaigh i rith chéim thógála an tionscadail a bhaineann an acmhainneacht tionchair is mó. Is é an chaoi is éasca chun scaoilte cáithníní a bhainistiú agus a sheachaint ná bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar an suíomh agus an fhoinsé fhéideartha a rialú. Léireofar sna bearta maolaithe, arb é is aidhm dóibh a chinntiú go ndéanfar na hastaíochtaí ó na foinsí sin a laghdú an oiread is féidir, na bearta sin a leagfar amach go mionsonraithe sa

Phlean Tógála agus Bainistíochta Comhshaoil. Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm ar bhonn suíomhoiriúnaithe, bunaithe ar athbhreithniú ar na gníomhaíochtaí tógála lena mbaineann agus ar a ghaire agus atá siad do ghabhdóirí in aice láimhe ag gach láthair.

Tionchar Iarmharach

- 128 Beidh tionchar iarmharach dearfach san fhadtéarma ag an bhforbairt ar astaíochtaí gás ceaptha teasa toisc go n-éascóidh sé forbairt bhreise ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite agus a nascadh leis an eangach. Laghdóidh sin an spleáchas ar bhreoslaí iontaise, rud a laghdóidh líon na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa ina dhiaidh sin.

5.11 AN TÍRDHREACH

- 129 Tugadh faoi mheasúnacht tionchair tírdhreacha agus amhairc na forbartha a bheartaítear ar an timpeallacht máguaird i limistéar staidéir an tionscadail. Tagann tionchar tírdhreacha as athruithe fisiceacha ar chreatlach an tírdhreacha. Tá tionchar amhairc le sonrú nuair a athraíonn radhairc.

- 130 Is é is dóichí go dtarlóidh tionchar tírdhreacha agus amhairc sna cásanna seo a leanas:

- Is féidir líon mór túr a fheiceáil ó amharcphointe amháin;
- Trasnaíonn an líne lasnairde bealach áilleachta nó tá sí i ndlúthghaireacht do bhealach áilleachta;
- Trasnaíonn an líne lasnairde bóthar náisiúnta nó bóthar réigiúnach;
- Is féidir súil a bhaint den líne lasnairde feadh tírdhreach leathan tuaithe oscailte atá de chineál nádúrtha den chuid is mó;
- Trasnaíonn an líne lasnairde droim spéirlíne;
- Tá an líne lasnairde i ndlúthghaireacht d'abhainn nó do loch ag pointe ar a bhfuil radharc ó bhóithre poiblí; nó
- Ceantair ina dtrasnaíonn an líne lasnairde ceantar ardtalún atá feiceálach ó thaobh amhairc de.

- 131 Breithnítear sa mheasúnacht tionchair tírdhreacha agus amhairc an tionchar foriomlán ar áitribh chónaithe laistigh den limistéar staidéir. Ní bhreithnítear sa mheasúnacht tionchar amhairc na dtúr aonair; ina ionad sin, déantar iniúchadh ar thionchar iomlán na forbartha ar an tírdhreach.

- 132 Rinneadh staidéar ar cháipéisí ábhartha ar nós Pleananna Forbartha Contae agus Measúnuithe ar Shaintréithe Tírdhreacha Contae le haghaidh faisnéis tírdhreacha. Rinneadh cuairteanna suímh le tuiscint a fháil ar an tírdhreach agus le fáil amach céard iad na háiteanna is fearr le grianghraif a ghlacadh lena n-úsáid i bhfótamontáisí.
- 133 Cuireadh léarscáiliú Chríos na hInfheictheachta Teoiriciúla le chéile don fhorbairt a bheartaítear. Léirítear sa léarscáiliú ceantair óna bhféadfaí an fhorbairt a bheartaítear a fheiceáil in áiteanna nach bhfuil aon fhásra ná aon ghnéithe eile os cionn talún le fáil sa tírdhreach iontu. Tá léarscáiliú Chríos na hInfheictheachta Teoiriciúla úsáideach maidir le láithreacha inar féidir fótamontáisí a ghlacadh a aithint, ach ní léiríonn léarscáiliú fíor-infheictheacht na forbartha a bheartaítear. Is féidir le fótamontáisí na radhairc a gheofaí ó láithreacha éagsúla ar an bhforbairt a bheartaítear i measc an tírdhreacha a léiriú. Dá bhrí sin, ba chóir léarscáiliú Chríos na hInfheictheachta Teoiriciúla a úsáid mar aon le fótamontáisí chun an difríocht idir infheictheacht *fhéideartha* agus infheictheacht *iarrbhír* a aimsiú.
- 134 Níl aon bhealach suntasach chun gach radharc laistigh de thírdhreach ar leith a léiriú – tá an líon amharcpointí féideartha gan teorainn, beagnach. Ina ionad sin, cuirtear sampla léiritheach de radhairc fótamontáise ar fáil sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta. Ina measc, tá radhairc ó cheantair ardaithe i dtírdhreach an-oscailte, áit a dtrasnaíonn an t-aillíniú talamh ard nó in aice láithreach. Roghnaítear láithreacha eile fótamontáise chun nádúr na hinfheictheachta sa tírdhreach mór a léiriú.

An Staid faoi Láthair

- 135 Tá an tírdhreach laistigh de **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin** ina chuid den chríos droimníní fairsing a ndéantar feirmeoireacht air a shíneann soir siar ar oileán na hÉireann. Léirítear áitreabh fada an cheantair seo i bpatrún casta fálda scean agus páirceanna atá ina gcuid de scéal thionchar an duine sa Chabhán agus i Muineachán agus cuimsíonn sé tithíocht tuaithe fhorleathan, foirgnimh feirme agus thráchtála, gréasán dlúth bóithre agus bonneagar reatha fionas. Cuimsíonn an ceantar roinnt ardtailte, lena n-áirítear sliabh Lochán Leagha sa Chabhán agus ardtailte Mhullaigh Aise in aice leis an teorainn le Tuaisceart Éireann, mar aon le ceantair ísle ina bhfuil a lán lochanna.
- 136 Aithnítear codanna ar leith den tírdhreach mar cheantair lena mbaineann luach suntasach, go háirithe mullaí droimníní, ceantair ardtalún agus suíomhanna i gcóngar lochanna. Tá roinnt amharcpointí áilleachta, bealaí siúil agus ceantair thaitneamhachta aitheanta sa Chabhán agus i Muineachán.
- 137 Is iad na ceantair is fogaire laistigh den limistéar staidéir seo i leith thabhairt isteach na líne lasnaide ná mullaí droimníní, suíomhanna i gcóngar lochanna, áiteanna ar féidir amhairc a fháil ó cheantair ardaithe agus na hardtailte in aice na teorann le Tuaisceart Éireann agus ag

Lochán Leagha sa Chabhán. Tá an chuid eile den tírdhreach laistigh den limistéar staidéir láidir den chuid is mó agus is féidir léi freastal ar mhéid áirithe athraithe gan difear a dhéanamh do shaintréithe ginearálta bunúsacha an tírdhreacha. Folaíonn cineál iata an tírdhreacha droimníní an togra in áiteanna a leanann an líne codanna ísle den tírdhreach.

- 138 I **Limistéar Staidéir na Mí**, tá ísealtailte torthúla talmhaíochta Chontae na Mí, an Bhóinn agus an Abhainn Dubh, mar aon le droimníní de réir mar a théitear ó thuaidh. Tá an tionchar atá á imirt ag an duine ar an tírdhreach seo le fada an lá le feiceáil i raon tírdhreacha agus gnéithe infheicthe oidhreachta tógtha, chomh maith le tithíocht tuaithe, foirgnimh feirme agus thráchtála fhorleathana, gréasán dlúth bóithre agus fála sceach agus an bonneagar reatha fiontas.
- 139 Aithnítear codanna ar leith den tírdhreach mar cheantair lena mbaineann luach suntasach – go háirithe an Bhóinn agus an Abhainn Dubh agus codanna níos airde den tírdhreach. Tá roinnt amharcpointí áilleachta, séadchomharthaí, bealaí siúil agus tiomána, ceantair a d'fhéadfadh a bheith ina gceantair thurasóireachta agus sraith de thírdhreacha deartha stairiúla mar a thuairiscítear i bhFardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta sa Mhí freisin.
- 140 Dá bhrí sin, is iad na ceantair is íogaire laistigh de **Limistéar Staidéir na Mí** Gleann na hAbhann Duibhe agus Gleann na Bóinne agus Ardtailte Oirthear Chontae an Chabháin. Is iad na ceantair ag a bhfuil an cumas is ísle an líne tharchuir a ionsú isteach i nádúr leathan an tírdhreacha ná na codanna is airde de dhroimníní, ceantair phortaigh nó páirceanna móra atá an-réidh agus an-oscailte agus i bhforchóngar na Bóinne agus na hAbhann Duibhe. Tá an chuid eile den tírdhreach laistigh den limistéar staidéir láidir den chuid is mó agus is féidir léi freastal ar mhéid áirithe athraithe gan difear a dhéanamh do shaintréithe ginearálta bunúsacha an tírdhreacha. Folaíonn gréasán dlúthfhálta sceach an tírdhreacha an togra in áiteanna a leanann an líne codanna ísle den tírdhreach.

Tionchar Féideartha

Céim na Tógála

- 141 Laistigh den limistéar staidéir, beidh innealra tógála, bealaí rochtana sealadacha, an clós stórála le haghaidh ábhar tógála agus méaduithe ar líon na bhfeithiclí le feiceáil sa cheantar áitiúil le linn chéim na tógála. Beidh tionchar amhairc thógáil na dtúr sealadach agus beidh sé le sonrú sa cheantar áitiúil, ach beidh éifeacht níos forleithne ag tionchar tírdhreacha agus amhairc na ngluaiseachtaí tráchta.
- 142 D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ar fhásra fála sceach timpeall ar na túir le linn chéim na tógála. Agus an fhorbairt a bheartaítear á tógáil, beidh gá le haon chrainn nó le haon fhálta sceach a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh do na túir nó don seoltóir a theascadh, a bhearradh nó a bhaint. Déanfaidh sé sin difear do roinnt crainn fhásta agus crannteorainneacha feadh bhealach na forbartha a bheartaítear. D'fhéadfadh fála sceach

agus crannteorainneacha bearrtha fás suas go dtí na túir agus faoina mbun. Beidh gá le sraith crann atá 74 m ar fad a bhaint i gceantair ina dtéann an línebhealach trí choillearnach.

An Chéim Oibríoch

- 143 Le linn na céime oibríche, beidh athruithe suntasacha ar shaintréithe an tírdhreacha i ngarchomharsanacht na líne (suas le 600-800 m ó struchtúir neamhfholaithe), go háirithe mar a bhfuil na túir le feiceáil ó na codanna uachtaracha de dhroimníní, ach ní bheidh ach athrú beag ar shaintréithe an tírdhreacha mhóir. In áiteanna nach bhfuil aon fhásra ná topagrafaíocht san idirspás eatarthu, d'fhéadfadh an líne tharchuir a bheith le feiceáil ó thithe agus ó bhóithre atá suite laistigh de 1-1.5 km den fhorbairt a bheartaítear. Bheadh sé deacair, áfach, na túir a shonrú níos faide ná 800 m ar shiúl uathu de ghnáth. Laghdaíonn an tionchar amhairc de réir mar a théitear níos faide ar shiúl, agus tagann an tionchar is suntasaí chun cinn laistigh de 600-800 m de struchtúir neamhfholaithe.
- 144 Níl aon tionchar suntasach ar bhailte ná ar shráidbhailte laistigh de **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin**. Ina theannta sin, níl aon tionchar suntasach ar amharcpointí áilleachta aitheanta. Seachnaíonn an línebhealach na mórlochanna go léir sa limistéar staidéir seo ach bheadh sé le feiceáil ar dhroimníní in aice le dhá loch bheaga; Loch Morn agus Loch an Easáin. Trasnaíonn an líne tharchuir Slí Mhuineacháin idir Túir 109 agus 110 agus beifear in ann í a fheiceáil go heatramhach agus go hoscailte ar feadh stráice de thart ar 2 km de bhealach siúil Shlí Mhuineacháin ó achar idir 0 m agus 400 m.
- 145 Laistigh de **Limistéar Staidéir na Mí**, téann an líne i bhfoisceacht 400 m de shráidbhailte Bhaile Roibín agus Dhún Doire agus bheifí in ann í a fheiceáil ag garfhad ó imeall na lonnaíochtaí sin. Téann an líne i bhfoisceacht 1 km de shráidbhaile Chill Mhaighneann agus d'fhéadfaí amhairc chianda a fháil ó roinnt áiteanna sa sráidbhaile. Bheifí in ann an líne a fheiceáil ó radharc áilleachta áitiúil (VP86 i bPlean Forbartha Chontae na Mí) ag breathnú ó dheas ón droichead ag Beighthigh. Trasnaíonn an t-aillíniú an Bhóinn, an Abhainn Dubh agus Cill Mhaighneann agus téann sé comhthreomhar le hAbhann an Chladaigh ar feadh thart ar 2 km. Trasnóidh an líne tharchuir slí thiomána na Bóinne ag dhá láthair. Téann an t-aillíniú trí imeall Eastát Brittas.

Bearta Maolaithe

- 146 Is é an bealach is fearr chun an tionchar tírdhreacha agus amhairc a íoslaghdú ag céim shocrú an bhealaigh ná na codanna is íogaire den tírdhreach a sheachaint. Le linn chéim shocrú an bhealaigh, féachadh leis na codanna sin den tírdhreach atá ar na codanna is íogaire i leith na forbartha a bheartaítear a sheachaint, ach ní rabhthas in ann an mórthionchar tírdhreacha agus amhairc ar fad a sheachaint. Beartaítear bearta maolaithe eile a chur i bhfeidhm chun drochthionchar a íoslaghdú le linn chéim na tógála agus le linn na céime oibríche.


147 Is iad seo a leanas na príomhbhearta maolaithe a bheartaítear le linn chéim na tógála:

- Bealaí rochtana agus bearnaí i bhfálta sceach atá ann cheana a úsáid;
- Fálta sceach agus fásra talún a aischur (le plandú den chineál céanna nó de chaighdeán níos airde);
- Fásra coinnithe a chosaint;
- Modhanna séimhe prúnála fásra agus monatóireacht ar athfhás fásra;
- Déanfar fálta sceach a chothabháil lena chinntiú nach n-éireoidh fásra ar bith ard go leor le cur isteach ar na seoltóirí;
- Athchóiriú shuíomh an chlóis stórála le haghaidh ábhar tógála a bheartaítear;
- Fo-ithir agus barrithir a bhaint, a stóráil agus a athchóiriú i gceart; agus
- Ithir a dhiúscairt i gcás nach mbeidh gá le hathchóiriú.

148 Ag láithreacha íogaire ar leith; mar shampla, gleannta na Bóinne agus na hAbhann Duibhe agus Eastát Brittas, agus feadh an bhealaigh ar fad, más gá, d'fhéadfaí dul i gceann mionmhaolú trí chrainn agus trí fhálta sceach a choinneáil nó a shaothrú tuilleadh in amharcpointí tábhachtacha.

Tionchar iarmharach

149 Is é atá sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta ná measúnacht iomlán mhionsonraithe ar íogaireacht an tírdhreacha, ar ghnéithe tírdhreacha agus ar radhairc, ar an gcineál athraithe a thiocfaidh as an bhforbairt a bheartaítear, agus ar mhéid an tionchair iarmharaigh. Is ionann an tionchar iarmharach agus an tionchar a thiocfaidh chun cinn mar thoradh ar an bhforbairt a bheartaítear a thógáil agus ar na bearta maolaithe uile a chur i bhfeidhm go rathúil. Déantar cur síos níos mine ar an tionchar iarmharach sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta ach ní liostaítear thíos ach na cineálacha tionchair sin a mheastar a bheith suntasach de réir an scála aistrithigh suntasachta seo.



Fíor 5.1: Tionchar iarmharach ar an Tírdhreach

- 150 Beidh tionchar suntasach ar shaintréithe tírdhreacha na láithreacha neamhfholaithe atá suite suas le 600-800 m ón bhforbairt a bheartaítear feadh fhad iomlán an línebhealaigh. Beidh tionchar suntasach (ach tionchar éagsúil) ar radhairc ó ionaid réadmhaoine neamhfholaithe aonair atá suite suas le thart ar 600-800 m ón bhforbairt a bheartaítear. Beidh méid an athraithe ar radhairc den sórt sin ag brath ar achar, ar láthair an amharcóra ag an réadmhaoin (gairdín / urlár uachtair nó íochtair) agus ar an méid fásra agus ar líon na bhfoirgneamh san idirspás. Ní bheidh aon tionchar suntasach amhairc níos faide ná 600-800 m ón bhforbairt. Cé nach mbeidh tionchar suntasach ar bheagnach gach ceann de na lonnaíochtaí atá suite laistigh de 5 km den fhorbairt a bheartaítear, beidh tionchar suntasach ar radhairc ó imeall Dhún Doire agus Bhaile Roibín i gContae na Mí.
- 151 Aithníodh roinnt codanna den tírdhreach sa phlean forbartha contae nó i dtacair shonraí náisiúnta mar gheall ar an luach a bhaineann leo. Áirítear orthu sin siúlóidí, bealaí tiomána, gnéithe tírdhreacha nádúrtha, radhairc áite agus tírdhreacha deartha. Rinneadh measúnú ar na ceantair sin chun an tionchar suntasach a bheidh orthu a mheas. Beidh tionchar suntasach ar chuid de thírdhreach deartha stairiúil Eastát Brittas, Contae na Mí, áit a mbainfear coillearnach fhásta, agus imreofar tionchar suntasach ar dhá loch bheaga; is iad sin, Loch an Easáin, Contae Mhuineacháin, agus Loch Morn, Contae Mhuineacháin.
- 152 Beidh tionchar suntasach áitiúil ag pointí trasnaithe na Bóinne agus na hAbhann Duibhe, Contae na Mí, toisc go bhfuil na láithreacha sin ina dtírdhreacha gleann abhann atá sách oscailte agus íogair. Beidh tionchar suntasach, ach tionchar áitiúil, ar radhairc ó dhá stráice de Shlí Thiomána Ghleann na Bóinne, Contae na Mí, siar ó Bheighthigh agus ó dheas ó

Dhomhnach Phádraig, agus ar radharc áite lena mbaineann tábhacht áitiúil ó Dhroichead Bheighthí, Contae na Mí. Beidh tionchar suntasach, ach tionchar áitiúil, ar radhairc ó stráice de Shlí Mhuineacháin, Contae Mhuineacháin, a ritheann thart ar 2 km, agus san áit a thrasnaíonn an fhorbairt a bheartaítear an bealach siúil.

5.12 SÓCMHAINNÍ ÁBHARTHA – GINEARÁLTA

- 153 Agus breithniú á dhéanamh ar Shócmhainní Ábhartha – Ginearálta, díritear ar an dóchúlacht atá ann go mbeidh tionchar ar fhóntais, ar eitleocht agus ar dhramhaíl.

An Staid faoi Láthair

Fóntais

- 154 Tá roinnt píblínte gáis i limistéar staidéir an tionscadail, go háirithe iad siúd atá thart faoi agus a nascann na príomhlonnaíochtaí – Dún an Rí, an Uaimh, Baile Átha Troim, Dún Seachlainn agus Ceanannas.
- 155 Tá thart ar 217 km de línte lasnairde meánvoltais agus ardvoltais leictreachais ann faoi láthair (91 km de 38 kV, 83 km de 110 kV agus 43 km de 220 kV) i **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin** agus tá thart ar 359 km de línte lasnairde meánvoltais agus ardvoltais leictreachais ann cheana féin (161 km de 38 kV, 101 km de 110 kV, 93 km de 220 kV agus 4 km de 400 kV) i **Limistéar Staidéir na Mí**.
- 156 Tá na mílte ciliméadar de línte lasnairde ísealvoltais (20 kV agus 10 kV) agus línte lasnairde gutháin ar fud limistéar staidéir an tionscadail.

Eitleocht

- 157 Níl aon aerpháirceanna ceadúnaithe lonnaithe i **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin**. Tá trí aerpháirc cheadúnaithe i **Limistéar Staidéir na Mí**; Aerpháirc Bhaile Átha Troim, Aerpháirc Trevet agus Aerpháirc Bhaile Átha Buí. Léirigh Údarás Eitleochta na hÉireann gur féidir go bhfuil roinnt aerpháirceanna agus stráicí tuirlingthe gan cheadúnas i limistéar staidéir an tionscadail.
- 158 Oibríonn cuideachta eiltile balún i gceantar Bhaile Átha Troim i gContae na Mí. Cuireann siad eitiltí ar fáil ó roinnt suíomhanna imeachta, lena n-áirítear Caisleán Bhaile Átha Troim, Baile Átha Buí, Baile Shláine, Cnoc na Teamhrach agus áiteanna eile ag brath ar threo na gaoithe lá na heitile.

Dramhaíl

- 159 Tá saoráid dramhaíola amháin atá ceadúnaithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil laistigh de 500 m den líne lasnairde, is é sin Líonadh Talún Choirméal na nAlbanach i gContae Mhuineacháin.

Tionchar Féideartha**Fóntais**

- 160 Trasnaíonn an línebhealach a bheartaítear píblínte gáis faoi dhó ar a laghad i **Limistéar Staidéir na Mí**.
- 161 Trasnaíonn sé roinnt línte dáileacháin agus tarchuir leictreachais agus roinnt seirbhísí teileachumarsáide ar fud limistéar staidéir an tionscadail freisin, lena n-áirítear, an líne lasnairde 220 kV idir Coillín an Triain agus Lú, an líne lasnairde 110 kV idir Lú agus Rathrussan, an líne lasnairde 110 kV idir Lisdrum agus Lú, an líne lasnairde 110 kV idir Ármhach agus an Uaimh agus an líne lasnairde 220 kV idir Gorman agus Maigh Nuad.

Eitlíocht

- 162 Chuathas i gcomhairle leis an údarás forordaithe i gcomhair sábháilteacht aerárthaí agus eitilte balún – Údarás Eitlíochta na hÉireann. Rachaidh aerárthaí as Aerpháirc Bhaile Átha Troim timpeall Thúr 355, Thúr 356 agus Thúr 357. Dheimhnigh Údarás Eitlíochta na hÉireann go mbeadh na línte lasnairde faoi bhun dromchla teorannaithe constaicí d'Aerpháirc Bhaile Átha Troim agus nach mbeadh an fhorbairt a bheartaítear ina bac ar aerárthaí. Deimhníodh an méid sin freisin de thoradh staidéir a rinne saineolaí neamhspleách eitlíochta a fostaíodh ag céim shocrú bealaigh na líne.
- 163 Rinneadh scópáil le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann maidir le gníomhaíocht eitilte balún toisc gurb é an tÚdarás a dhéanann rialáil ar an ngníomhaíocht sin. Is é an chomhairle a thugann Údarás Eitlíochta na hÉireann ina leith sin ná gur gá guaiseacha atá ar eolas – línte lasnairde ina measc – a chur san áireamh nuair atá línte eitilte á bpleanáil, go háirithe ó thaobh na tuirlingthe agus na lainseála de, agus go bhfuil cead ag balúin eitilt os cionn línte leictreachais.

Dramhaíl

- 164 Sonraítear an príomhthionchar féideartha ar dhramhaíl tráth chéim na tógála. Tá clós stórála le haghaidh ábhar tógála ag teastáil le hábhar a stóráil agus le haghaidh gníomhaíochtaí eile tógála. Is láithreán úrnua é sin faoi láthair agus beidh gá lena chur in oiriúint dá úsáid mar chlós stórála. Ginfear fuíollithir (thart ar 1,250m³) dá bharr, agus beidh gá leis an bhfuíollithir sin a bhaint agus a aistriú chuig saoráid cheadúnaithe um aisghabháil dramhaíola agus / nó chuig líonadh talún ceadúnaithe. Mar an gcéanna, is é a bheidh i gceist leis na hoibreacha sínidh a bheartaítear ar Fhostáisiún Fhearann na Coille ná giniúint fuíollábhair (thart ar 3,500m³), a bhainfear as an láithreán agus a aistreofar chuig saoráid cheadúnaithe um aisghabháil dramhaíola agus / nó chuig líonadh talún ceadúnaithe.
- 165 Ginfear ábhar tochairle agus an fhorbairt a bheartaítear á tógáil, go háirithe i gcás bunsraitheanna túir. Is é a bheadh sa chás is measa ná go gcuirfí an t-ábhar tochairle ar fad (24,700 m³) (10,500 m³ do gach túr i **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin** agus

14,200 m³ do gach túr i **Limistéar Staidéir na Mí**) le haghaidh na forbartha a bheartaítear chuig líonadh talún. Ginfear dramhadhmad ó fhálta sceach, ó chrannteorainneacha agus ó fhoraoiseacht le spás oscailte a réiteach le haghaidh forbairt línte lasnairde.

- 166 I measc na dramhaíola a chruthófar sa chéim oibríoch beidh dramhaíl ghlantacháin a úsáidfear le haghaidh cothabhála agus glantóireachta, aonaid soilsithe a athrófar de réir mar is gá, olaí as gníomhaíochtaí cothabhála ó am go chéile agus ábhair phacáistíochta. Diúscrófar an dramhaíl de réir na reachtaíochta ábhartha dramhaíola.

Bearta Maolaithe

Fóntais

- 167 Déanfar suirbhé réamhthógála ar phíblínte gáis le linn chéim na tógála, lena n-áirítear iniúchtaí ar an talamh, leis na coinníollacha a mbeifear ag súil leo sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta seo a dheimhniú. Ceanglas caighdeánach é seo faoi choinne na dtionscadal tógála uile.
- 168 Ní mór measúnú riosca suíomhoiriúnaithe a chomhlánú i gcomhair línte lasnairde leictreachais agus teileachumarsáide. Rachfar i gcomhairle, de réir mar is gá, leis na soláthraithe seirbhísí roimh aon oibreacha tógála i gcóngar seirbhísí teileachumarsáide atá ann cheana féin ar dócha go mbeidh tionchar orthu.

Eitlíocht

- 169 Roghnaíodh an línebhealach a bheartaítear agus láithreach Aerpháirc Bhaile Átha Troim i gContae na Mí agus na Dromchlaí Teorannaithe Constaicí ábhartha le haghaidh na haerpháirce á gcur san áireamh. Maidir le turlingt aerárthaí, beidh ar phiólótaí a bheith ar an eolas faoin áit ina bhfuil na piolón suite agus beidh cur chuige foirmiúil i leith 'radharc ar phiolón / cháblaí ag teastáil sula gcuirtear tús le hascnamh' a thabhairt isteach cé go bhfuil ciumhais shoiléir ann idir barr na bpiolón agus an dromchla teorannaithe constaicí. Cé go mbeidh na línte lasnairde faoi bhun na ndromchlaí teorannaithe constaicí le haghaidh Aeradróm Bhaile Átha Troim, déanfar níos feiceálaí iad trí sféir mharcála a chur isteach idir Túr 355 agus Túr 357.
- 170 Tar éis dul i gcomhairle le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann, léiríodh nár chóir go mbeadh gníomhaíochtaí eitilte balún ina gcúis le cosc a chur ar athruithe ar an tírdhreach atá ann cheana féin, lena n-áirítear tógáil línte leictreachais. Ní mór do na piolótaí balúin a chur san áireamh mar chuid dá bpleanáil eitilte go bhféadfadh línte leictreachais a bheith sa cheantar.

Dramhaíl

- 171 Cuirfear *Plean Bainistíochta ar Dhramhaíl Tógála* (a bheidh mar chuid den *Phlean Tógála agus Bainistíochta Comhshaoil*) i bhfeidhm chun an dramhaíl a bheidh ann a laghdú oiread agus is

féidir agus chun a chinntiú go láimhseálfar agus go ndiúscrófar sruthanna dramhaíola tógála i gceart de réir na *Best Practice Guidelines on the Preparation of Waste Management Plans for Construction and Demolition Projects (Na Treoirínte Dea-chleachtais maidir le Réiteach Pleananna Bainistíochta Dramhaíola do Thionscadail Tógála agus Diúscartha)*, an Roinn Comhshaoil (Iúil 2006). Is iad na príomhphrionsabail is bun leis an bplean giniúint dramhaíola a laghdú an oiread agus is féidir agus dramhaíl a leithscaradh ag an bhfoinse. Cuirfear áiseanna um leithscaradh dramhaíola ar fáil chun dramhaíl tógála a athúsáid agus a athchúrsáil a oiread agus is féidir agus chun dramhaíl tí a dhiúscairt i gceart.

Tionchar Iarmharach

- 172 Cinnteoidh cloí leis na bearta maolaithe le haghaidh fónas agus fiontair eitlíochta nach mbainfidh aon tionchar iarmharach leis an bhforbairt a bheartaítear.
- 173 Má chloítear le dea-chleachtais i leith bainistíocht dramhaíola, ní mheastar go mbeidh dramhaíl a chruthófar sa tionscadal ina bunús le haon tionchar suntasach.

5.13 SÓCMHAINNÍ ÁBHARTHA – TRÁCHT

- 174 Mar gheall ar chineál na líne tarchuir a bheartaítear, ní chruthófar i gcéim oibríoch na forbartha a bheartaítear ach sruthanna beaga tráchtála. Déantar cigireacht mhionsonraithe ar na túir feadh na líne gach cúig bliana. Tugtar cuairt ar gach túr ar an líne seo sa chigireacht. D'fhonn an chigireacht seo a éascú, rachaidh feithicil nó dhó chuig gach gabháltas feadh an línebhealaigh. Ina dhiaidh sin, ní bheidh aon trácht eile le sonrú le linn na céime oibríche ach amháin i gcúinsí eisceachtúla, ar nós lochta.
- 175 Le linn chéim na tógála, áfach, déanfar na hábhair agus an lucht oibre a iompar chuig an suíomh agus amach ón suíomh trí úsáid a bhaint as an ngréasán bóithre poiblí atá ann cheana féin go príomha. Dá bharr sin, tiocfaidh ardú sealadach ar an trácht ar bhóithre poiblí i limistéar staidéir an tionscadail. Is éard a bheidh i gceist go bunúsach leis an líne lasnairde a bheartaítear ná an iomad limistéar scoite ina mbeidh gníomhaíochtaí tógála ar bun. Aistrefar ábhair, pearsanra agus trealamh chuig na suíomhanna sin le go mbeifear in ann dul freastal ar ghníomhaíochtaí tógála.
- 176 Beidh gá le feidhm a bhaint as go leor cineálacha éagsúla d'fheithiclí bóithre agus gach túr á thógáil. Ar na feithiclí a mbeidh baint dhíreach acu leis na hoibreacha beidh craein (craenacha), tochtóirí, dumpairí, feithiclí faoi thiomáint ceithre roth, tarracóirí agus leantóirí agus feithiclí seachadta coincreíte.

- 177 Go ginearálta, rachfar isteach chuig na suíomhanna aonair trí rianta páirce agus rianta inmheánacha atá ann cheana féin, nuair is féidir. Teastaíonn 257 bealach isteach sealadach tógála ón ngréasán bóithre poiblí leis an líne a bheartaítear a thógáil.
- 178 Beartaítear clós stórála le haghaidh ábhar tógála ina mbeidh páirteanna le haghaidh línte lasnaide an tionscadail a lonnú i mbailte fearainn Mhuinilte Dubh agus Mhuinilte Bán, Carraig Mhachaire Rois, Contae Mhuineacháin. Beidh bealach isteach nua chuig an gclós ag teastáil chun freastal ar an méid tráchta a chruthófar sa láthair seo ar bhealach sábháilte.

An Staid faoi Láthair

- 179 Tá an clós stórála le haghaidh ábhar tógála lonnaithe i mbailte fearainn Mhuinilte Dubh agus Mhuinilte Bán i **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin**, soir ó dheas ó Charraig Mhachaire Rois. Gheofar rochtain ar an gclós ó bhóthar áitiúil an L4700 a bhféadtar úsáid a bhaint as chun taisteal chuig an N2 ina dhiaidh sin. Sainaithníodh na bealaí tarlaithe dóchúla a mbainfidh an trácht tógála úsáid astu chun taisteal chuig na láithreacha rochtana a bheartaítear ón gclós stórála le haghaidh ábhar tógála i gcomhair **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin** agus **Limistéar Staidéir na Mí** araon.
- 180 Uasmhéadófar úsáid na mbóithre náisiúnta agus réigiúnacha mar gheall gur fearr iad ná bóithre áitiúla de ghnáth.
- 181 Rinneadh 106 suirbhé tráchta san iomlán ar na bóithre ar sainaithníodh gur dhóchúil go mbainfí úsáid astu chun ábhair a iompar chuig suíomhanna tógála agus amach ó shuíomhanna d'fhonn sruthanna tráchta cúlra a dhéanamh amach ar na bealaí tarlaithe a mbainfidh an trácht tógála úsáid astu. Chuir na comhairimh sin meánsruthanna tráchta laethúla agus céatadáin feithiclí earraí troma ar fáil le haghaidh na mbóithre sin, agus bainfear úsáid astu chun na méaduithe réamh-mheasta ar shruthanna le linn chéim na tógála a dhéanamh amach.

Tionchar Féideartha

- 182 In ainneoin mhéid na forbartha a bheartaítear, ní bheidh ach líon measartha beag feithiclí ag teastáil chun freastal ar gach suíomh tógála aonair feadh na forbartha líní. Beidh an trácht sin scaipthe amach thar roinnt seachtainí agus is é sin an méid ama a thógfaidh sé chun túir aonair a thógáil. Mar gheall ar fhad na líne a bheartaítear, beidh an trácht scaipthe thar limistéar mór le linn chéim na tógála, d'ainneoin nach mbeidh tógáil ar bun in aon láthair amháin ach ar feadh tréimhse sách gearr.
- 183 Measadh buaiclón laethúil feithiclí a chruthóidh gach suíomh, bunaithe ar mhiondealú ar an trácht a chruthóidh gach suíomh tógála. Maidir le struchtúr túir idirmheánaigh, measadh gurbh

- ionann sin agus 17 bhfeithicil agus, maidir le túr uillinne, measadh gurbh ionann é agus 46 feithicil.
- 184 Toisc go mbeidh feithiclí á gcoinneáil ag an láthair seo sula rachaidh siad ar fud an ghréasáin bhóithre chuig na suíomhanna aonair, táthar ag súil le níos mó tráchta ar na bóithre in aice leis an gclós stórála le haghaidh ábhar tógála a bheidh suite i mbaile fearainn Mhuinilte Dubh agus Mhuinilte Bán, soir ó dheas ó Charraig Mhachaire Rois (i.e. an N2, an L4700 agus an Bóthar Ceangail idir an N2 agus an L4700). Measadh gurb ionann cruthú laethúil tráchta an cháis is measa ag an gclós agus 378 gluaiseacht san iomlán.
- 185 Is é an N2, trí bhóthar áitiúil an L4700, an bealach a bheartaítear go mbainfear úsáid as chun an clós stórála le haghaidh ábhar tógála a fhágáil. Ina dhiaidh sin, aistreoidh an trácht tógála chuig bóithre náisiúnta agus réigiúnacha de réir mar is gá. Íoslaghódar an úsáid a bhainfear as bóithre áitiúla a oiread is féidir, go háirithe d'fhonn seachaint nó íoslaghdu a dhéanamh ar theacht ar bhóithre caola, ar infheictheacht nach bhfuil cothabháilte go maith agus ar acmhainní mí-oiriúnacha seasamh meáchain.
- 186 Trí chomparáid a dhéanamh idir an trácht ginte agus na sruthanna cúlra, bhíothas in ann na méaduithe céatadáin ar thrácht a thiocfaí as tógáil an línebhealaigh a ríomh. Cé go bhfuil cuid de na méaduithe céatadáin sách ard, is léiriú é seo go ginearálta ar an líon íseal feithiclí a bhaineann úsáid as na bóithre seo de ghnáth agus is iad seo na sruthanna buaice nach mbeadh le sonrú ach ar feadh tréimhsí gairide. Ó thaobh acmhainne de, beidh an gréasán bóithre in ann ag na sruthanna a thuartar.
- 187 Mar gheall ar na leibhéil shuntasacha sruthanna a thuartar ag an gclós stórála le haghaidh ábhar tógála a bheartaítear, rinneadh measúnú acomhail ag an mbealach isteach. Thug an measúnú acomhail le fios go n-oibreodh an bealach isteach chuig an gclós stórála le haghaidh ábhar tógála a bheartaítear faoina acmhainn le linn chéim na tógála.
- 188 Beidh cumhdach de dhíth in áiteanna ina dtéann an línebhealach thar bhóithre, thar aibhneacha agus thar línte lasnairde. Meastar go mbeidh feithicil nó dhó le feiceáil ag gach ionad cumhdaigh in aghaidh an lae ar feadh cúig lá. Ní mór bóithre a dhúnadh go sealadach nuair a thógfar cumhdach ionas go mbeifear in ann an líontán a chur suas go sábháilte. Déanfar cinneadh maidir leis an bhfad ama beacht a bheidh gach bóthar dúnta ag céim na tógála. Níor chóir go mbeadh i gceist ach uair an chloig nó dhó i gcás bóithre áitiúla, áfach. Seans go mbeidh sé riachtanach bóithre a dhúnadh ar feadh tréimhse níos faide ag trasbhealaí níos mó. Níor chóir go mbeadh i gceist ach lá amháin ar a mhéad sna cásanna sin, áfach.
- 189 Bainfear úsáid as feithiclí troma chun an líne tharchuir a thógáil. Téann méadú ar líon na bhfeithiclí troma i bhfeidhm go mór ar bhóithre áitiúla agus ar mhionbhóithre go háirithe, toisc

nár tógadh na bóithre sin chun freastal ar chuid mhór de na cineálacha feithicle sin. Méadaítear an baol atá ann tionchar a bheith ar struchtúr na gcosán, ar chiumhaiseanna, ar chóireálacha teorann, etc., agus méadaítear an méid a chuirtear isteach ar an bpobal áitiúil chomh maith maidir leis an tionchar i leith torainn, creathaidh, deannaigh agus cháilíocht an aeir.

Bearta Maolaithe

190 Ullmhófar *Plean um Bainistiú Trácht Tógála* sula dtosaíonn na hoibríochtaí tógála. Is éard a bheidh sa phlean sin:

- Clár tógála ina mbeidh mionsonraí ar sheicheamh thógáil na dtúr lena mbeidh sé mar aidhm an chosúlacht go mbeidh buaicshruthanna suntasacha tráchta ann a íoslaghdú agus na gníomhaíochtaí a bheartaítear a chur in iúl do na húdaráis áitiúla sa cheantar;
- Sonraí ar bhearta arb é is aidhm dóibh smionagar ó thionchar na tógála ar an ngréasán bóithre a íoslaghdú;
- Suirbhéanna ar staid an bhóthair chun a chinntiú nach ndéanfaidh trácht tógála damáiste do na bóithre;
- Pleananna cumarsáide lena chinntiú go gcoinneofar na páirtithe leasmhara chun dáta ar sceidealú na tógála agus ar bhearta bainistíochta tráchta ar bith a bheartaítear;
- Cuirfear sonraí maidir le comharthaí bóthair in airde chun rabhadh a thabhairt faoi na láithreacha rochtana sealadacha ar bhealach isteach na suíomhanna tógála nó faoi oibríochtaí ar bith a mbeidh comharthaí rabhaidh ag teastáil dóibh; agus
- Sonraí maidir le bearta chun freastal ar sheirbhísí éigeandála.

Tionchar Iarmharach

191 De thoradh nádúr sealadach chéim na tógála agus na mbearta maolaithe a mholtar, ní bheidh ach íostionchar iarmharach ag céim thógála na forbartha ar thrácht agus ar iompar.

5.14 OIDHREACTH CHULTÚRTHA

192 Sa mheasúnú ar an tseandálaíocht, ar an ailtireacht agus ar an oidhreacht chultúrtha maidir le limistéar staidéir an tionscadail, déantar measúnú ar thionchar díreach agus indíreach na forbartha a bheartaítear ar na hacmhainní seandálaíochta, ailtireachta agus oidhreachta cultúrtha cóngarach don fhorbairt a bheartaítear. Ón tús, baineadh úsáid as fardail a bhí ar fáil a bhaineann le suíomhanna, struchtúir, séadchomharthaí agus gnéithe seandálaíochta,

ailtireachta agus oidhreachta cultúrtha chun measúnú agus íoslaghdú a dhéanamh ar thionchar fisiceach díreach agus / nó ar thionchar ar an timpeallacht a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt a bheartaítear ar shuíomhanna den chineál sin atá gar di, agus aird chuí á tabhairt ar dhisciplíní agus ar shrianta eile. Baineadh úsáid as léarscáiliú stairiúil, ortafótagrafaíocht agus LiDAR (aeríomhanna ardchaighdeán agus samhltú digiteach den tír-raon) freisin chun measúnú breise a dhéanamh ar thionchar féideartha na forbartha a bheartaítear. Rinneadh measúnú ar gach suíomh oidhreachta cultúrtha a taifeadadh agus nár taifeadadh roimhe ina n-aonar maidir le tionchar díreach agus indíreach le linn chéim na tógála agus na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear.

- 193 Rinneadh breithniú ar an reachtaíocht ábhartha, ar phleananna forbartha contae, ar threoirlínte agus ar Chóid Cleachtais atá ann cheana idir Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus EirGrid agus Líonraí BSL, mar aon le foinsí agus treoircháipéisí eile lena mbaineann, agus an mhodheolaíocht a úsáideadh chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar an bhforbairt a bheartaítear á cur i dtoll a chéile.
- 194 I gcomparáid le cineálacha eile forbartha bonneagair línigh, amhail bóithre agus píblínte, beidh lorg coise fisiceach sách beag ag an bhforbairt a bheartaítear in áiteanna ar féidir le tionchar fisiceach díreach teacht chun cinn, is iad sin, bunsraitheanna túir agus limistéir chumhdaigh. Bhíothas in ann tionchar fisiceach díreach a sheachaint ar iarsmaí seasta aon suíomhanna seandálaíochta agus oidhreachta ailtireachta a taifeadadh roimhe seo. Mar thoradh ar fhoirm líneach sheasta na forbartha a bheartaítear, aithnítear gurb é atá san fhéidearthacht is mó le haghaidh tionchair ná tionchar ar thimpeallacht na suíomhanna oidhreachta cultúrtha. Tugadh modheolaíochtaí isteach ó na céimeanna tosaigh de léarscáiliú srianta agus de roghnú bealaigh chun an tionchar sin a íoslaghdú. Chomh maith le suíomhanna oidhreachta cultúrtha aonair a bhreithniú, tugadh aird san obair seo ar thírdhreacha íogaire, lena n-áirítear Láithreán Oidhreachta Domhanda Bhrú na Bóinne, láithreáin oidhreachta domhanda is iarrthóirí, limistéir chaomhantais tírdhreacha, limistéir sheandálaíochta agus stairiúla thaitneamhachta agus gairdíní agus diméinte. Baineadh an úsáid ba mhó ab fhéidir as topagrafaíocht áitiúil agus foscadh áitiúil chun infheictheacht na dtúr a laghdú maidir le suíomhanna, séadchomharthaí, struchtúir agus gnéithe oidhreachta cultúrtha.

An Staid faoi Láthair

- 195 Níl aon Láithreáin Oidhreachta Domhanda i limistéar staidéir an tionscadail a mbeidh tionchar ag an bhforbairt a bheartaítear orthu. Mar sin féin, tá dhá Láithreán Oidhreachta Domhanda is iarrthóirí laistigh de **Limistéar Staidéir na Mí**, is iad sin, láithreán mainistreach meánaoiseach Cheannannais agus Ionad na Teamhrach, atá suite thart ar 7 km agus 6.3 km faoi seach ón bhforbairt a bheartaítear.

- 196 Níl aon Séadchomharthaí Náisiúnta faoi chúram an Stáit laistigh de 5 km de lárline na forbartha a bheartaítear i **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin**. Tá dhá shuíomh reiligiúnacha sa limistéar staidéir seo agus tá séadchomhartha seandálaíochta amháin i gContae Mhuineacháin atá faoi réir ordú caomhnaithe. Ní bheidh aon tionchar fisiceach díreach ar cheann ar bith de na suíomhanna sin, mar gheall ar an suíomh is gaire a bheith suite thart ar 750 m ón bhforbairt a bheartaítear.
- 197 Tírdhreacha ar tugadh aird ar leith orthu i **Limistéar Staidéir na Mí** is ea lonad na Teamhrach agus crios taitneamhacht seandálaíochta Thailtean. Measadh gur beag a bheadh suntasacht iomlán an tionchair ar thimpeallacht lonad na Teamhrach. Téann an fhorbairt a bheartaítear trí réigiún a shainaithin Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta mar réigiún a bhaineann le láithreán cóimeála ársa Thailtean. Cuireadh ceantar Thailtean faoi shuirbhé LiDAR a coimisiúnaíodh go speisialta, agus sonraíodh dhá ghné sheandálaíochta bhreise fhéideartha ann. Ar na suíomhanna suntasachta eile sa limistéar staidéir seo, tá Séadchomharthaí Náisiúnta faoi chúram an Stáit amhail Mainistir Chistéirseach Bheighthí atá suite thart ar 920 m soir ó lárline na forbartha a bheartaítear sa limistéar staidéir seo agus 23 suíomh reiligiúnach, a bhfuil cuid mhór acu faoi úinéireacht Chomhairle Chontae na Mí. Tá Eaglais agus Cros Bhaile Chrúis agus Caisleán Bhaile Riobaird i measc na suíomhanna séadchomhartha náisiúnta eile sa limistéar leathan nach mbeidh tionchar orthu.
- 198 Bunaithe ar fhardail seandálaíochta atá ar fáil, is ann do 217 séadchomhartha a bhfuil taifead orthu laistigh de 2 km de lárline na forbartha a bheartaítear i **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin** agus is ann do 299 séadchomhartha a bhfuil taifead orthu laistigh de 2 km de lárline na forbartha a bheartaítear i **Limistéar Staidéir na Mí**.
- 199 I ndáil le gnéithe ailtireachta laistigh de **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin**, tá 35 suíomh a liostaítear i dTaifead na Struchtúr atá faoi Chosaint agus i bhFardal Náisiúnta na hAiltireachta Oidhreachta lonnaithe laistigh de 2 km de lárline na forbartha a bheartaítear. Eaglaisí, foirgnimh scoile, tithe móra agus muilte iad formhór na ngnéithe sin. Is é an struchtúr is cóngaraí ná Teach Cléire atá suite thart ar 200 m soir ón bhforbairt a bheartaítear. Is ann do naoi gcinn de tírdhreacha diméine agus gairdíní stairiúla a bhfuil bail éagsúil chaomhnaithe orthu agus atá ar scála éagsúil laistigh de 2 km den fhorbairt a bheartaítear sa limistéar staidéir seo. Trasnaíonn an fhorbairt a bheartaítear na tírdhreacha stairiúla a bhaineann le diméinte Theach na Seantamhnaí agus Theach na Tuláí.
- 200 I ndáil le gnéithe ailtireachta, tá 91 struchtúr a liostaítear i dTaifead na Struchtúr atá faoi Chosaint Oidhreachta le haghaidh Chontae na Mí agus Chontae an Chabháin laistigh de 2 km de lárline na forbartha a bheartaítear. Tá comhchruinnithe i dtimpeallachtaí uirbeacha na hOibre, Chill Mhaighneann agus Dhomhnach Pádraig. Anuas air sin, is ann do 14 shuíomh eile

laistigh de 2 km de lárline na forbartha a bheartaítear a liostaítear i bhFardal Náisiúnta na hOidhreacht Ailtireachta ach nach gcuirtear san áireamh iad i dTaifead na Struchtúr atá faoi Chosaint. Laistigh de **Limistéar Staidéir na Mí**, téann an línebhealach i bhfoisceacht 600 m de dhiméin Ard Breacáin (soir uaidh), thart ar 2.8 km ó Chaisleán Dhún Samhnaí agus thart ar 4.1 km ó Limistéir Chaomhantais Ailtireachta Dhiméin Cheanannais. Bunaithe ar shuirbhé gairdíní Fhardal Náisiúnta na hOidhreacht Ailtireachta agus ar athbhreithniú ar léarscáiliú stairiúil, fuarthas amach go bhfuil 51 tírdhreach diméine agus gairdín stairiúil a bhfuil bail éagsúil chaomhnaithe orthu agus atá ar scála éagsúil laistigh de 2 km den fhorbairt a bheartaítear sa limistéar staidéir seo. Is rud mór é go bhfuil Ard Breacáin, Brittas, Mountainstown, Baile Ghib, Tailtin, Philpotstown, Ráth Úd agus an Choill Bhán cóngarach don fhorbairt a bheartaítear nó go dtrasnaíonn an fhorbairt a bheartaítear iad.

- 201 Tugadh faoi anailís ar léarscáiliú an chéad eagrán agus an dara heagrán ó Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann agus ar aeríomhanna ar fáil, lena áiríodh LiDAR a coimisiúnaíodh go speisialta, chun aon ghnéithe neamhthaifeadta i gcógar na forbartha a bheartaítear a shainaithint. Mar gheall ar an obair sin, sainithníodh 169 suíomh i **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin** agus 140 suíomh, lena n-áirítear gnéithe ar léarscáiliú stairiúil agus aimhrialtachtaí cartagrafacha agus aimhrialtachtaí ón aer, i **Limistéar Staidéir na Mí**.

Tionchar Féideartha

- 202 Aimsíodh go bhféadfadh go mbeadh tionchar díreach le linn chéim na tógála ar naoi séadchomhartha seandálaíochta a taifeadadh roimhe i **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin**, ar liosanna iad an chuid is mó díobh. Maidir leis na séadchomharthaí is cóngaraí do na hoibreacha talún a bheartaítear i **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin**, is iad sin, lios / ráth (Uimh. SMR MO030-021001) agus lios / ráth eile (Uimh. SMR MO030-021001) le foirgneamh féideartha gaolmhar (Uimh. SMR MO014-021002). Tá seacht séadchomhartha bhreise lonnaithe idir 100 m agus 200 m ón bhforbairt a bheartaítear.
- 203 Laistigh de **Limistéar Staidéir na Mí**, tá seacht suíomh ina bhfuarthas amach go bhféadfadh tionchar fisiceach díreach a bheith orthu. Maidir leis an séadchomhartha is gaire do na hoibreacha talún a bheartaítear laistigh de **Limistéar Staidéir na Mí**, is imfhálú é (Uimh. SMR ME005-012). Tá an séadchomhartha seandálaíochta taifeadta is gaire ina dhiaidh sin lonnaithe thart ar 100m ón bhforbairt a bheartaítear, agus tá 12 shéadchomhartha san iomlán lonnaithe laistigh de 200 m den fhorbairt a bheartaítear.
- 204 Maidir leis an tionscadal ar fad, aimsíodh go bhféadfadh tionchar fisiceach díreach a bheith ar spruadair sheandálaíochta a bhaineann le 16 shéadchomhartha seandálaíochta le linn chéim na tógála. Baineann an tionchar sin le trácht tógála ag dul thart cóngarach do shéadchomharthaí seandálaíochta agus / nó séadchomharthaí seandálaíochta atá lonnaithe cóngarach d'oibreacha talún a bheartaítear (<200 m) mar a bhféadfadh tionchar a bheith ar

- iarsmaí seandálaíochta lena mbaineann. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach mbeadh an tionchar sin ina chúis le damáiste do ghnéithe seandálaíochta arda ná infheicthe ach d'fhéadfadh go mbeadh tionchar aige ar spruadair fodhromchla a bhaineann leis na séadchomharthaí. Áirítear le moltaí chun an tionchar sin a chosc nó a mhaolú líniú teorann a dhéanamh ar mhaoláin iomchuí timpeall suíomhanna, monatóireacht a dhéanamh ar ghlanadh fásra, agus / nó monatóireacht nó tástáil seandálaíochta a dhéanamh ar oibreacha talún.
- 205 Maidir le limistéar cumhdaigh, d'fhéadfadh go dtiocfaí ar iarsmaí oidhreachta cultúrtha ag na láithreacha sin. Déileálfar le haon spruadair sheandálaíochta a aimsítear le linn tógála ag na láithreacha sin de réir dea-chleachtais agus i gcomhairle iomlán le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le hArd-Mhúsaem na hÉireann.
- 206 Laistigh de **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin**, níl aon suíomhanna lena mbaineann tábhacht ailtireachta a taifeadadh roimhe seo a mbeidh tionchar ag an bhforbairt a bheartaítear orthu. Trasnaíonn an fhorbairt a bheartaítear tírdhreacha stairiúla a bhaineann le diméinte Theach na Seantamhnaí agus Theach na Tulaí, ach níor tugadh aon ghnéithe diméine faoi deara sa cheantar ina dtrasnaíonn an fhorbairt a bheartaítear na tírdhreacha sin.
- 207 Maidir leis an oidhreacht seandálaíochta, fuarthas amach go bhféadfadh tionchar díreach féideartha fisiceach a bheith le sonrú ag ceithre shuíomh i **Limistéar Staidéir na Mí**. Baineann an tionchar sin le trácht tógála a théann trí thírdhreacha diméine lena mbaineann struchtúir atá faoi chosaint ag Brittas, Dústún, Mountinstown agus Dún Doire. Cinnteoidh maolú iomchuí ag na láithreacha sin nach mbeidh aon tionchar fisiceach díreach ann ar aon suíomh ná struchtúr atá i dTaifead na Struchtúr atá faoi Chosaint. Beidh obair thógála agus rochtain tógála ag teastáil laistigh de shé dhiméin a liostaítear i suirbhé gairdíní NIAH; is iad sin, Brittas, Diméin Bhaile Ghib, Mountinstown, Philpotstown, Tailtin agus Ráth Úd. Níltear ag súil go mbeidh aon tionchar fisiceach díreach ann ar cheann ar bith de na struchtúir dhiméine lena mbaineann le linn chéim na tógála. Tugtar faoi deara, áfach, go dtéann an fhorbairt a bheartaítear thar an ascaill go Teach Brittas.
- 208 Is é an tionchar is suntasaí a bheidh ag an bhforbairt a bheartaítear ar áis oidhreachta cultúrtha an mhórcheantair le linn a ré oibríche ná an tionchar a bheidh aici ar thimpeallacht na suíomhanna. Áirítear 15 Thaifead Láithreán agus Séadchomharthaí (SMR) agus struchtúr amháin atá faoi chosaint le suíomhanna i **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin** mar ar measadh gur measartha nó níos mó ná measartha a bheadh suntasacht an tionchair ar a dtimpeallacht. Tugtar faoi deara go bhfuil ceann amháin de na suíomhanna sin suite i gContae Ard Mhacha, Tuaisceart Éireann. Áirítear 25 SMR, sé dhiméin a liostaítear i suirbhé gairdíní NIAH agus dhá struchtúr atá faoi chosaint le suíomhanna i **Limistéar Staidéir na Mí**

mar ar measadh gur measartha nó níos mó ná measartha a bheadh suntasacht an tionchair ar a dtimpeallacht.

- 209 I ndáil le suíomhanna nár taifeadadh roimhe a sainiú le hobair allamuigh nó mar aimhrialtachtaí ar aeríomhanna, LiDAR nó mar ghnéithe ar léarscáiliú stairiúil, aimsíodh nach mbeadh tionchar ní ba mhó ná tionchar beag ar cheann ar bith dá suíomhanna.
- 210 Tá suíomh reatha Aonad an Mhaí ar cheann de na suíomhanna eile lena mbaineann tábhacht oidhreachta cultúrtha. Ní suíomh oidhreachta cultúrtha sainithe é sin agus ní bheidh tionchar díreach air.

Bearta Maolaithe

- 211 Is éard atá sa phríomh-mhaolú ná caomhnú in situ, trína seachnaítear tionchar fisiceach díreach ar shuíomhanna seandálaíochta aitheanta. Seachnaíodh gach suíomh oidhreachta cultúrtha ainmnithe a mhéid ab fhéidir, agus aird chuí á tabhairt ar dhisciplíní agus shrianta eile. Ceapadh na straitéisí maolaithe seo a leanas le haghaidh chéim na tógála i gcomhairle leis an Rannóg um Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Áirítear leo sin:

- Deimhniú ar an suíomh ar na bealaí rochtana sealadacha arna dhéanamh ag seandálaí atá cáilithe go cuí;
- Líniú teorann a dhéanamh ar shuíomhanna íogaire le maolán iomchuí agus maoirseacht ar an suíomh ar oibreacha iompair;
- Maoirseacht ar ghlanadh fásra i gcóngar suíomhanna íogaire;
- Tástáil seandálaíochta ar thochailtí a bhaineann le hoibreacha tógála faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta;
- Monatóireacht seandálaíochta le linn tochairtí a bhaineann le hoibreacha tógála; agus
- Sa chás go dtagtar ar ghnéithe seandálaíochta agus monatóireacht / tástáil seandálaíochta á déanamh, rachaidh an seandálaí atá fostaithe ag an bhforbróir i dteagmháil le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta lom láithreach chun réiteach seandálaíochta breise an tsuímh a dhéanamh amach, lena n-áirítear tochairt seandálaíochta nó caomhnú in situ na n-iarsmaí seandálaíochta, más gá.

Tionchar Iarmharach

212 I ndáil le tionchar iarmharach ar an áis oidhreachta cultúrtha, beidh tionchar leanúnach ar thimpeallacht roinnt séadchomharthaí seandálaíochta agus suíomhanna ailtireachta i rith na céime oibríche den fhorbairt. Beidh tionchar freisin ar roinnt de choillearnach dhiméine, de theorainneacha diméine agus de theorainneacha páirceanna laistigh de thírdhreacha diméine chun réitigh atá ag teastáil le haghaidh na líne lasnairde a bhaint amach. Tugadh faoi deara go bhfuil ceithre limistéar mar a bhféadfadh trácht tógála drochthionchar neamhaireach a bheith aige ar struchtúir a bhaineann le struchtúir ainmnithe atá faoi chosaint. Tá roinnt suíomhanna mar a bhféadfadh trácht tógála tionchar neamhaireach a bheith aige ar chreatlach na struchtúir atá ann fós atá le feiceáil sna léarscáileanna stairiúla agus, sna cásanna sin, deimhneofar na bealaí rochtana chun a chinntiú nach mbeadh tionchar ar chreatlach den sórt sin.

213 Maidir le tionchar ar shuíomhanna, ar shéadchomharthaí, ar struchtúir nó ar ghnéithe seandálaíochta mar thoradh ar oibreacha cothabhála le linn na céime oibríche, déanfar iad a mhaolú trí theagmháil leanúnach le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le hoifigigh oidhreachta áitiúla. Maidir le tionchar ar shuíomhanna nó ar struchtúir ailtireachta mar thoradh ar oibreacha cothabhála nó uasghrádaithe le linn na céime oibríche, déanfar iad a mhaolú trí theagmháil leanúnach leis an Aonad Comhairleach um Oidhreachta Ailtireachta ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus le hoifigeach caomhantais an údaráis áitiúil.

5.15 TIONCHAR TRASTEORANN

214 Tugtar aird sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta ar thionchar suntasach féideartha dóchúil na forbartha ar an gcomhshaol i mBallstát den Aontas Eorpach, is é sin, Tuaisceart Éireann. Tá achoimre ar thionchar 'trasteorann' féideartha thíos:

Daoine – Daonra agus eacnamaíoch

215 Ní thiocfaidh tionchar trasteorann maidir le déimeagrafaic daonra chun cinn de bharr na forbartha a bheartaítear atá suite i gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin agus i gContae na Mí, toisc go dtéann tosca nach mbaineann leis an tionscadal seo i gcion air sin.

216 Is dócha go mbainfidh an tionchar geilleagrach i rith chéim na tógála le ceantair Mhuineacháin, an Chabháin agus na Mí amháin, agus ní mheastar go mbeidh tionchar trasteorann suntasach ar bith ann. Tiocfaidh buntáistí geilleagracha níos forleithne chun cinn de bharr na bhfeabhsúcháin a dhéanfar ar an eangach leictreachais ar oileán na hÉireann, agus beidh na buntáistí sin le sonrú sa dá dhlínse. Is tionchar trasteorann dearfach suntasach é sin.

Daoine – Úsáid Talún

- 217 Tá sé dháileacht talún lonnaithe feadh na teorann le Tuaisceart Éireann, agus tá na dáileachtaí sin cóngarach don dá phointe trasnaithe teorann ag an Léim Ghearr, Contae Mhuineacháin. Meastar go mbeadh an tionchar ar na dáileachtaí talún sin ar fad (agus ar na húsáidí talún iontu), mar gheall ar ann líne lasnairde atá lonnaithe i gContae Mhuineacháin, do-airithe.

Daoine – Turasóireacht

- 218 Mar gheall ar an achar mór idir nithe is díol spéise do thurasóirí i dTuaisceart Éireann agus an fhorbairt a bheartaítear i gContae na Mí, i gContae an Chabháin agus i gContae Mhuineacháin, ní mheastar go mbeidh tionchar ag an bhforbairt ar chúrsaí turasóireachta ná taitneamhachta i limistéar na teorann idir Ard Mhacha agus Muineachán.

Daoine – EMF

- 219 Cloífidh astuithe EMF leis na treoirlínte maidir le nochtadh de chuid an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chosaint Radaíochta Neamhianaíche agus an Aontais Eorpaigh. Ina theannta sin, ós rud é go n-imíonn leibhéil réimse leictirigh agus mhaighnéadaigh laistigh d'fhad gairid ón líne lasnairde, ní thiocfaidh aon tionchar trasteorann suntasach as an bhforbairt a bheartaítear i gContae na Mí, i gContae an Chabháin nó i gContae Mhuineacháin.

Flóra agus Fána

- 220 Agus an tionchar trasteorann féideartha á bhreithniú, is léir nach mbeidh tionchar ar bith ar ghnáthóga lonnaithe i dTuaisceart Éireann de bharr oibreacha ar an bhforbairt a bheartaítear i gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin nó i gContae na Mí. D'fhéadfaí go mbeadh cineálacha áirithe tionchair i gceist maidir le speicis shoghluaiste, ach ní mheastar gur thionchar suntasach a bheadh i gceist. D'fhéadfaí go mbeadh dúichí ar an dá thaobh den teorainn dhlínsiúil ag broic, ag madraí uisce agus ag ialtóga ach níor dhócha go mbeadh tionchar díobhálach suntasach ann do na speicis sin de bharr nádúr na forbartha tarchuir leictreachais a bheartaítear. Ní imreofar tionchar ar bith ar shuíomhanna i dTuaisceart Éireann atá ainmnithe toisc go bhfuil leas caomhantais leo ar leibhéal Eorpach nó ar leibhéal náisiúnta. Is dócha go mbeidh tionchar do-airithe ar ealaí glóracha agus ar speicis shoghluaiste éan eile a bhíonn le fáil ar shuíomhanna ar an dá thaobh den teorainn i dtéarmaí líon na n-éan agus infhaighteacht na suíomhanna beathaithe araon. Déanfar bearta maolaithe a chur i bhfeidhm sa dá dhlínsé chun an líne lasnairde a dhéanamh níos feiceálaí sna háiteanna sin a mheastar an baol is mó a bheith leo, rud a laghdóidh an riosca foriomlán imbhualite a aithníodh.

Ithreacha, Geolaíocht agus Hidrigeolaíocht

- 221 Tá an tionchar ar ithreacha agus ar an ngeolaíocht teoranta do gharchomharsanacht na dtúr a bheartaítear (agus tochairtí agus oibreacha a bhaineann leo). Bunaithe ar mheasúnú ar an tionchar atá tuartha, meastar go mbeidh tionchar diomaibhseach trasteorann ar an ngeolaíocht agus ar chúrsaí screamhuisce i dTuaisceart Éireann de bharr oibreacha tochairtí nó de bharr

oibreacha eile ar shuíomhanna na dtúr a bheartaítear i gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin nó i gContae na Mí.

Uisce

- 222 Bunaithe ar mheasúnú ar an tionchar atá tuartha, meastar nach mbeidh tionchar suntasach ar bith ar an gcomhshaol uisce dromchla i dTuaisceart Éireann de bharr oibreacha tochair ná de bharr thógáil nó oibriú na forbartha tarchuir leictreachais i gContae Mhuineacháin, i gContae an Chabháin nó i gContae na Mí. Dá bhrí sin, meastar nach mbeidh tionchar trasteorann suntasach ar bith ag an bhforbairt a bheartaítear (is é sin, go mbeidh tionchar diomaibhseach ag an bhforbairt) ar an gcomhshaol uisce dromchla.

Torann agus Creathadh

- 223 Táthar ag tuar go gcloifidh an tionchar ó chéim na tógála agus ón gcéim oibríoch leis na teorainneacha ábhartha maidir le torann agus creathadh ag na gabhdóirí fogaire is gaire. Níl aon ghabhdóirí fogaire lonnaithe i bhfoisceacht 50 m de láthair thúir atá beartaithe i gContae Mhuineacháin, a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar thimpeallacht aon ghabhdóra i dTuaisceart Éireann. Dá réir sin, níltear ag tuar go mbeidh aon tionchar trasteorann suntasach ann.

Aeráid agus Aer

- 224 Feiniméan domhanda is ea an t-athrú aeráide agus baineann tionchar ar an aeráid dhomhanda go príomha le leibhéil CO₂ san atmaisféar agus le leibhéil agus astaíochtaí gás ceaptha teasa eile. Cuirfidh an ciorcad tarchuir a bheartaítear go deiridh leis an tionchar trasteorann ar an aeráid trí éascú a dhéanamh ar laghdú ar astaíochtaí náisiúnta gás ceaptha teasa chun spriocanna astuithe an AE d'Éirinn a chomhlíonadh. Is príomh-mhaolú athrú aeráide é sin a sainithníodh i gcáipéis an Aontais Eorpaigh, *Guidance on Integrating Climate Change and Biodiversity into Environmental Impact Assessment (Treoir maidir leis an Athrú Aeráide agus leis an mBithéagsúlacht a Chomhtháthú i Measúnacht Tionchair Timpeallachta)*.

An Tírdhreach

- 225 Beidh tionchar áitiúil trasteorann ann ó thaobh tírdhreacha agus amhairc de mar thoradh ar an gcuid sin den ailíniú idir Túr 102 (tá an túr iarbhír lonnaithe i dTuaisceart Éireann) agus Túr 110 ós rud é gurb é sin an chuid den fhorbairt a bheartaítear i gContae Mhuineacháin is gaire don teorainn dhlísiúil le Tuaisceart Éireann. Is ar imeall Limistéar Náduir Tírdhreacha Dhroimní Ard Mhacha (LCA 66) a bheidh an tionchar trasteorann seo le brath. Tírdhreach cnocach atá ann ar a ndéantar feirmeoireacht ar an mionchóir agus a bhfuil fogaireacht ard leis.
- 226 Tiocfaidh athrú ar scála nádúr an tírdhreacha áitiúil nuair a thógfar na túir, mar déanfaidh an fhorbairt a bheartaítear scála nua struchtúir a chur isteach sa tírdhreach atá athraithe ag an

duine ina bhfuil tithe, foirgnimh feirme agus bóithre cheana féin. Meastar go mbeidh an t-athrú sin ina thionchar suntasach áitiúil ar nádúr an tírdhreacha.

227 De bharr nádúr iata an ghleanna seo, beidh tionchar suntasach áitiúil ó thaobh amhairc de le sonrú ar radhairc ó dheas ó áiteanna ar bhóithre na Croise Báine agus Doohat i gContae Ard Mhacha a bhfuil radhairc gan bhac ar an ngleann le feiceáil. Ní bheidh tionchar ó thaobh amhairc de le sonrú ó aon amharcphointe eile mar beidh na túir faoi cheilt ag an bhfásra atá idir eatarthu.

228 Ní bheadh tionchar trasteorann suntasach ann ó thaobh tírdhreacha ná amhairc de níos faide ná 600-800 m ar shiúl ó na túir. Mar sin féin, bheadh codanna de thúir áirithe le feiceáil i bhfad ó shuíomhanna gan bhac suas le 1-1.5 km ón líne tharchuir, go háirithe ó áiteanna ardaithe den tírdhreach.

Sócmhainní Ábhartha – Ginearálta

229 Beidh tionchar trasteorann dearfach ag baint le líne tharchuir leictreachais ardchumais a sholáthar idir Éire agus Tuaisceart Éireann. Mar sin féin, ní bheidh tionchar trasteorann ar bith ar áiseanna bainistíocht dramhaíola, ar bhonneagar gáis ná ar sheirbhísí teileachumarsáide i dTuaisceart Éireann de bharr na forbartha a bheartaítear. Sa chás ina dtrasnaíonn seirbhísí teileachumarsáide an teorainn, rachfar i gcomhairle, de réir mar is gá, leis na soláthraithe seirbhísí roimh aon oibreacha tógála i gcóngar seirbhísí teileachumarsáide atá ann cheana féin.

230 Ní mór do chuideachtaí aerárthaigh agus eitleite balún a oibríonn as Tuaisceart Éireann a bheith eolach ar an líne lasnairde a bheartaítear cóngarach don teorainn dhlínsiúil agus ag druidim le hAerpháirc Bhaile Átha Troim agus iad a chur san áireamh ina nósanna imeachta pleanála eitleite. Mar sin féin, níltear den tuairim gur tionchar suntasach trasteorann de chuid na forbartha a bheartaítear é sin.

Sócmhainní Ábhartha – Trácht

231 Ní mheastar go rachaidh na feithiclí a sholáthróidh ábhair chuig na láithreáin trasna na teorann le Tuaisceart Éireann toisc go bhfágann na bealaí tarlaithe a aithníodh nach mbeidh gá leis an teorainn a thrasnú. Mar sin féin, d'fhéadfaí roinnt de na hábhair thógála a stórálfar sa chlós stórála ábhar a fháil ó sholáthraithe atá bunaithe i dTuaisceart Éireann. Ar an gcaoi chéanna, ní fios cén áit a mbeidh na hoibrithe tógála ina gcónaí, agus b'fhéidir go dtiocfaidís sin chuig an láithreán ó Thuaisceart Éireann. Is beag a bheadh an trácht a d'fhéadfaí a ghiniúint leis na gnéithe sin agus, dá bhrí sin, meastar nach mbeadh ach tionchar tráchta trasteorann fíorbheag ag an bhforbairt a bheartaítear.

Oidhreacht Chultúrtha

- 232 Tar éis bearta maolaithe a chur i bhfeidhm, aimsíodh nach mbeadh tionchar fisiceach díreach ar bith ar shuíomhanna, ar dhéanmhais, ar shéadchomharthaí ná ar ghnéithe seandálaíochta, ailtireachta nó oidhreachtachta cultúrtha a taifeadadh roimhe atá suite i dTuaisceart Éireann mar thoradh ar an bhforbairt a bheartaítear.
- 233 Tá séadchomhartha seandálaíochta amháin, ar imfhálú é (Uimh. SMR Thuaisceart Éireann ARM023-004), lonnaithe i dTuaisceart Éireann, mar ar aimsíodh go mbeadh tionchar diúltach measartha ar thimpeallacht an tsuímh.

5.15.1 Conclúidí

- 234 Bunaithe ar na measúnuithe a rinne EirGrid agus a chuid comhairleach, táthar ag tuar, maidir leis an gcuid is mó d'ábhair chomhshaoil go mbeidh an tionchar trasteorann idir dada / dearfach / do-airithe agus measartha (ar thimpeallacht suíomh seandálaíochta i dTuaisceart Éireann); lasmuigh de thionchar suntasach áitiúil ó thaobh tírdhreacha agus amhairc de (go sonrach tionchar suntasach áitiúil ar nádúr an tírdhreacha).

5.16 TIONCHAR CARNACH AGUS IDIRGHNÍOMHAÍOCHTAÍ TIONCHAIR**Daoine**

- 235 Níor sainaithníodh aon tionscadal sa limistéar staidéir a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le mórthionchar carnach ar dhaoine maidir le cúrsaí daonra agus eacnamaíochta, le turasóireacht agus le taitneamhacht (ag féachaint do na sócmhainní turasóireachta atá sainaitheanta ag Fáilte Éireann maidir le suíomh na forbartha a bheartaítear) agus réimsí leictreacha agus maignéadacha (EMF).
- 236 Maidir le húsáid talún, téann tionchar carnach i bhfeidhm ar 30 dáileacht talún agus is é is cúis le tionchar iarmharach níos airde in dhá dháileacht talún laistigh de **Limistéar Staidéir an Chabháin – Mhuineacháin** (LCT-064 agus LCT-237) agus i ndáileacht talún amháin laistigh de **Limistéar Staidéir na Mí** (LMC-020). D'fhéadfadh go n-imreodh aon fhorbairt fostáisiúin amach anseo sa cheantar siar ó Dhún an Rí tionchar carnach ar ghabháltais sa cheantar sin.

Flóra agus Fána

- 237 D'fhéadfadh tionchar carnach teacht chun cinn ó mheascán éifeachtaí na forbartha atá á meas le roinnt forbairtí eile agus cleachtais bainistíochta talún lena n-áirítear talmhaíocht, tionsclaíocht, truailliú poncfoinse agus cóireáil fuíolluisce. Is féidir roinnt tionchar a áireamh anseo as foinsí éagsúla agus ar mhéideanna éagsúla ar an ngabhdóir / acmhainn chéanna.

- 238 Breithníodh forbairtí eile a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le tionchar carnach féideartha sa mheasúnú. Ar na forbairtí a measadh a bheith ar na forbairtí ab ábhartha, tá: gné Northern Ireland Electricity (Leictreachas Thuaisceart Éireann) den idirnascaire a bheartaítear, líne lasnairde 38 kV thoilithe ó Stáisiún Thulaigh na Malradh go Stáisiún Shearcóige; agus Forbairt Feirm Ghaoithe Thaobh Urchair. I gcás na dtionscadal eile ar fad a ndearnadh athbhreithniú orthu agus ar aithníodh go bhféadfaidís bheith coitianta don idirnascaire a bheartaítear, tá bearta maolaithe iomchuí i bhfeidhm chun an tionchar féideartha a laghdú an oiread agus is féidir ar ghabhdóirí éiceolaíochta. Áirítear leo sin bearta um chosaint uisce (ábhartha do cSAC / SPA na Bóinne agus na hAbhann Duibhe). Ní aithnítear aon tionchar iarmharach d'éin lena n-áirítear an eala ghlórach agus speicis mhamaigh faoi chosaint. Ní bheidh caillteanas gnáthóige carnach suntasach ann mar go meastar nach rachfar i gcion ach ar limistéar réasúnta beag agus tá sé teoranta do ghnáthóga a bhfuil luach íseal éiceolaíochta leo den chuid is mó.
- 239 Cuirfear bearta maolaithe ábhartha cuí i bhfeidhm chun cineálacha tionchair a bhaineann leis an bhforbairt a bheartaítear a laghdú go leibhéil ísle / do-airithe. Is é an chonclúid, dá bhrí sin, nach mbeidh aon tionchar carnach suntasach (breise) i gceist i gcás flóra agus fána ábhartha sa mhórchéantar ón bhforbairt a bheartaítear.

Ithreacha, Geolaíocht agus Hidrigeolaíocht

- 240 Ní thagann aon mhórtionchar carnach as an bhforbairt a bheartaítear i gcomhar le forbairtí eile, lena n-áirítear tionscadail líne chumhachta lasnairde agus forbairtí fostáisiúin.

Uisce

- 241 Bunaithe ar athbhreithniú ar na caibidlí ar mhodheolaíocht tógála, ar éiceolaíocht agus ar ithreacha, ar an ngeolaíocht agus ar an hidrigeolaíocht, ní thagann aon mhórtionchar carnach as an bhforbairt a bheartaítear i gcomhar le forbairtí eile a bheartaítear, lena n-áirítear tionscadail líne chumhachta lasnairde agus forbairtí fostáisiúin.
- 242 Níl Dea-Stádas, mar atá sainmhínithe sa Chreat-treoir Uisce, bainte amach faoi láthair ag formhór na ndobharcheantar uisce dromchla. Is iad cúrsaí talmhaíochta agus ionaid chóireála fuíolluisce is mó a chuireann brú ar dhobharcheantair uisce dromchla feadh na forbartha a bheartaítear. Ní bheidh tionchar suntasach ag an bhforbairt a bheartaítear ar stádas na Creat-treorach Uisce do shruthanna sa ghearrthéarma ná san fhadtéarma. Ní dócha go dtiocfaidh aon tionchar suntasach réamh-mheasta aníos i cSAC / SPA na Bóinne agus na hAbhann Duibhe mar chuid den fhorbairt seo.

Torann agus Creathadh

- 243 Tá roinnt áiteanna sa limistéar staidéir ina dtrasnaíonn an línebhealach bonneagar cumhachta nó bonneagar eile dá leithéid atá ann faoi láthair, nó a bhfuil an línebhealach gar dó. Féachtar ar an tionchar torainn ó na foinsí sin atá ann faoi láthair sna suirbhéanna ar thorann cúlra.

D'fhéadfadh go n-imreodh aon fhorbairt fostáisiúin amach anseo sa cheantar siar ó Dhún an Rí tionchar carnach torainn ar ghabhdóirí fogaire sa cheantar sin. Níor sainaithníodh aon tionscadal eile sa limistéar staidéir a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le tionchar carnach torainn agus creathaidh ar ghabhdóirí fogaire.

Aer – Aeráid agus Aer

- 244 Níor sainaithníodh aon tionscadal ceadaithe eile i Muineachán, sa Chabhán agus / ná sa Mhí a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le mórtionchar carnach ar dhaoine (Aer agus Aeráid).

An Tírdhreach

- 245 Tá roinnt áiteanna ina dtrasnaíonn ailíniú na forbartha a bheartaítear an bonneagar cumhachta atá ann faoi láthair, nó gar dó. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh tionchar carnach suntasach ar an tírdhreach áitiúil teacht chun cinn idir Túr 130 agus Túr 131 i mbaile fearainn Drumsook ag Drumgristin Lough agus ag Coogan's Lough i gContae Mhuineacháin agus idir Túr 233 agus 234 i mbaile fearainn Chorr an Aoire (Toghroinn Inis Caoin) i gContae an Chabháin. Tarlóidh tionchar carnach suntasach áitiúil ó thaobh amhairc de idir Túr 233 agus Túr 234 i mbaile fearainn Chorr an Aoire (Toghroinn Inis Caoin), Contae an Chabháin.
- 246 Tiocfaidh tionchar carnach tírdhreacha chun cinn de bharr thógáil na gcúig thuirbín gaoithe a bheartaítear ag Taobh Urchair, rud a chuirfidh le saintréith thionsclaíoch an tírdhreacha tuaithe sa cheantar seo ó dheas agus soir ó shliabh Lochán Leagha.
- 247 D'fhéadfadh tionchar carnach ó thaobh tírdhreacha agus amhairc de teacht chun cinn nuair a thógfar fostáisiún amach anseo ag pointe trasnaithe an idirnascaire a bheartaítear agus líne lasnairde 220 kV Choillín an Triain-Lú atá ann cheana féin gar do Dhún an Rí. Beidh an tionchar carnach ó thaobh tírdhreacha agus amhairc de ag brath ar láthair chruinn an fhostáisiúin, ach is dócha go mbeidh tionchar suntasach áitiúil i gceist tar éis a thógála. Laghdófar an tionchar sin de réir mar a éireoidh tionchar folaithe an phlandaithe níos éifeachtaí.

Sócmhainní Ábhartha – Ginearálta

- 248 Maidir le sócmhainní ábhartha ginearálta, níor sainaithníodh aon tionscadal eile a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le mórtionchar carnach ar na sócmhainní ábhartha ginearálta.

Sócmhainní Ábhartha – Trácht

- 249 Ní ghinfear ach méid beag tráchta le linn na céime oibríche den fhorbairt agus, dá bhrí sin, ní chuirfidh an tionscadal ach ar bhealach teoranta leis an tionchar carnach féideartha a d'fhéadfadh tarlú de bharr oibríochtaí tionscadal eile sa limistéar staidéir. Ginfear méideanna níos mó tráchta i rith na céime tógála. Dhéanfaidh an trácht sin, i gcomhar le haon tionscadail

eile a bheartaítear don cheantar a ghinfidh méideanna suntasacha tráchta, cur ar bhonn teoranta le tionchar na forbartha ar shruthanna tráchta sa limistéar staidéir.

Oidhreacht Chultúrtha

- 250 Níl forbairtí ar bith ar eolas as a dtiocfadh tionchar carnach suntasach ar an áis oidhreachtach cultúrtha i limistéar staidéir an tionscadail. Is de thoradh ar fhad, ar scála agus ar nádúr na bhforbairtí eile é sin. Toisc go bhfuil clár maolaithe seandálaíochta beartaithe anseo, níltear ag tuar go mbeidh aon mhórtionchar carnach ar shuíomhanna oidhreachtach cultúrtha nár taifeadadh roimhe seo.

5.16.1 Conclúidí

- 251 Cé go bhféadfadh na tionchair idirghníomhú lena chéile chun tionchar carnach a chruthú, mar gheall ar na bearta maolaithe atá molta, ní dócha go mbeidh na hidirghníomhaíochtaí sin ina gcúis le tionchar suntasach breise nach bhfuil réamh-mheasta cheana féin faoin ábhar comhshaoil cuí.

5.17 IDIRGHNÍOMHAÍOCHTAÍ TIONCHAIR

- 252 Cé go bhfuil idirchaidreamh idir beagnach gach gné chomhshaoil go pointe áirithe, ní chuirtear ach idirchaidreamh suntasach san áireamh sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta. Áirítear na nithe seo leis an bhféidearthacht le haghaidh idirghníomhaíochtaí ag teacht aníos idir ábhair chomhshaoil:

- **Daoine (daonra agus eacnamaíoch)** turasóireacht agus taitneamhacht, tírdhreach, agus aer – torann agus creathadh;
- **Daoine (úsáid talún)** agus flóra agus fána, uisce, torann agus creathadh, agus ithreacha, geolaíocht agus hidrigeolaíocht;
- **Daoine (turasóireacht agus taitneamhacht)** agus tírdhreach, oidhreacht chultúrtha, agus daoine (daonra agus eacnamaíoch);
- **Daoine (EMF)** agus daoine (daonra agus eacnamaíoch), agus flóra agus fána;
- **Flóra agus Fána** agus uisce, daoine (úsáid talún), tírdhreach, agus ithreacha, geolaíocht agus hidrigeolaíocht;
- **Ithreacha, geolaíocht agus hidrigeolaíocht** agus uisce, agus flóra agus fána;
- **Uisce** agus ithreacha, geolaíocht agus hidrigeolaíocht, agus flóra agus fána;
- **Aer – Torann agus Creathadh** agus sócmhainní ábhartha – trácht agus daoine;

- **Aer (Caighdeán Aeir agus Aeráid)** agus sócmhainní ábhartha – trácht;
- **Tírdhreach** agus oidhreacht chultúrtha, daoine, flóra agus fána, torann agus creathadh, sócmhainní ábhartha – ginearálta, uisce, agus ithreacha, geolaíocht agus hidrigeolaíocht.
- **Sócmhainní Ábhartha** – Ginearálta agus Tírdhreach agus Flóra agus Fána;
- **Sócmhainní Ábhartha – Trácht** agus Aer – Torann agus Creathadh, Aer – Aeráid agus Caighdeán Aeir, Tírdhreach, Oidhreacht Chultúrtha, Flóra agus Fána, agus Uisce; agus
- **Oidhreacht chultúrtha** – tírdhreach, daoine – turasóireacht, flóra agus fána, agus torann agus creathadh.

253 I d**Tábla 5.2**, léirítear maitrís ar na hidirghníomhaíochtaí suntasacha dóchúla idir tionchair fhéideartha ag éirí as an bhforbairt a bheartaítear.

Tábla 5.2: Forbhreathnú ar Idirghníomhaíochtaí / Idirghaolmhaireachtaí Féideartha

		Daoine				Flóra agus Fána	Ithreach a, Geolaíocht agus Hidrigeolaíocht	Uisce	Aer		An Tírdhreach	Sócmhainní Ábhartha		Oidhreacht Chultúrtha
		Daonra agus Eacnamaíocht	Úsáid Talún	Turasóireacht & Taitneamhacht	EMF				Torann agus Creathadh	Aeráid & Cailíocht an Aeir		Ginearálta	Trácht	
Daoine	Daonra agus Eacnamaíocht			✓					✓		✓			
	Úsáid Talún					✓	✓	✓	✓					
	Turasóireacht & Taitneamhacht	✓									✓			✓
	EMF	✓				✓								
Flóra agus Fána			✓				✓	✓			✓			
Ithreacha, Geolaíocht agus Hidrigeolaíocht						✓		✓						
Uisce						✓	✓							
Aer	Torann agus Creathadh	✓											✓	
	Aeráid & Cailíocht an Aeir												✓	
An Tírdhreach		✓				✓	✓	✓	✓			✓		✓
Sócmhainní Ábhartha – Ginearálta						✓					✓			
Sócmhainní Ábhartha – Trácht						✓		✓	✓	✓	✓			✓
Oidhreacht Chultúrtha				✓		✓			✓		✓			

5.18 ACHOIMRE AR AN TIONCHAR SUNTASACH DÓCHÚIL

- 254 Le linn an mheasúnaithe tionchair timpeallachta ar an bhforbairt a bheartaítear, glacadh le cur chuige ‘seachaint de bharr dearaidh’ sa chéad ásc. Chinntigh an saineolas agus an aird a tugadh ar shainsocrú bealaigh an togra, ar thug gairmithe taithíocha faoi, go ndearnadh gabhdóirí atá níos íogaire ó thaobh na héiceolaíochta de agus gabhdóirí eile comhshaoil laistigh den timpeallacht ghhlactha a shainaithe agus a sheachaint. Níor beartaíodh bearta maolaithe arb é is aidhm dóibh drochthionchar suntasach a laghdú nó a fhritháireamh ach amháin i gcásanna nach rabhthas in ann seachaint a dhéanamh (féach **Rannán 5.19**).

Daoine (Daonra, Úsáid Talún, Turasóireacht agus Taitneamhacht, EMF)

- 255 Tiocfaidh buntáistí geilleagracha níos forleithne chun cinn de bharr na bhfeabhsúcháin a dhéanfar ar an eangach leictreachais ar oileán na hÉireann. Meastar freisin nach dtiocfaidh meath suntasach ar thírdhreach ná ar acmhainní amhairc an limistéar staidéir. Dá bhrí sin, tá an tionchar iomlán ar an daonra agus ar thaitneamhachtaí cónaithe teoranta do na gabhdóirí / limistéir sin atá an-ghar do na túir agus don líne lasnairde.
- 256 Beidh tionchar do-airithe ag an bhforbairt a bheartaítear ar úsáid talún mar thoradh ar thógáil na dtúr; is do-airithe nó beag atá an tionchar iarmharach ar fhorbhóir na ndáileachtaí talún feadh an ailínithe. Tiocfaidh drochthionchar measartha chun cinn ar dháileachtaí talún áirithe mar thoradh ar shrianta féideartha ar fhorbairt clós feirme, ag an mbábhún stórála le haghaidh ábhar tógála de bharr damáiste don ithir agus ar dháileachtaí talún foraoiseachta sa chás go mbeidh gá leis na crainn a bhaint laistigh de chonair a bheidh 74 m ar fhad ar a mhéad. Tiocfaidh drochthionchar mór chun cinn ar líon an-teoranta de dháileachtaí talún mar thoradh ar shrianta féideartha ar oibriú an dianfhiontair ghairneoireachta agus ar dhá dháileacht talún foraoiseachta sa chás go mbeidh gá leis na crainn a bhaint laistigh de chonair a bheidh 74 m ar fhad ar a mhéad.
- 257 Ní bheidh an tionchar ar thurasóireacht agus ar thaitneamhachtaí díreach toisc nach gcuirfidh an fhorbairt a bheartaítear isteach go fisiceach ar láithreacha turasóirí ar bith. Meastar go mbeidh an tionchar diúltach ar thurasóireacht agus ar thaitneamhachtaí teoranta do thionchar amhairc áitiúil neamhdhíreach ar an tírdhreach gar don líne lasnairde. Is iad Slí Thiomána Ghleann na Bóinne, Mainistir Bheighthí agus stráice gearr áitiúil de Shlí Mhuineacháin na príomháiseanna turasóireachta a bhféadfadh tionchar amhairc den sórt seo tarlú dóibh.
- 258 In ainneoin toimhdí coimeádacha faoi na dálaí oibriúcháin a ghllactar maidir leis na ríomhanna do na réimsí leictreacha agus maighnéadacha (EMF) (lena dtugtar ró-mheastachán ar leibhéil réimse de ghnáth), tá na réimsí leictreacha agus maighnéadacha ón líne 400 kV a bheartaítear fós níos ísle ná treoirlínte réimsí leictreacha agus maighnéadacha na hÉireann agus an AE.

Nuair a scrúdaíodh taighde eolaíoch maidir le hábhair ina ndéantar nasc idir réimsí leictreacha agus maighnéadacha agus sláinte daoine agus speiceas eile, níor léiríodh go mbeadh drochthionchar ar dhaoine ná ar speicis eile de bharr EMF. Tá an measúnú sin ag teacht le hathbhreithnithe a rinne gníomhaireachtaí sláinte agus eolaíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Flóra agus Fána

- 259 D'fhéach dearadh an tionscadail le híoslachdú a dhéanamh ar thionchar éiceolaíochta oiread ab fhéidir trí thúir a shuí ar shiúl ó ghabhdóirí amhail fálta sceach a bhféadfadh ardluach éiceolaíochta a bheith orthu agus ar shiúl ó aibhneacha / shruthanna (agus gnáthóga bruachánacha gaolmhara). Is éard atá anseo ná cur chuige tábhachtach agus dea-chleachtas chun tionchar ar ghabhdóirí éiceolaíochta a íoslachdú. Is tírdhreach ardbhainistithe é an limistéar staidéir freisin, áit a bhfuil gnáthóga lena mbaineann luach íseal éiceolaíochta le sonrú go mór ann. Is iad aibhneacha (lena n-áirítear láithreacha Eorpacha na hAbhann Duibhe agus na Bóinne), fálta sceach teorann / crannteorainneacha agus Ealaí Glóracha na heochairghnéithe éiceolaíochta. Thángthas ar an gconclúid gur beag nó do-airithe a bheadh tionchar ar phríomhghabhdóirí éiceolaíochta, lena n-áirítear na heochairghrúpaí a sainithníodh, a fhad is a leantar na nósanna imeachta dea-chleachtais le linn na tógála, an athchóirithe agus na bainistíochta agus a fhad is a chuirtear na bearta maolaithe atá molta i bhfeidhm.

Torann

- 260 Réamh-mheastar nach mbeidh tionchar suntasach torainn agus creathaidh ag an bhforbairt mar atá sí deartha, agus an maolú molta san áireamh, ar ghabhdóirí íogaire.

Ithreacha, Geolaíocht agus Hidrigeolaíocht

- 261 Beidh tionchar ag céim na tógála den fhorbairt a bheartaítear ar staid na talún agus ar na tosca geolaíochta (lena n-áirítear ithir, fo-ithir agus buncharraig) trí úsáid a bhaint as bealaí rochtana sealadacha agus as tochairtí atá ag teastáil le haghaidh bhunanna na dtúr agus an fhostáisiúin. I measc an tionchair fhéideartha, tá doirteadh breosla de thaisme, a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do chaighdeán na hithreach, na buncharraige agus an screamhuisce dá rithfeadh sé isteach sa talamh. Tar éis na bearta maolaithe a bheartaítear a chur i bhfeidhm, áfach, meastar gur gearrthéarmach agus do-airithe a bheidh an tionchar a thiocfaidh chun cinn.
- 262 Roghnaíodh na láithreacha túir chun limistéir n-aithnítear go bhfuil sil-leagain locha, móin shlán agus móin réitithe iontu a sheachaint nuair is féidir. Níor sainithníodh móin shlán ag aon láthair thúir feadh an línebhealaigh. Dá réir sin, meastar nach mbeidh aon drochthionchar ag na tochairtí atá ag teastáil le haghaidh thógáil na bpríomhghnéithe den fhorbairt a bheartaítear ar an éiceachóras móna atá níos íogaire.

- 263 Maidir le céim oibríoch na forbartha, ní mheastar go mbeidh aon tionchar suntasach ar an gcomhshaol geolaíoch nó hidrigeolaíoch áitiúil mar thoradh ar chur chun feidhme na mbearta maolaithe. Dá bhrí sin, táthar ag tuar gur gearrthéarmach agus do-airithe a bheidh an tionchar foriomlán ar ithreacha agus ar gheolaíocht.

Uisce

- 264 D'fhéadfadh céim na tógála den fhorbairt a bheartaítear tionchar a imirt ar an uisce trí úsáid bealaí rochtana sealadacha agus trí thochailtí atá ag teastáil le haghaidh bhunanna na dtúr. D'fhéadfadh go dtiocfadh tionchar féideartha ar an gcomhshaol uisce bunúsach as doirteadh breosla de thaisme. Má chuirtear na bearta maolaithe atá molta chun feidhme, áfach, níl coinne le haon drochthionchar suntasach ar an gcomhshaol uisce mar gheall ar chéim na tógála den líne lasnairde a bheartaítear. Maidir le céim oibríoch na forbartha, ní mheastar go mbeidh aon tionchar suntasach ar an gcomhshaol uisce áitiúil. Dá bhrí sin, meastar nach mbeidh ach tionchar diomaibhseach gearrthéarmach ar an gcomhshaol uisce.

Aer – Caighdeán agus Aeráid

- 265 Beidh tionchar iarmharach dearfach san fhadtéarma ag an bhforbairt ar astaíochtaí gás ceaptha teasa toisc go n-éascóidh sé forbairt bhreise ar fhoinsí fuinnimh in-athnuaite agus a nascadh leis an eangach. Laghdóidh sin an spleáchas ar bhreoslaí iontaise, rud a laghdóidh líon na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa ina dhiaidh sin. Ó thaobh an deannaigh de, ní mheastar go mbeidh tionchar suntasach ar bith ann tar éis na dea-chleachtais tógála agus bearta maolaithe iomchuí a chur chun feidhme. Ní thiocfaidh tionchar suntasach ar cháilíocht an aeir ó astuithe feithiclí ó na hastuithe tráchta féin. Níltear ag tuar go mbeidh tionchar ar bith ar cháilíocht an aeir áitiúil nuair a chuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm.

An Tírdhreach

- 266 I measc an tionchair dhosheachanta iarmharaigh feadh fhad iomlán na forbartha a bheartaítear, beidh drochthionchar ar shaintréithe tírdhreacha agus ar radhairc neamhfholaithe laistigh de 600-800 m den ailíniú. Beidh an tionchar sin an-soiléir in áiteanna a dtrasnaíonn an línebhealach bóithre ar a bhfuil fálta sceach ísle agus / nó in áiteanna ar féidir radhairc lánléargais a fháil. Beidh tionchar amhairc laistigh de 1 km ar cheantair áirithe atá an-réidh nó an-ardaithe i gcoibhneas leis an líne.
- 267 Tá na háiteanna seo a leanas i measc na láithreacha íogaire ar leith a sainathnódh feadh an ailínithe a bheidh faoi réir tionchar iarmharach dosheachanta; ardchlár agus gleann atá in aice leis an teorainn dhlínsiúil le Tuaisceart Éireann (cuid de Shlí Mhuineacháin san áireamh) láthair Aonach an Mhaí, radharc áilleachta soir ón tSeantamhnach, comharsanacht roinnt lochanna beaga, láithreacha inar gá do na túir droimníní a thrasnú ar mhaithe le srianta eile a sheachaint,

gleann abhann Chill Mhaighneann siar ó Chill Mhaighneann, Eastát Brittas, gleann na hAbhann Duibhe ag Taitin agus gleann na Bóinne ag Beighthigh.

Sócmhainní Ábhartha – Ginearálta

- 268 Ní bheidh aon tionchar suntasach ag tógáil ná ag oibriú na forbartha a bheartaítear ar shócmhainní ábhartha; trí chloí leis na bearta maolaithe le linn na tógála, cinnteofar nach mbainfidh aon tionchar iarmharach leis an bhforbairt a bheartaítear.

Sócmhainní Ábhartha – Trácht

- 269 Mar gheall ar fhad na líne a bheartaítear, beidh an trácht scaipthe thar limistéar mór le linn chéim na tógála. Go ginearálta, rachfar isteach chuig na suíomhanna aonair trí rianta páirce agus rianta inmheánacha atá ann cheana féin, nuair is féidir. Beartaítear go mbainfear úsáid as clós stórála ábhar, a bheidh suite i mbailte fearainn Mhuinilte Dubh agus Mhuinilte Bán, Carraig Mhachaire Rois, Co. Mhuineacháin, chun ábhair a stóráil lena ndáileadh ar na suíomhanna aonair. Táthar ag súil le níos mó tráchta ag an láthair seo mar go mbeidh feithiclí á gcoinneáil ag an láthair seo sula rachaidh siad ar fud an ghréasáin bhóithre chuig na suíomhanna aonair.
- 270 Bainfear úsáid as feithiclí troma chun an líne tharchuir a thógáil. Téann méadú ar líon na bhfeithiclí troma i bhfeidhm go mór ar bhóithre áitiúla agus ar mhionbhóithre go háirithe, toisc nár tógadh na bóithre sin chun freastal ar chuid mhór de na cineálacha feithicle sin. Méadaítear an baol atá ann tionchar a bheith ar struchtúr na gcosán, ar chiumhaiseanna, ar chóireálacha teorann, etc., agus méadaítear an méid a chuirtear isteach ar an bpobal áitiúil chomh maith maidir leis an tionchar i leith torainn, creathaidh, deannaigh agus cháilíocht an aeir.
- 271 Ní bheidh ach méid beag tráchta ann mar gheall ar chéim oibríoch na forbartha a bheartaítear. Bíodh is go mbeidh sé sealadach, beidh cuid mhór tráchta ann mar gheall ar chéim tógála na forbartha a bheartaítear toisc go mbeidh na hábhair agus an lucht oibre á n-iompar chuig an suíomh agus amach uaidh arís ar an ngréasán bóithre poiblí atá ann cheana féin, den chuid is mó. In ainneoin mhéid na forbartha a bheartaítear, ní bheidh ach líon measartha beag feithiclí ag teastáil chun freastal ar gach suíomh tógála aonair feadh na forbartha líní agus beidh an trácht sin scaipthe amach thar roinnt seachtainí.

Oidhreacht Chultúrtha

- 272 Aimsíodh sa mheasúnú nach mbeadh aon tionchar fisiceach díreach ar iarsmaí seasta aon séadchomhartha seandálaíochta a taifeadadh roimhe. Tugadh faoi deara go bhféadfadh an fhorbairt a bheartaítear tionchar a bheith aici ar iarsmaí seandálaíochta fodhromchla a

bhaineann le roinnt suíomhanna le linn chéim na tógála (go háirithe an tionchar sin a thagann as trácht tógála a théann i ndlúthghaireacht do na hiarsmaí sin). Áirítear le moltaí chun tionchar a chosc nó a mhaolú líniú teorann a dhéanamh ar mhaoláin iomchuí timpeall suíomhanna, monatóireacht a dhéanamh ar ghlanadh fásra, agus / nó monatóireacht seandálaíochta a dhéanamh ar oibreacha talún roimh an tógáil. Cuirfear na bearta maolaithe sin chun feidhme ag céim na tógála chun tionchar a íoslaghdú agus / nó a dhíbirt.

- 273 Maidir leis an oidhreacht seandálaíochta, d'fhéadfadh tionchar díreach féideartha bheith le sonrú ag ceithre shuíomh. Baineann an tionchar sin ar fad le trácht tógála agus cinnteofar le maolú iomchuí nach mbeidh aon tionchar fisiceach díreach ann. Ar an gcaoi chéanna, beidh obair thógála agus rochtain tógála ag teastáil laistigh d'ocht ndiméin a liostaítear i suirbhé gairdíní NIAH (Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta).
- 274 Mar thoradh ar fhoirm líneach sheasta na forbartha a bheartaítear, aithnítear gurb é atá san fhéidearthacht is mó le haghaidh tionchair ná tionchar ar thimpeallacht na suíomhanna oidhreachta cultúrtha le linn na céime oibríche. Áirítear 40 SMR (Taifid Láithreán agus Séadchomharthaí), sé dhiméin a liostaítear i suirbhé gairdíní NIAH agus 3 struchtúr atá faoi chosaint le suíomhanna ar measadh gur measartha nó níos mó ná measartha a bheadh suntasacht an tionchair ar a dtimpeallacht.

5.19 ACHOIMRE AR BHEARTA MAOLAITHE

- 275 Thug EirGrid faoi phróiseas cuimsitheach um roghnú bealaigh don fhorbairt a bheartaítear bunaithe ar an réiteach roghnaithe teicneolaíochta. Maidir leis sin, bhí an t-ailíniú a bheartaítear faoi réir scrúdú fairsing ar roghanna eile suímh. Tá maolú tionchar comhshaoil agus tionchar eile trí dhearadh ina ghné bhunúsach de phróiseas roghnaithe bealaigh agus dearaidh línigh EirGrid, agus meastar go léiríonn dearadh na líne a bheartaítear an rogha fhoriomlán is fearr i measc na bpríomhroghanna malartacha a ndearnadh breith orthu trí phróiseas forbartha an bhealaigh.
- 276 Tá moltaí maidir le bearta sonracha leigheasta nó maolaithe san áireamh sa mheasúnú ar thionchar féideartha na forbartha a bheartaítear a ndéantar cur síos uirthi sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta tríd síos. Meastar go bhfuil gá leis na bearta seo chun an tionchar comhshaoil a bhaineann le céim thógála agus céim oibríoch na forbartha a bheartaítear a laghdú a mhéid agus is féidir. Déantar achoimre orthu sin in **Aguisín 1**.

AGUISÍN 1

Sceideal de Ghealltanais Chomhshaoil (Achoimre ar Bhearta Maolaithe)

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir Gealltanais agus an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
TÓGÁIL (CAIBIDIL 7, IMLEABHAR 3B) – TABHAIR FAOI DEARA GO BHFUIL GACH BEART MAOLAITHE EILE ÁBHARTHA DO MHAOLÚ TÓGÁLA FREISIN					
1.1	Tógáil ghinearálta	Bainistíocht Foirgníochta	Sa chás go ndéanfaítear faomhadh don fhorbairt a bheartaítear agus sula dtosófar ar na hoibreacha, ullmhóidh an conraitheoir/na conraitheoirí a cheapfaidh an Bord Soláthar Leictreachais (BSL) <i>Plean Tógála agus Bainistíochta Comhshaoil</i> (CEMP) mionsonraithe. Tá CEMP imlíneach san áireamh mar Aguisín 7.1, Aguisíní Imleabhar 3B san EIS mar fhoinsé eolais. Sa Phlean Tógála agus Bainistíochta Comhshaoil deiridh, pléifear, i measc nithe eile, leis na rialuithe cur i bhfeidhm agus bainistíochta comhshaoil agus le bearta maolaithe (a mhionsonraítear sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta agus a bhfuil achoimre orthu thíos). Déanfaidh Bainisteoir Comhshaoil, i gcomhar le héiceolaí (Cléireach Éiceolaíoch Oibreacha [ECOW]) agus le seandálaí, monatóireacht ar chéim na tógála ar mhaithe lena chinntiú go gcuirfear gach ceann de na bearta maolaithe sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta agus sa Phlean Tógála agus Bainistíochta Comhshaoil i bhfeidhm.	Céim réamhthógála	Is ea. CEMP mionsonraithe curtha i dtoll a chéile ag conraitheoir agus comhaontaithe ag BSL agus le húdaráis fhorordaithe chuí agus áitiúla ina dhiaidh sin.
1.2	Tógáil ghinearálta	Bainistíocht Foirgníochta – Innealtóir Cliaint	Ceapfar Innealtóir Cliaint a dhéanfaidh monatóireacht agus cigireacht ar na dearáí mionsonraithe, an gléasra, na hábhair agus na hoibreacha, lena n-áirítear an sceidealú, lena chinntiú go gcomhlíonann siad na ceanglais a bhaineann le sonraíocht feidhme, dearáí agus caighdeán tarchuir.	Céim réamhthógála	Is ea
1.3	Tógáil ghinearálta	Bainistíocht Foirgníochta	Sula gcuirfear tús leis an tógáil, eiseofar Fógraí agus Sceidil, chomh maith le léarscáileanna ina dtaispeántar suíomh na dtúr arna fhaomhadh ag an mBord, chuig na húinéirí talún. Buailfidh ionadaithe EirGrid le húinéirí talún	Céim réamhthógála	Ceann ar bith

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir Gealltanais agus an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
			chun dul i ngleic le haon cheist a bheidh ag úinéirí talún tar éis dóibh an Fógra a fháil.		
1.4	Tógáil ghinearálta	Bainistíocht Foirgníochta – uaireanta oibre	Gheofar rochtain ar an suíomh le linn uaireanta sholas an lae i ngach céim den tógáil. Níl coinne le bheith i mbun tógála ar an Domhnach, istoíche ná ar laethanta saoire bainc.	Céim na tógála	Ceann ar bith
1.5	Tógáil ghinearálta	Idirchaidreamh le hÚinéirí Talún	Sula gcuirfear tús leis na hoibreacha, beidh plé idir na húinéirí talún agus na gníomhairí ceaptha d'fhonn a chinntiú go dtuigeann siad céard iad na hoibreacha sonracha a dhéanfar de bhun na forbartha a bheartaítear. Déanfar teagmháil le gach úinéir talún sula mbeidh gá le bealach isteach a fháil ar a gcuid talún agus tabharfar dáta don úinéir talún maidir le tosach na n-oibreacha sula dtosófar ar aon obair. Beidh dearadh mionsonraithe na mbealaí rochtana agus an mhodha tógála a ghlacfar, arna roghnú ó na modheolaíochtaí a aithnítear sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta, bunaithe ar staid na talún ag am na tógála agus pléifear é leis an úinéir talún sula gcuirfear tús le hoibreacha.	Céim réamhthógála	Ceann ar bith
1.6	Tógáil ghinearálta	Bainistíocht Foirgníochta	Sula gcuirfear tús leis an tógáil, cuirfear plean iomlán bainistíochta tráchta i dtoll a chéile agus i bhfeidhm.	Céim réamhthógála	Ceann ar bith
1.7	Tógáil ghinearálta	Bainistíocht Foirgníochta	Cuirfear Plean Bainistíochta ar Dhramhaíl Tógála (atá ina chuid den CEMP) i bhfeidhm chun an dramhaíl a bheidh ann a laghdú an oiread agus is féidir agus chun a chinntiú go láimhseálfar agus go ndiúscrófar sruthanna dramhaíola tógála i gceart.	Céim réamhthógála	Ceann ar bith
1.8	Tógáil ghinearálta	Athchóiriú	Nuair a bheidh na hoibreacha ar fad críochnaithe, cuirfear an talamh a úsáideadh do na bealaí rochtana sealadacha agus do na limistéir tógála mórthimpeall ar na struchtúir lasnaide ar ais mar a bhí siad roimh an tógáil, a mhéid agus is féidir.	Tar éis chéim na tógála	Ceann ar bith

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir Gealltanais agus an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
DAOINE – DAONRA AGUS EACNAMAÍOCH (CAIBIDIL 2, IMLEABHAR 3C agus IMLEABHAR 3D) – Gan aon sainbhearta maolaithe ar bith. Féach ar ábhair eile.					
DAOINE – ÚSÁID TALÚN (CAIBIDIL 3, IMLEABHAR 3C agus IMLEABHAR 3D)					
2.1	Tógáil ghinearálta	Bainistíocht Foirgníochta	Ullmhófar ráiteas modha agus clár oibre ina dtaispeánfar céimniú mionsonraithe na hoibre sula gcuirfear tús leis an obair.	Céim réamhthógála	Ceann ar bith
2.2	Oibreacha tógála ginearálta agus cothabhála oibriúcháin	Idirchaidreamh le hÚinéirí Talún	Ceapfaidh an conraitheoir oifigeach cead slí chun idirchaidreamh a dhéanamh leis na húinéirí talún feadh an línebhealaigh agus chun a chinntiú go gcomhlíonfar a gcuid ceanglas maidir le rochtain a mhéid agus is féidir. Cuirfear úinéirí talún ar an eolas sula gcuirfear tús le haon oibreacha tógála nó cothabhála.	Céim na tógála agus an chéim oibríoch	Ceann ar bith
2.3	Tógáil ghinearálta	Comhaontú BSL/IFA a chomhlíonadh	Cuirfear oiliúint chuí ar gach fostaí agus conraitheoir a mbeidh baint acu le céim na tógála, go háirithe i dtaca le saincheistanna a bhaineann le sábháilteacht an bheostoic agus le bithshlándáil ar fheirmeacha.	Céim na tógála	Ceann ar bith
2.4	Tógáil ghinearálta	Rochtain ar thalamh talmhaíochta a choinneáil	Cinntoidh an conraitheoir go mbeidh rochtain réasúnta ag úinéirí talún ar gach cuid dá bhfeirm le linn chéim na tógála.	Céim na tógála	Ceann ar bith
2.5	Tógáil ghinearálta	An baol go leathnófaí galair ainmhithe nó galair bhairr a laghdú an oiread agus is féidir	Cloífear le prótacail i leith galar. Cloífidh an conraitheoir le rialachán ar bith de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara a bhaineann le galair bharr agus bheostoic.	Céim na tógála	Is ea
2.6	Neamhbhainteach – tógáil ghinearálta	Limistéir tógála a fhálú ionas nach gcuirfear isteach ar an obair	Cuirfear fálú cuí in airde más gá chun beostoc a choinneáil amach as suíomhanna tógála.	Céim na tógála	Ceann ar bith

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir Gealltanais agus an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
2.7	Tógáil ghinearálta	An tionchar i dtaobh briseadh nó carnadh carraige a laghdú an oiread agus is féidir, más gá	Más gá carraigeacha a bhriseadh nó a charnadh, agus ní móide go mbeidh gá leis, cuirfear é sin in iúl d'úinéirí beostoic i bpáirceanna cóngaracha roimh ré.	Céim na tógála	Ceann ar bith
2.8	Tógáil ghinearálta	Tionchar ar ithir a laghdú an oiread agus is féidir	Sa chás go bhfuil barrithir lomtha cuirfear ar ais é. Déanfar gach dromchla páirce a gcuirtear isteach air a athchóiriú. Beidh sé ina bheartas tógála rochtain feithiclí nach bhfuil crios boinn fúthu ar shuíomhanna a laghdú an oiread agus is féidir le linn aimsir fhliuch. Leagfar rianta rochtana sealadacha (rianta alúmanaim nó painéil) i suíomhanna áirithe chun damáiste d'ithir a sheachaint. Ní bheidh cead feithiclí as a ndoirtar ola nó breosla a thabhairt isteach ar shuíomhanna tógála nó rochtana. Tógfar ithir ar bith a bheidh éillithe le breosla nó doirteadh coincréite as an suíomh. Déileálfar leis seo go cuí de réir ceanglais reachtaíochta.	Céim na tógála	Ceann ar bith
2.9	Tógáil ghinearálta	Tionchar ar dhraenacha talún a laghdú an oiread agus is féidir	Déanfar na draenacha talún a bhuaillfear a atreorú ar dhóigh ina gcoinneofar an draenáil talún atá ann cheana.	Céim na tógála	Ceann ar bith
2.10	Tógáil ghinearálta agus an chéim oibríoch	Sláinte agus sábháilteacht a chinntiú	Soláthróidh BSL faisnéis um shábháilteacht go díreach do gach úinéir talún lena mbaineann e.g. <i>Guidelines for Safe Working Near Overhead Electricity Lines in Agriculture (Treoirlínte maidir le hOibriú go Sábháilte gar do Líne Leictreachais Lasnairde sa Talmhaíocht)</i> agus <i>Code of Practice for Avoiding Danger from Overhead Electricity Lines (Cód Cleachtais maidir le Baol ó Línte Leictreachais Lasnairde a Sheachaint)</i> .	Céim na tógála agus an chéim oibríoch	Ceann ar bith

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir Gealltanais agus an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
			Cuirfidh na foilseacháin sin ar chumas feirmeoirí a gceanglais reachtúla faoi na Rialacháin Sláinte agus Sábháilteachta a chomhlíonadh.		
2.11	Tógáil ghinearálta agus an chéim oibríoch	Tionchar ar bheostoc a laghdú an oiread agus is féidir	Fógrófar iniúchtaí héileacaptair sna nuachtáin áitiúla agus in <i>Farmer's Journal</i> .	An chéim oibríoch	Ceann ar bith
DAOINE – TURASÓIREACHT (CAIBIDIL 4, IMLEABHAR 3C agus IMLEABHAR 3D) – Gan aon sainbhearta maolaithe ar bith. Féach ar ábhair eile.					
DAOINE – EMF (CAIBIDIL 5, IMLEABHAR 3C agus IMLEABHAR 3D)					
3.1	MSA	Leibhéil EMF a íoslaghdú	Barrfheabhsófar cumraíocht na gcéimeanna (is é sin leagan amach spásúil an dá thacar ina bhfuil trí shreang leictreachais atá ailínithe go hingearach) ar na túir chiorcaid dhúbailte atá ann cheana chun a chinntiú go n-íoslaghdófar leibhéil EMF.	Roimh an tógáil	Ceann ar bith
FLÓRA AGUS FÁNA (CAIBIDIL 6, IMLEABHAR 3C agus IMLEABHAR 3D)					
4.1	Ginearálta	Rioscaí ar nós cur isteach ar fhiadhúlra a laghdú an oiread agus is féidir agus cáilíocht an uisce a chosaint	Is é an bealach is fearr chun rioscaí ar nós cur isteach ar fhiadhúlra agus chosaint cháilíocht an uisce a laghdú an oiread agus is féidir ná Cléireach Éiceolaíoch Oibreacha (ECoW) ag a bhfuil an taithí chuí a cheapadh ar an suíomh le linn na tógála, duine a dhéanfaidh monatóireacht ar a éifeachtaí atá na bearta maolaithe a bheartaítear maidir le tionchar comhshaoil ar an eolas agus bearta maolaithe a bheartaítear sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta: Áirítear leis an ról a bheidh ag an ECoW: Maoirseacht ar oibreacha tógála agus comhlíonadh reachtaíochta a chinntiú;	Céim na tógála agus tús na céime oibríche (níos mó ná cúig bliana)	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag ECoW.

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir Gealltanais agus an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
			- Monatóireacht ar ghnáthóga agus ar speicis le linn na tógála agus ar éifeachtacht an mhaolaithe; - Comhairle a thabhairt maidir le cur isteach féideartha ar fhiadhúlra a sheachaint agus a laghdú an oiread agus is féidir; - Moltaí a thabhairt maidir le freagairtí / gníomhartha iomchuí ar shaincheisteanna a bhaineann le suíomhanna ar leith (e.g. a bheith in ann suíomh pórúcháin do speicis faoi chosaint nár taifeadadh roimhe a aithint le linn oibreacha tógála); agus - Idirchaidreamh a dhéanamh leis an NPWS, le IFI agus le húdaráis fhorordaithe eile nuair is gá. I dteannta chéim na tógála, moltar go gceapfaí éiceolaí suímh (ECoW) freisin roimh an tógáil (céim an idirchaidrimh le húinéirí talún) agus tar éis na tógála (suas le cúig bliana), go háirithe chun monatóireacht a dhéanamh ar na bearta maolaithe maidir le héin gheimhrithe.		
4.2	Ginearálta	Bainistíocht Foirgníochta	Cuirfear CEMP i bhfeidhm le haghaidh chéim thógála an tionscadail maidir leis an maolú go léir.	Céim na tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag Bainisteoir Comhshaoil.
4.3	Ginearálta	Bainistíocht Foirgníochta	Forbróidh na conraitheoirí tógála agus suímh ráitis modheolaíochta oibre, a chomhaontófar le húdaráis reachtúla agus le ECoW (nuair is iomchuí), agus a chuirfidh foirne tógála i bhfeidhm le haghaidh gach gníomhaíochta tógála.	Céim na tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag Bainisteoir Comhshaoil.

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir Gealltanais agus an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
4.4	Ginearálta	Éiceolaíocht uisceach a chosaint	De réir mar is gá, cuirfear criathair shiolta shealadacha i ndraenacha / sruthanna beaga a mheasfar go bhféadfaidís a bheith i mbaol ag sceitheadh ó thruailleán uisce. Más féidir, suíodh túir (bealaí rochtana, limistéir sreangaithe agus limistéir tháscacha oibreacha) ar shiúl ó shuíomhanna lena mbaineann tábhacht éiceolaíochta. Lena chois sin, más féidir, beidh rochtain ar láithreacha túir trí rianta atá ann cheana féin a mbíonn innealra feirme orthu go rialta. Bainfear úsáid as pointí rochtana páirce atá ann cheana féin (e.g. bearnaí / geataí feirme) chuig bóithre áitiúla ionas nach gcruthófar bearnaí breise i bhfálta sceach.	Céim na tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag ECoW.
4.5	Ginearálta	Tionchar ar ghnáthóga a laghdú an oiread agus is féidir	Seachnófar gnáthóga leathnádúrtha ar nós bogach agus fálta sceach.	Céim na tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag ECoW.
4.6	Ginearálta	Scaipeadh agus tabhairt isteach speiceas ionrach agus fiailí díobhálacha a sheachaint	Bainfear aon ábhar plandaí ionracha a thabharfar faoi deara ar shuíomh den suíomh agus déanfar é a dhiúscairt ag saoráid chuí cheadúnaithe um dhiúscairt dramhaíola. Aon speiceas ionrach a aimseofar i bhfoisceacht 15 m de limistéir oibre, beidh gá lena dhíothú ionas nach scaipfear speicis ionracha, d'fhonn a chinntiú go gcomhlíontar <i>Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011</i> (I.R. Uimh. 477 de 2011).	Céim na Tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag ECoW.
4.7	Ginearálta	Nascacht gnáthóg a choinneáil	Ní mór a chinntiú le gach obair tírdhreachta / athnasctha a dhéanfar nach n-úsáidfear ach speicis dhúchasacha amháin. Seachnófar speicis neamhdhúchasacha.	Céim na Tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag ECoW
4.8	Ginearálta	Tionchar ar ghnáthóga a laghdú an oiread agus is féidir	Déanfar fálta sceach, crainn agus scrobarnach atá le coinneáil agus atá lonnaithe gar do limistéir oibre a mharcáil agus a fháil go soiléir ionas nach mbeifear in ann damáiste de thaisme a dhéanamh le linn tochairt agus	Céim na Tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir Gealltanais agus an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
			ullmhú suímh. Ní stórálfar aon ábhar i bhfoisceacht 5 mhéadar d'fhálta sceach / crainn / scrobarnach.		ag Bainisteoir Comhshaoil.
4.9	Túir atá suite ag teorainneacha páirce	Tionchar ar ghnáthóga a laghdú an oiread agus is féidir, i.e. fálta sceach atá ina dteorainneacha páirce	Bainfear an fásra go dtí leibhéal na talún. Déanfar na hoibreacha ionas nach gcuirfear isteach ach go fíorbheag ar an ithir agus ionas nach dtarlódh aon bhalcadh lasmuigh de bhunsraitheanna na dtúr. Cuirfear fál adhmaid timpeall ar bhun an túir tar éis na tógála ionas nach mbeidh beostoc in ann dul isteach ann agus déanfar speicis adhmaid a fhásann go híseal san áit lena n-áirítear an draighean, an sceach gheal agus an coll, a athchur. Leis sin beifear in ann an fál sceach a chur ag fás arís sa bhearna ina bhfuil an túr suite. Meastar go mbeadh na fálta sceach sách láidir laistigh de chúig bliana tar éis na tógála go bhféadfaí an fálú a bhaint. Nuair is gá, ullmhófar go cuí talamh féir a ndearnadh suaithheadh air agus cuirfear síolta air arís le meascán féir as an gceantar, cosúil leis sin atá ag fás cheana féin sna páirceanna timpeall na háite. Cuirfear na síolta arís laistigh de 3 sheachtaine ó na hoibreacha tógála ionas nach ligfear ithir nach bhfuil cumhdaithe le sruth.	Céim na Tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag ECoW.
4.10	Ginearálta	Tionchar ar ghnáthóga, i.e. crainn, a laghdú an oiread agus is féidir	Déanfar bearradh agus teascadh crann gar do sheoltóirí ar bhealach a laghdóidh an gá a bheidh le teascadh forleathan crann an oiread agus is féidir. Déanfaidh foraoiseoirí / máinlianna crann cáilithe crainn mhóra fhásta a bharrscoitheadh ionas go gcoinneofar an oiread de struchtúr na crannteorann / gnáthóige líní agus is féidir agus ar bhealach a chothóidh speicis flóra na talún agus nach maróidh an crann. Beidh cuma scolbáilte nó phróifílithe ar an bhfásra de bharr a bhearrtha, rud a imreoidh an drochthionchar is lú is féidir air. Ar an iomlán, ní athrófar struchtúr ná feidhm éiceolaíoch ghnéithe na gcoillearnach líneach seo leis, agus ní dhéanfaidh sé aon difear intomhaiste don fhána a bheidh istigh ann i ndiaidh na tógála.	Céim na Tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag ECoW / Bainisteoir Comhshaoil.
4.11	Ginearálta	Tionchar ar ghnáthóga, i.e. crainn, a laghdú an	I gcás ina mbeidh gá le hobair thógála gar do chrainn fhásta, leanfar <i>Guidelines for the Planning, Installation and Maintenance of Utility Services</i>	Céim na Tógála	Is ea. Monatóireacht

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
		oiread agus is féidir	<i>in Proximity to Trees (Treoirlínte maidir le Pleanáil, Suiteáil agus Cothabháil Seirbhísí Fónais gar do Chrainn)</i> (NJUG 10) de chuid an National Joint Utilities Group (<i>an Comhghrúpa Náisiúnta Fónais</i>) d'fhoillíodh díobháil a laghdú an oiread agus is féidir.		arna déanamh ag ECoW / Bainisteoir Comhshaoil.
4.12	Ginearálta	Tionchar ar éin ghoir a laghdú an oiread agus is féidir	Déanfar aon bhaint / bhearradh scrobarnaí, fála sceach nó crann taobh amuigh den tréimhse neadaithe éan, a thosaíonn an 1 Márta agus a leanann ar aghaidh go dtí an 31 Lúnasa, chun éin neadaithe a chosaint. Tá gach éan agus a n-áiteanna neadaithe faoi chosaint in Éirinn ag an <i>Acht um Fhiadhúlra, 1976</i> (arna leasú in 2000).	Céim na Tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag ECoW / Bainisteoir Comhshaoil.
4.13	Ginearálta	Éiceolaíocht uisceach a chosaint	Cuirfidh conraitheoirí plean rialaithe draenála agus dríodair i bhfeidhm le linn oibreacha suímh. Mionsonrófar sa phlean sainbhearta maolaithe (tógtha ó bhearta maolaithe a leagtar amach i gCaibidil 6 agus i gCaibidil 8 den Ráiteas Tionchair Timpeallachta seo) chun dul i ngleic le fadhbanna a bhaineann le suíomhanna ar leith.	Céim na Tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag Bainisteoir Comhshaoil.
4.14	Ginearálta	Éiceolaíocht uisceach a chosaint	Laghdófar tionchar féideartha a tharlaíonn de bharr doirteadh, sileadh nó sceitheadh le linn na céime tógála trí sholáthar dóthanach de phacaí doirte agus de phacaí asúiteacha hidreacarbóin a choinneáil ag stáisiúin lipéadaithe ag gach limistéar oibre, agus pacáí doirte i ngach feithicil ar an suíomh. Cuirfear an pearsanra go léir faoi oiliúint maidir le húsáid an trealaimh. Déanfar aon phacaí doirte a úsáidfear a dhiúscairt go hiomchuí lasmuigh den suíomh.	Céim na Tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag Bainisteoir Comhshaoil.
4.15	Ginearálta	Éiceolaíocht uisceach a chosaint	Dréachtófar prótacal le haghaidh Phráinnfhreagairt 24 uair an chloig, 7 lá sa tseachtain maidir le sceitheadh / doirteadh hidreacarbón agus / nó ceimiceán agus cuirfear an prótacal sin i bhfeidhm. Ní mór é sin a chur i bhfeidhm i gcás go dtarlódh sé, cé nach móide go dtarlódh, go ndoirtfí ceimiceáin nó hidreacarbóin de thaisme nó go scaoilfí dríodair éiceolaíochta uiscí cosanta	Céim na Tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag Bainisteoir

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir Gealltanais agus an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
			chuig an gcóras screamhuisce nó uisce dromchla.		Comhshaoil.
4.16	Ginearálta	Éiceolaíocht uisceach agus gnáthóga íogaire a chosaint	Déanfar ábhar tochairle ó oibreacha tógála a dhiúscairt sa limistéar oibreacha atá saor ó bhaol suntasach go rachaidh sé isteach i sruthchúrsaí áitiúla.	Céim na Tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag ECoW / Bainisteoir Comhshaoil.
4.17	Ginearálta	Éiceolaíocht uisceach a chosaint, uisce	Mar chuid dá gceanglais comhshaoil agus oibre, leagfaidh an conraitheoir sceideal cothabhála amach agus ráiteas nós imeachta / modh oibríochta maidir le bearta um rialú siolta agus truaillithe le linn chéim na tógála. Déanfaidh an conraitheoir agus an ECoW monatóireacht air sin i gcomhair éifeachtachta.	Céim na Tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag Bainisteoir Comhshaoil.
4.18	Ginearálta	Éiceolaíocht uisceach a chosaint, comhlíonadh dea-chleachtais	Beidh cumhdach dúbailte ar choimeádáin ola, peitрил agus breosla eile agus iad bundaithe ionas go mbeidh siad in ann toirt 110% a thógáil. Cloífidh sonraíocht bunda leis an dea-chleachtas reatha maidir le stóráil ola cosúil le Treoir Dea-Chleachtais Fhiontraíocht Éireann <i>BPGCS005 Oil Storage Guidelines (Treoirlínte um Stóráil Ola)</i> .	Céim na Tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag Bainisteoir Comhshaoil.
4.19	Ginearálta	Éiceolaíocht uisceach a chosaint, comhlíonadh dea-chleachtais	Ní dhoirtfear coinchréit ach amháin i láithreacha sainithe agus déanfar cóireáil ar leacht nite coinchréite lasmuigh den suíomh, agus na treoirlínte reatha dea-chleachtais á leanúint, lena n-áirítear <i>Pollution Prevention Guidelines for Northern Ireland and Scotland (Treoirlínte um Thruailliú a Chosc le haghaidh Thuaisceart Éireann agus na hAlban)</i> . Ní scaoilfear leacht nite coinchréite amach in uisce dromchla agus fágfar coinchréit atá curtha amach ag cruachan sa triomach ar feadh 48 uair an chloig ar a laghad.	Céim na Tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag Bainisteoir Comhshaoil.
4.20	Ginearálta	Éiceolaíocht uisceach a	Déanfar diúscairt ar dhramh-choinchréit amh nó nach bhfuil cruaithe trína chur chuig láithreán diúscairta ceadaithe / ceadúnaithe. Tugtar ar aird go mbeidh	Céim na Tógála	Is ea. Monatóireacht

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir Gealltanais agus an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
		chosaint	sruthlú á dhéanamh ar an truail coincreíte ag ionad baisceála an ghléasra. Díreofar an sruthlú sin ar an athchúrsálaí uisce trí-bhá atá curtha ar fáil ag an láthair sin.		arna déanamh ag Bainisteoir Comhshaoil.
4.21	Ginearálta	Éiceolaíocht uisceach a chosaint	Sruthchúrsaí a aithníodh mar chinn a d'fhéadfadh a bheith i mbaol truaillithe ó ghníomhaíochtaí tógála (e.g. draenacha agus sruthanna beaga atá nasctha leis an mBóinn agus leis an Abhainn Dubh), beidh baic shiolta a bheith deartha go cuí ag gabháil leo (bunaithe ar shainréití draenála agus rith chun srutha a d'fhéadfadh tarlú) agus iad suiteáilte i gcomhairle le hlascach Intíre Éireann (nuair is gá). Féach Caibidil 8 in Imleabhar 3C agus in Imleabhar 3D le haghaidh sonraí.	Céim na Tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag Bainisteoir Comhshaoil.
4.22	Ginearálta	Éiceolaíocht uisceach a chosaint	Déanfar athbhreoslú innealra, a dhéanfar ar limistéir shainithe chothroma a bhfuil dromchla crua fúthu nuair is féidir, 20 m ar a laghad ó shruthchúrsaí agus díoga draenála. I gcás ina mbíonn gá le hathbhreoslú lasmuigh den limistéar sin, iomprófar breosla in umar soghluaiste faoi chumhdach dúbailte agus beidh tráidire doirte in úsáid le linn oibríochtaí athbhreoslaithe.	Céim na Tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag Bainisteoir Comhshaoil.
4.23	Ginearálta	Gnáthóga agus éiceolaíocht uisceach a chosaint	Déanfar cothabháil rialta ar an innealra ar fad agus seiceálfar i gcomhair sceití. Ní thabharfar faoi sheirbhísiú i bhfoisceacht 50 m de ghnéithe uisceacha, lena n-áirítear díoga draenála tirime. Ní mór seirbhísiú a dhéanamh ar limistéir shainithe chothroma a bhfuil dromchla crua fúthu nuair is féidir.	Céim na Tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag Bainisteoir Comhshaoil.
4.24	Tógáil – ginearálta	Éiceolaíocht uisceach a chosaint	Stórálfar ábhair thógála cosúil le hidreacarbón, stroighín agus leachtmhoirtéal in áiteanna bundaithe nó i sadhlanna agus déanfaidh an bainisteoir láithreáin imscrúdú rialta orthu.	Céim na Tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag Bainisteoir Comhshaoil.

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir Gealltanais agus an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
4.25	Tógáil – ginearálta	Éiceolaíocht uisceach a chosaint	Cuirfear staid na haimsire san áireamh nuair a bheidh gníomhaíochtaí tógála á bpleanáil chun an baol a bhaineann le mór-rith chun srutha ó limistéir oibreacha a laghdú an oiread agus is féidir.	Céim na Tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag Bainisteoir Comhshaoil.
4.26	Tógáil – ginearálta	Tionchar ar ialtóga a laghdú an oiread agus is féidir	Mar gheall ar an tréimhse ama is dócha a bheidh idir pleanáil agus glanadh suímh agus tógáil iarbhrí (seans go mbeidh níos mó ná 2 bhliain i gceist), tabharfaidh saineolaí ialtóg faoi shuirbhéanna dheimhniúcháin fíoraithe ialtóg / faoi mhonatóireacht ar chrainn fhásta faoi leith a aithníodh i gcomhair leagain sula leagfar na crainn. D'fhonn leanúint le leagan na gcrann a d'fhéadfaí a aithint mar fharaí ialtóg, beidh gá ceadúnas maolaithe a fháil ón NPWS. Leanfar an treoir ón NRA (2006) maidir le leagan crann agus baint fála sceaigh i rith chéim ghlanadh suímh an tionscadail.	Céim réamhthógála agus céim na tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag ECoW.
4.27	Tógáil – ginearálta	Tionchar ar mhadraí uisce a laghdú an oiread agus is féidir	Ar mhaithe lena dheimhniú cad iad na tosca a rachfar i ngleic leo sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta seo, déanfar suirbhéanna réamhthógála ag sruthchúrsaí agus ag gnáthóga cóngaracha a bhíonn gar do láithreacha túir agus do limistéir ina leagfar crainn d'fhonn a dheimhniú cibé an bhfuil suíomhanna pórúcháin madraí uisce ann nó nach bhfuil. Tabharfar sonraí maidir leis an modheolaíocht don fhíorú / mhonatóireacht roimh an tógáil agus den chur chuige a ghlacfar sa CEMP a dhréachtófar le haghaidh chéim thógála na forbartha agus beidh tagairt ann do threoircháipeisí ábhartha. Níltear ag súil go dtiocfaidh aon tionchar díreach chun cinn toisc go mbeidh ráiteas modheolaíochta comhaontaithe ag gabháil leis na hoibreacha agus go ndéanfaidh an Cléireach Éiceolaíoch Oibreacha monatóireacht orthu.	Céim réamhthógála agus céim na tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag ECoW.

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir Gealltanais agus an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
4.28	Tógáil – ginearálta	Tionchar ar chruidíní a laghdú an oiread agus is féidir	Mar gheall ar an tréimhse ama is dócha a bheith ann idir pleanáil agus glanadh suímh agus tógáil iarbhrí agus ar mhaithe lena dheimhniú cad iad na tosca a rachfar i ngleic leo, déanfar suirbhéanna réamhthógála ag sruthchúrsaí agus ag gnáthóga cóngaracha (atá ceangailte leis an mBóinn agus leis an Abhainn Dubh) a bhíonn gar do láithreacha túir agus do limistéir ina leagtar crainn d'fhonn a dheimhniú cibé an bhfuil suíomhanna pórúcháin cruidíní ann nó nach bhfuil.	Céim réamhthógála agus céim na tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag ECoW.
4.29	Tógáil – ginearálta	Tionchar ar bhroic a laghdú an oiread agus is féidir	Déanfar suirbhéanna maidir le brocacha broic ag fásra adhmaid a theastóidh le leagan. Tá na suirbhéanna sin ag teastáil chun a dheimhniú go mbeidh na gníomhaíochtaí glanta suímh ar aon dul leis an timpeallacht ghlactha a bhreithnítear sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta seo. Cruthófar crios maolánach timpeall ar aon bhrocach broic atá ar eolas trí chuaillí sealadacha a thógáil agus sreanga ar a mbeidh comhartha “cosc ar iontráil” crochta. Níltear ag súil go dtiocfaidh aon tionchar díreach chun cinn toisc go mbeidh ráiteas modheolaíochta comhaontaithe ag gabháil leis na hoibreacha agus go ndéanfaidh an Cléireach Éiceolaíoch Oibreacha monatóireacht orthu.	Céim réamhthógála agus céim na tógála	Is ea. Monatóireacht arna déanamh ag ECoW.
4.30	Ginearálta – an chéim oibríoch	Tionchar ar ealaí glóracha a laghdú an oiread agus is féidir	Is iad rioscaí féideartha imbhuailte d'ealaí glóracha an príomhthionchar oibríochta a aithnítear. Cuireadh maolú trí sheachaint suíomhanna beathaithe agus fara i bhfeidhm an oiread agus is féidir i roghnú bhealach an ailínithe. Beartaítear Claontaí Eitilte (marcóirí le haghaidh Claonadh Eitilte Ealaí atá déanta as PVC liath ardtionchair [UV-chobhsaithe]) a fheistiú thart ar 5 m amach óna chéile feadh gach sreinge talmhaithe, ag láithreacha ar leith a shaináithnítear san EIS. Tá an mharcáil líne sin beartaithe don tsreang thalmhaithe ionas go mbeidh an tsreang thalmhaithe níos feiceálaí d'éin ag eitilt.	An chéim	Féach 4.34 thíos

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir Gealltanais agus an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
4.31	Ginearálta	Athfhás fála sceach agus cothabháil fála	I gcás ina mbíonn drochfhás faoi fhálta sceach nó i gcás nach mbeidh fás ar bith faoi fhálta sceach, athchuirfear le speicis dhúchasacha fála sceach den chineál céanna iad d'fhonn a chinntiú go gcoinnítear/go n-athbhunaítear gnáthóga líneacha. Má theastaíonn fál nua nó cothabháil, comhaontófar agus cuirfear é sin i bhfeidhm in éineacht le húinéir na talún.	Tar éis na tógála	Is ea. Dhá bhliain tar éis na tógála
4.32	Ginearálta		Déanfar monatóireacht chun éifeachtacht mhaolú na gclaontaí eitle a bheartaítear a dhéanamh amach.	Tar éis na tógála	Is ea. Gach bliain ar feadh deich mbliana.
4.33	Ginearálta – Le linn oibreacha cothabhála	Le linn oibreacha cothabhála, déanfar machnamh i dtaca lena chinntiú go ndéantar cosaint leanúnach ar cháilíocht an uisce.	Ag brath ar chineál na n-oibreacha cothabhála a bheartaítear, d'fhéadfadh go mbeadh gá le measúnuithe riosca den tionchar féideartha ar uisce dromchla agus cuirfear maolú iomchuí i bhfeidhm i gcás ina n-aithnítear riosca.	Tar éis na tógála	Is ea. Leanúnach (ag brath ar riachtanais oibre)
ITHREACHA, GEOLAÍOCHT AGUS HIDRIGEOLAÍOCHT (CAIBIDIL 7 D'IMLEABHAR 3C AGUS D'IMLEABHAR 3D)					
5.1	pNHA na Léime Giorra, CGS Allt Maise, CGS Ghalltroma agus CGS na Bóinne	Tionchar féideartha a mhaolú	Áirítear na nithe seo a leanas leis na bearta maolaithe a comhaontaíodh le GSI le haghaidh iniúchadh na suíomhanna / thógáil na dtúr: • Leanúint le comhairliúchán le GSI; • Tochailt a theorannú trí thochailt a dhéanamh ar an lorg atá riachtanach amháin; • Fanacht fad cuí amach ó pNHA na Léime Giorra agus ó Shruthán Allt Maise; agus • Cuirfear GSI ar an eolas maidir le haon chuid/ghné nua shuntasach a nochtar laistigh de lorg an túir.	Céim na Tógála	Ceann ar bith

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir Gealltanais agus an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
5.2	Ginearálta	Ábhar carta a chóireáil go héifeachtach	Stórálfar ithir agus fo-ithir thochailte cóngarach don limistéar tochailte. Déanfar ábhar tochailte a athúsáid in situ nuair is féidir. Sa chás nach bhfuil aon ábhar ann atá oiriúnach dá athúsáid ag úinéirí talún nó nár mhaith le húinéirí talún é a athúsáid, déanfar fo-ithir a dhiúscairt de réir gach ceanglais reachtaíochta is infheidhme.	Céim na Tógála	Ceann ar bith
5.3	Ginearálta	Talamh éillithe nach rabhthas ag súil léi a láimhseáil	Déanfar measúnú amhairc ar gach ábhar a thochlófar le haghaidh truailliú, amhail smálú nó drochbholaith. Má dhearbhaítear go bhfuil aon chuid den ithir thochailte éillithe, déileálfar leis sin go cuí de réir gach ceanglais reachtaíochta is infheidhme.	Céim na Tógála	Monatóireacht ag teastáil le linn na tógála
5.4	Ginearálta	An tionchar a shonrófaí de bharr doirteadh ábhair a laghdú an oiread agus is féidir	Stórálfar gach ola agus breosla a úsáidtear le linn na tógála ar dhromchla bundaithe sealadach dílsithe (i.e. dromchla plaisteach bundaithe cuimsitheach). Bogfar iad sin go dtí suíomh gach túir de réir mar a théann an tógáil ar aghaidh. Beidh athbhreoslú feithiclí tógála agus cur olaí hiodrálacha nó bealaí ar fheithiclí ar bun ar shiúl ó chlasáin nó ó dhraenacha uisce dromchla. Ní cheadófar aon athbhreoslú laistigh de 50m de shruth nó d'abhainn. Stórálfar trealamh doirte agus pacaí ionsúiteacha hidreacarbóin sa limistéar agus cuirfear oiliúint ar oibrithe chun an trealamh sin a úsáid i gceart.	Céim na Tógála	Ceann ar bith
5.5	Ginearálta	Tionchar ar ithreacha a laghdú an oiread agus is féidir	Má dhéantar cleachtais oibre a smachtú, mar shampla, trí thógáil talún a íoslaghdú, trí athláimhseáil ithreacha a sheachaint, trí ghluaiseachtaí feithiclí easbhóthair a íoslaghdú agus trí mhéid stoc-charn a laghdú, laghdófar balcadh agus creimeadh ábhar. Cuirfear ithreacha ar ais ag na túir agus feadh an bhealaigh rochtana shealadaigh.	Céim na Tógála	Ceann ar bith
5.6	Láithreacha túir	An tionchar ar thoibreacha agus ar thollphoill atá ann cheana	Sa chás go bhfuil sé riachtanach dí-uisciú a dhéanamh chun na bunsraitheanna túir a thógáil cóngarach do thoibreacha, déanfar monatóireacht ar thoibreacha atá lonnaithe laistigh de 100 m de láthair na	Céim na Tógála	Monatóireacht ag teastáil le linn na tógála

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir Gealltanais agus an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
		féin a laghdú an oiread agus is féidir	dtúr.		
5.7	Tógáil – ginearálta	An tionchar ar thoibreacha agus ar thollphoill atá ann cheana féin a laghdú an oiread agus is féidir. Cáilíocht an uiscechórais ghlactha a chosaint.	Is féidir go mbeidh solaid ar fuaidreamh san uisce a phumpáiltear ó na tochairtí. Is féidir go mbeidh síothlú ag teastáil chun laghdú a dhéanamh ar thiúchan na solad ar fuaidreamh ar mhaithe le cáilíocht an chórais uisce ghlactha a chosaint. Déanfar síothlú trí ghnáthchóras scagacháin uisce chun laghdú a dhéanamh ar an méid dríodair atá sa screamhuisce a ritheann chun srutha. Ní cheadófar scaoileadh díreach chuig sruthanna ná chuig aibhneacha.	Céim na Tógála	Monatóireacht ag teastáil le linn na tógála
5.8		Mianaigh na Teamhrach	Tabharfar faoi idirchaidreamh le Mianaigh na Teamhrach le linn chéim na tógála / na céime oibríche chun a chinntiú nach dtiocfaidh aon chomhilint aníos.		
UISCE (CAIBIDIL 8 D'IMLEABHAR 3C AGUS D'IMLEABHAR 3D)					
6.1	Ginearálta – céim na tógála	Truailliú uisce a chosc	Déanfar na hoibreacha uile agus aird chuí á tabhairt ar an treoir a leagtar amach i gCáipéis C650 de chuid an CIRIA, <i>Environmental Good Practice on Site (Dea-chleachtas Comhshaoil ar an Suíomh)</i> .	Céim na Tógála	Ceann ar bith
6.2	Cásanna ina bhféadfadh gá a bheith le leagan crann	Truailliú uisce a chosc le linn foraoisí a leagan	Rachfar i gcomhairle le hlascach Intíre Éireann (IFI) agus leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) sula dtosaíonn an leagan i gceantair lena mbaineann tábhacht iascaigh agus fiadhúlra. Suiteálfar gaistí dríodair roimh an leagan agus déanfar iad a chothabháil gach lá i rith na n-oibríochtaí leagain. Leagfar crainn ar shiúl ón gcrios uisceach. Ní bhainfear le meaisíní sa chrios bruachánach. I suíomhanna ina bhfuil baol mór creimthe (fánaí géara agus/nó in aice le haibhneacha), úsáidfear mataí caschoille chun damáiste ithreach, creimeadh	Céim na Tógála	Monatóireacht ag teastáil le linn chéim na tógála.

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir Gealltanais agus an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
			agus dríodró a sheachaint. Athrófar na mataí caschoille nuair a éireoidh siad síleáilte caite. Ba cheart foráil a dhéanamh do mhataí caschoille feadh gach bealaigh easbhóthair ionas nach mbeadh balcadh ná sclagadh ithreach le sonrú. Ní leagfar crainn le linn tréimhsí ina bhfuil báisteach throm chun rith chun srutha a chosc. Ní chuirfear breosla in innealra ná ní dhéanfar cothabháil ar innealra laistigh de 50 méadar de chríos uisceach. Stórálfar adhmaid i limistéir thirime ar shiúl ó na críosanna bruachánacha. Tionchar gearrthéarmach a bheidh i gceist le tionchar leagain foraoisí na líne tharchuir lasnairde le linn chéim na tógála.		
6.3	Gar do shruthchúrsaí (lena n-áirítear an Bhóinn agus an Abhainn Dubh)	Sruthchúrsaí a chosaint	Úsáidfear bacainn siolta / imbhallaí siolta i gcásanna ina dtabharfar faoi thúir nó faoi oibreacha in achomaireacht do shruthchúrsaí. Maidir leis an mBóinn agus leis an Abhainn Dubh, tá na túir suite 60 méadar agus 100 méadar ar a laghad ó na haibhneacha sin faoi seach. In ainneoin an achair sin, áfach, beartaítear bacainní / cuirtíní siolta a úsáid le haghaidh tógáil túr in aice leis na haibhneacha sin.	Céim na Tógála	
6.4	Tógáil ghinearálta	Tionchar ar ithreacha a laghdú an oiread agus is féidir	Déanfar stoc-chairn a ghrádú de réir phróifíl <1:4. Stórálfar barrithir agus fo-ithreacha ar shiúl óna chéile. Beidh stoc-chairn d'ithreacha mianracha agus de mhóin <2 mhéadar agus <1 mhéadar faoi seach. De bharr maoirseacht gheoiteicniúil a dhéanamh i dteannta le monatóireacht, cinnteofar go stórálfar aon mhóin a bhíonn ann in áiteanna oiriúnacha.	Céim na Tógála	Monatóireacht ag teastáil le linn na tógála
6.5	Gar do shruthchúrsaí	Sruthchúrsaí a chosaint	In áiteanna inar gá dí-uisciú a dhéanamh chun na bunsraitheanna túir a thógáil, glacfar réamhchúraimí chun a chinntiú nach mbeidh aon drochthionchar ar shruthchúrsaí in aice láimhe, lena n-áirítear an t-uisce iarmharach a scagadh sula scaoilfear é.	Céim na tógála	Is ea. Ar cháilíocht an uisce a scaoilfear amach.

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir Gealltanais agus an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
6.6	Gar do shruthchúrsaí	Sruthchúrsaí a chosaint	Glacfar réamhchúraimí chun doirteadh a sheachaint. Áirítear orthu sin: - Úsáid a bhaint as coimeád tánaisteach, m.sh. bundaí timpeall umair stórála ola; - Úsáid a bhaint as tráidirí silte timpeall gléasra soghluaiste; - Maoirseacht a dhéanamh ar gach seachadadh agus ar ghníomhaíochtaí athbhreoslaithe; agus - Limistéir neamh-thréscaoilteacha ar leith le haghaidh athbhreoslú atá ar shiúl ó dhraenacha uisce dromchla a shainiú agus a úsáid.	Céim na tógála	Is ea. I rith na tógála
6.7	Gar do shruthchúrsaí	Sruthchúrsaí a chosaint	Maidir le saoráidí agus gníomhaíochtaí stórála ar an suíomh, stórálfar aon amhábhair agus aon bhreosláí i limistéir bhundaithe, más cuí, chun doirteadh nó sceitheadh féideartha de thaisme a sheachaint. Déanfar seiceáil rialta ar gach trealamh agus innealra i gcomhair sceitheadh agus cáilíocht feidhmiúcháin.	Céim na tógála	Is ea. Trealamh
6.8	Gar do shruthchúrsaí	Sruthchúrsaí a chosaint	Cuirfear oiliúint ar gach pearsanra suímh agus beidh a fhios acu cad ba cheart a dhéanamh i gcás éigeandála, mar shampla doirteadh substaintí a d'fhéadfadh a bheith truaillitheach. Coinnítear pacáí doirte lena chinntiú go ndéileáiltear le gach doirteadh nó sceitheadh ar an toirt agus tá oiliúint chuí curtha ar an bhfoireann chun iad a úsáid. Coinneofar aon seirbhísiú feithiclí i gceantair shainithe atá faoi chosaint oiriúnach. Cuirfear aon doirteadh nó teagmhas truaillithe in iúl don rialtóir agus cuirfear an tarlú ina cheart.	Céim na Tógála	Monatóireacht leanúnach ag teastáil le linn na tógála
6.9	Gar do shruthchúrsaí	Sruthchúrsaí a chosaint	Ní cheadófar na feithiclí a iompraíonn an choincreit a ghlanadh síos ná a ghlanadh amach ag suíomh na tógála. Déanfar na feithiclí sin a ghlanadh síos agus a ghlanadh amach ag saoráid chuí ag suíomh seachtrach.	Céim na tógála	Monatóireacht leanúnach ag teastáil le linn na tógála

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir Gealltanais agus an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
6.10	Rianta rochtana sealadacha agus bunsraitheanna túir	Sruthchúrsaí a chosaint	In áiteanna áirithe, b'fhéidir go mbeidh sé den riachtanas rian rochtana sealadach de Chineál 2 a leagan síos má thagtar ar dhrochbhogach. Go ginearálta, úsáidtear painéil bhóthair rubair nó alúmanaim le haghaidh rianta rochtana sealadacha. Beidh na rianta rochtana sealadacha suas le 4 mhéadar ar leithead agus leagfar iad ar shiúl ó dhraenacha más féidir. Bainfear úsáid as bacainní siolta i láithreacha íogaire chun cosc a chur ar rith chun srutha díreach le sruthchúrsaí áitiúla.	Céim na tógála	Ceann ar bith
6.11	Bealaí rochtana sealadacha agus bunsraitheanna túir	Cáilíocht an uisce a chosaint	Cinntear trí bhearta coisctheacha go laghdófar tiúchan solad ionchuir ar fuaidreamh ag an bhfoinse an oiread agus is féidir. Bainfear amach an méid sin trína chinntiú go stórálfar siolta / cré agus barrithir i gceart le linn chéim thógála na forbartha.	Céim na tógála	Monatóireacht leanúnach ag teastáil le linn na tógála.
6.12	Tógáil – bealaí rochtana sealadacha agus bunsraitheanna túir	Cáilíocht an uisce a chosaint	Déanfar monatóireacht ar cháilíocht an uisce roimh thús na tógála chun sonraí bonnlíne a bhunú agus lena chinntiú nach rachaidh cáilíocht an uisce chun olcais. Díreofar ar shruthchúrsaí a mheasfar a bheith níos mó i mbaol de bharr truailliú (i.e. túir ina bhfuil sruthchúrsaí laistigh de 20 m de na hoibreacha tógála). Déanfar cigireacht laethúil ar na sruthchúrsaí in aice láimhe mar chuid den mmonatóireacht ar cháilíocht an uisce.	Roimh an tógáil agus le linn chéim na tógála	Monatóireacht, breathnú agus sampláil leanúnach ag teastáil le linn na tógála.
6.13	Clós Stórála le haghaidh Ábhar Tógála	Cáilíocht an uisce a chosaint	Cuirfear san áireamh sa chóras draenála uisce dromchla ag an gclós stórála le haghaidh ábhar tógála moltaí CIRIA c468 agus úsáidfear feistí SuDanna (draenáil uirbeach inbhuanaithe) nuair is iomchuí. Beidh rith chun srutha ó shuíomh teoranta do rátaí rith chun srutha a bheadh i láithreán úrnua.	Roimh an tógáil agus le linn chéim na	Monatóireacht agus sampláil leanúnach ag teastáil le linn na

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir Gealltanais agus an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
			Rachaidh an rith chun srutha trí bhac siolta, idircheapóir ola agus murlach socraithe sula scaoilfear chuig an uisce dromchla é.	tógála	tógála
6.14	Fostáisiún Fhearann na Coille	Cáilíocht an uisce a chosaint	Agus caighdeáin deartha an GDSDS á gcur i bhfeidhm, cuirtear san áireamh sa chóras draenála uisce dromchla ag Fearann na Coille moltaí an GDSDS agus úsáidtear feistí SuD (draenáil uirbeach inbhuanaithe) nuair is iomchuí. Beidh rith chun srutha ó limistéir chrua ag Fostáisiún Fhearann na Coille teoranta chuig rátaí rith chun srutha a bheadh i láithreán úrnua.	Roimh an tógáil agus le linn chéim na tógála	Monatóireacht leanúnach ag teastáil
AER – TORANN AGUS CREATHADH (CAIBIDIL 9 d'IMLEABHAR 3C AGUS d'IMLEABHAR 3D)					
7.1	Céim na tógála	Comhlíonadh Caighdeán Eorpach cuí a chinntiú	Ní mór don chonraitheoir a cheapfar a chinntiú go sásóidh gach innealra a úsáidfear le linn chéim na tógála na caighdeáin arna leagan amach i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (<i>Innealra agus Trealamh Tógála</i>) (<i>Leibhéil Cheadaithe Torainn</i>) (1990) [aistriúchán neamhoifigiúil]. Déanfaidh an conraitheoir tagairt do <i>BS 5228: Noise control on construction and Open Sites (Rialú torainn ar shuíomhanna tógála agus ar shuíomhanna oscailte)</i> (2009), ina dtugtar treoir mhionsonraithe ar rialú torainn ó ghníomhaíochtaí tógála.	Céim na tógála	Ceann ar bith
7.2	Céim na tógála	A chinntiú go nglacfar le cleachtais chuí le linn na tógála	Beartaítear go nglacfar le cleachtais éagsúla, lena n-áirítear: - Ní iondúil go mbeidh aon obair ar siúl san oíche; mar sin féin, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach gineadóirí, caidél nó innealra eile dá leithéid a fhágáil ar siúl ag roinnt láithreacha, áit a mbeidh gníomhaíocht in áit amháin ar feadh tréimhse níos faide de bharr bunsraitheanna a bheith á dtoghailt agus túir a bheith á dtógáil; - Nuair a tharlaíonn sé sin, agus is annamh a tharlaíonn, féadfar úsáid a bhaint as sciathadh agus as imfháluithe. Chun an éifeachtacht is airde a bhaint amach, ba cheart go gcuirfí sciath chomh gar agus is féidir don fhoinsé torainn nó don ghlacadóir. Ba	Céim na tógála	Ceann ar bith

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir Gealltanais agus an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
			cheart go dtógfaí an sciath le hábhar a bhfuil mais de $> 7\text{kg/m}^2$ aige agus níor cheart go mbeadh aon bhearnaí ná ailt in ábhar na bacainne. Féadfar é sin a úsáid chun tionchar an torainn a theorannú chuig 45 dB (A) Leq (an leibhéal atá inghlactha san oíche de réir BS 5228) ag aon ghabhdóir atá íogair ó thaobh torainn de, má theastaíonn sé, le comhaontú an údaráis áitiúil; - Ba cheart ionadaí suímh a cheapadh le bheith freagrach as ceisteanna a bhaineann le torann; agus - Ba cheart bealaí cumarsáide a bhunú idir an conraitheoir nó an forbróir, an t-údarás áitiúil agus an lucht cónaithe i.e. chun iad a chur ar an eolas maidir leis an riachtanas obair a dhéanamh istóiche, sa chás go dteastódh a leithéid.		
7.3	Céim na tógála	Úsáid a bhaint as bearta cuí um rialú torainn le linn na tógála	Ina theannta sin, meastar go mbainfear úsáid as bearta infheidhmithe éagsúla um rialú torainn, a d'fhéadfadh na cinn seo a leanas a bheith san áireamh leo: - Gléasra a roghnú ina bhfuil baol beag go mbeidh torann agus / nó creathadh ann; - Bacainní sealadacha a chur in airde timpeall rudaí fearacht gineadóirí nó comhbhrúiteoirí tromshaothair. Chun an éifeachtacht is fearr a bhaint amach, ba cheart go gcuirfí bacainn chomh gar agus is féidir don fhoinsé torainn nó don ghlacadóir. Ba cheart go dtógfaí an bhacainn le hábhar a bhfuil mais $> 7\text{kg/m}^2$ aige agus níor cheart go mbeadh aon bhearnaí ná ailt in ábhar na bacainne. - Mar threoir gharbh, ba cheart go mbeadh fad bacainne cúig huaire níos faide ná a hairde. Ba cheart go lúbfaí bacainn níos giorra timpeall fhoinsé an torainn, le cinntiú nach bhfuil aon chuid den fhoinsé torainn le feiceáil ón láthair ghlactha; agus	Céim na tógála	Monatóireacht leanúnach ag teastáil le linn na tógála

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir Gealltanais agus an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
			Innealra torannach a leagan chomh fada ó ghabhdóirí íogaire agus a cheadaíonn srianta suímh.		
7.4	Céim na tógála	Úsáid a bhaint as maolú cuí creathaidh i gcéim na tógála	Maidir le hoibreacha tógála a bhfuil an baol ann go gcruthóidh siad creathadh ag gabhdóirí íogaire, tabharfar fúthu de réir na luachanna teorann atá leagtha amach san EIS.	Céim na tógála	Monatóireacht leanúnach ag teastáil le linn na tógála
7.5	An chéim oibríoch	Úsáid a bhaint as bearta maolaithe cuí i leith torainn sa chéim oibríoch	Níl coinne leis go mbeidh tionchar mór torainn ag torann a thiocfaidh ón bhforbairt a bheartaítear. Ní chloistear torann corónach ach amháin le linn dálaí áirithe aimsire agus i ngar don líne. Cruthaítear torann corónach, den chuid is mó, mar gheall ar nithe crua-earraí ar an líne tharchuir, seachas seoltóirí, e.g. clampaí, agus is féidir é a mhaolú trí na nithe aonair crua-earraí a ionadú. Is annamh a chruthaítear torann Aeólach ar línte 400 kV agus níl coinne leis go gcruthófar é san fhorbairt a bheartaítear. I measc na mbearta maolaithe a mholtar maidir le torann Aeólach, d'fhéadfaí bacóirí aershreafa a chur ar sheoltóirí agus inslitheoirí comhchodacha a fheistiú in athuair.	An chéim oibríoch	Monatóireacht leanúnach ag teastáil le linn na tógála
7.6	Gan a bheith ar eolas tráth an scríofa	Tionchar torainn ar ghabhdóirí íogaire a laghdú an oiread agus is féidir	Úsáid a bhaint as bacainní torainn sealadacha timpeall gníomhaíochtaí briste carraigeacha más dóchúil go mbeidh tionchar torainn ar ghabhdóirí íogaire.	I rith briseadh carraigeacha go háitiúil.	Monatóireacht ar thorann i gcás an ghabhdóra íogair is gaire nó na láithreach ionadaíche.

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir Gealltanais agus an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
AER – CÁILÍOCHT AGUS AERÁID (CAIBIDIL 10 d'IMLEABHAR 3C AGUS d'IMLEABHAR 3D)					
8.1	Forbairt ghinearálta – céim na tógála	Réadmhaoine a chosaint ó núis shuntasach deannaigh	Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm ar bhonn suíomhoiriúnaithe, bunaithe ar athbhreithniú ar na gníomhaíochtaí tógála lena mbaineann agus ar a ghaire agus atá siad do ghabhdóirí in aice láimhe i ngach láthair. Cuirfear na bearta maolaithe suíomhoiriúnaithe i bhfeidhm lena chinntiú nach gcuirfidh núis shuntasach deannaigh isteach ar áitribh taobh istigh de 50 méadar ó na láithreacha tógála.	Céim na tógála	Monatóireacht leanúnach ag teastáil le linn na tógála (i gcomhthéacs an CEMP).
AN TÍRDHREACH (CAIBIDIL 11 d'IMLEABHAR 3C AGUS d'IMLEABHAR 3D)					
9.1	Ar fud na forbartha – céim na tógála	Tionchar fisiciúil tírdhreacha ar fhásra a laghdú an oiread agus is féidir	Beidh sé mar aidhm ag na príomhbhearta maolaithe a shonraítear sa rannán um Fhlóra agus Fhána (rannán 4 den tábla seo) tionchar fisiciúil tírdhreacha a eascraíonn as cur isteach ar fhásra agus ar ithreacha a laghdú an oiread agus is féidir. Seo a leanas na príomhbhearta maolaithe mar a shonraítear sa rannán um Fhlóra agus Fhána i ndáil le tionchar tírdhreacha: bealaí rochtana atá ann cheana féin agus bearnaí i bhfálta sceach a úsáid; fálta sceach agus fásra talún a athbhunú (le cur den chineál céanna nó níos fearr), fásra coinnithe a chosaint, modhanna prúnála i leith fásra íogair a úsáid, lena n-áirítear crainn fhásta a bharrscoitheadh, chun línte fálta sceach a choimeád, monatóireacht a dhéanamh ar bhunú fásra thar 24 mí, agus cur an athuair i gcás go dteipeann ar athbhunú. Déanfar fálta sceach a chothabháil lena chinntiú nach n-éireoidh fásra ar bith ard go leor le cur isteach ar na seoltóirí.	Céim na tógála agus an chéim oibríoch	Monatóireacht leanúnach ag Ailtire Tírdhreacha cáilithe ag teastáil le linn na tógála agus cigireacht ar chur athbhunaithe thar 24 mí
9.2	Ar fud na forbartha – céim na tógála	Tionchar fisiciúil tírdhreacha ar ithir a laghdú an oiread agus is	Beidh sé mar aidhm ag na bearta maolaithe i Rannán 5 – Ithreacha, Geolaíocht agus Hidrigeolaíocht, an tionchar fisiciúil tírdhreacha ar ithir agus ar bhunú fásra ina dhiaidh sin a laghdú an oiread agus is féidir. Seo a	Céim na tógála agus an chéim oibríoch	Monatóireacht leanúnach ag Ailtire

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir Gealltanais agus an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
		féidir	leanas na príomhbhearta maolaithe mar a shonraítear sa rannán sin i ndáil le tionchar tírdhreacha: fo-ithir agus barrithir a bhaint, a stóráil agus a athchóiriú i gceart; balcadh ithreach a sheachaint; agus ithir a bhaint agus a dhiúscairt i gcás nach mbeidh gá le hathchóiriú.		Tírdhreacha cáilithe ag teastáil le linn na tógála agus cigireacht ar oibreacha talún thar 24 mí
9.3	Gleann na hAbhann Duibhe	Tionchar ar nádúr an tírdhreacha agus tionchar amhairc a mhaolú i dtírdhreach gleanna	D'fhéadfaí dul i gceann mionmhaolú trí chrainn agus trí fhálta sceach a choinneáil nó a shaothrú tuilleadh in áiteanna tábhachtacha	Céim na tógála	Monatóireacht leanúnach ag Ailtire Tírdhreacha cáilithe ag teastáil le linn na tógála agus cigireacht ar chur athbhunaithe thar 24 mí
9.4	Eastát Brittas	An tionchar féideartha ar thírdhreach deartha stairiúil a laghdú	Déanfar réiteach an fhásra atá ann cheana a laghdú an oiread agus is féidir sa limistéar seo agus, i gcomhairle leis an úinéir talún, cuirfear sciathadh iomchuí ar an dá thaobh den bhóthar isteach agus ag láithreacha eile san eastát d'fhonn radhairc ar an bhforbairt a bheartaítear a theorannú.	Céim na tógála	Monatóireacht leanúnach ag Ailtire Tírdhreacha cáilithe ag teastáil le linn na tógála agus cigireacht ar chur

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir Gealltanais agus an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
					athbhunaithe thar 24 mí
9.5	Gleann na Bóinne	Tionchar ar nádúr an tírdhreacha agus tionchar amhairc a mhaolú i dtírdhreach gleanna, in amharcpointe cosanta agus i radharc ó Mhainistir Bheighthí	D'fhéadfaí dul i gceann mionmhaolú trí chrainn agus trí fhálta sceach a choinneáil nó a shaothrú tuilleadh in áiteanna tábhachtacha.	Céim na tógála	Monatóireacht leanúnach ag Ailtire Tírdhreacha cáilithe ag teastáil le linn na tógála agus cigireacht ar chur athbhunaithe thar 24 mí
SÓCMHAINNÍ ÁBHARtha – GINEARÁLTA (CAIBIDIL 12 d'IMLEABHAR 3C AGUS d'IMLEABHAR 3D)					
10.1	Ar fud na forbartha – ginearálta	Tionchar ar leictreachas, ar theileachumarsáid agus ar ghás a íoslaghdú an oiread agus is féidir	Déanfar suirbhé réamhthógála le haghaidh fóntas ar nós gáis, leictreachais agus teileachumarsáide, etc., le linn chéim na tógála, lena n-áirítear iniúchtaí ar an talamh, leis na tosca a mbeifear ag súil leo sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta a dheimhniú.	Roimh an tógáil	Ceann ar bith
10.2	Trasnú seirbhísí teileachumarsáide agus líne lasnairde de réir mar is gá	Cur isteach a laghad agus is féidir ar sheirbhísí reatha leictreachais agus teileachumarsáide le linn na tógála	Ní mór cuailí cosanta sealadacha a úsáid chun bacainní áirithe feadh dronlíne a chosaint, amhail crosairí bóthair / iarnróid agus línte eile tarchuir nó dáileacháin.	Céim na tógála	Ceann ar bith

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir agus Gealltanais an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
10.3	Ar fud na forbartha Ginearálta – céim na tógála	<i>Best Practice Guidelines on the Preparation of Waste Management Plans for Construction & Demolition Projects (Treoirlínte Dea-chleachtais maidir le Pleananna Bainistíochta Dramhaíola a Ullmhú do Thionscadail Tógála agus Scartála)</i> (2006) a chomhlíonadh	Tabharfar faoi bhainistíocht dramhaíola de réir threoir na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (2006), <i>Best Practice Guidelines on the Preparation of Waste Management Plans for Construction & Demolition Projects (Treoirlínte Dea-chleachtais maidir le Pleananna Bainistíochta Dramhaíola a Ullmhú do Thionscadail Tógála agus Scartála)</i> . Cuirfear Plean Bainistíochta um Dhramhaíl Tógála (a bheidh ina chuid den CEMP) i bhfeidhm chun an dramhaíl a bheidh ann a laghdú an oiread agus is féidir agus chun a chinntiú go láimhseálfar agus go ndiúscrófar sruthanna dramhaíola tógála i gceart. Is iad na príomhphrionsabail is bun leis an bplean giniúint dramhaíola a laghdú an oiread agus is féidir agus dramhaíl a leithscaradh ag an bhfoinse.	Céim na Tógála	Ceann ar bith
10.4	Ar fud na forbartha Ginearálta – an chéim oibríoch	A chinntiú go ndéanfar dramhaíl oibriúcháin (ar nós pacáistíochta etc.) a thagann as gníomhaíochtaí fánacha cothabhála a aisghabháil / a dhiúscairt go cuí	Maidir le dramhaíl éadrom de mhéid diomaibhseach a chruthófar i gcéim oibríoch na forbartha a bheartaítear le linn oibríochtaí cothabhála agus glantóireachta, aonaid soilsithe a athrófar de réir mar is gá, olaí as gníomhaíochtaí cothabhála ó am go chéile agus ábhair phacáistíochta, déanfaidh conraitheoirí ceadúnaithe iad a thógáil as an suíomh lena n-aisghabháil / ndiúscairt i gceart ag saoráidí ceadúnaithe.	An chéim oibríoch	Monatóireacht ag teastáil le linn na céime oibríche (le linn oibreacha cothabhála)
10.5	Ar fud na forbartha Ginearálta – an chéim oibríoch	Gníomhaíochtaí sábháilte eitlíochta a chinntiú ag Aerpháirc Bhaile Átha Troim	Maidir le tuirlingt aerárthaí ar Rúidbhealach 28, ba cheart go mbeadh píolótaí ar an eolas faoin áit ina bhfuil na túir suite agus ba chóir nós imeachta foirmiúil ascnaimh de ‘ <i>radharc ar thúir / cháblaí ag teastáil sula gcuirtear tús le hascnamh</i> ’ a thabhairt isteach Cé go mbeidh na línte lasnairde faoi bhun na ndromchlaí teorannaithe constaici le haghaidh Aerpháirc Bhaile Átha Troim, ba cheart breithniú a dhéanamh ar na línte a dhéanamh níos feiceálaí ach sféir mharcála a chur isteach idir Túr 355 agus Túr 357. Molann na sainchomhairleoirí tírdhreacha	An chéim oibríoch	Ceann ar bith

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir Gealltanais agus an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
			sféir (oráiste, bán, oráiste, bán...) atá 60 cm ar trastomhas a fheistiú 30 méadar amach óna chéile		
10.6	Ar fud na forbartha Ginearálta – an chéim oibríoch	Gníomhaíochtaí sábháilte eiltite balún a chinntiú i gcógaracht na forbartha a bheartaítear	Ní mór do na píolótaí balúin a chur san áireamh mar chuid dá bpleanáil eiltite go bhféadfadh an fhorbairt a bheartaítear a bheith ann. Beidh ar na píolótaí balúin an líne chumhachta a chur san áireamh i ndáil le lainseáil agus tuirlingt, ach mar a luaigh IAA tá cead ag píolótaí balúin eiltit thar línte cumhachta.	An chéim oibríoch	Ceann ar bith
SÓCMHAINNÍ ÁBHARTHA – TRÁCHT (CAIBIDIL 13 d'IMLEABHAR 3C AGUS d'IMLEABHAR 3D)					
11.1	Ar fud na forbartha go ginearálta – céim na tógála	Plean um Bainistiú Trácht Tógála a ullmhú agus a chur i bhfeidhm. Is é cuspóir an phlean seo tionchar chéim thógála an tionscadail a laghdú an oiread agus is féidir.	Ceanglófar ar an gconraitheoir a cheapfar chun an tionscadal a thógáil Plean mionsonraithe um Bainistiú Trácht Tógála a ullmhú sula dtosaíonn na hoibríochtaí foirgníochta. Ba cheart go mbeadh na bearta maolaithe a leanas i gceist ar a laghad: - Clár tógála mionsonraithe a cheapadh a bhfuil d'aidhm aige ardbhuaiceanna tráchta a laghdú an oiread agus is féidir ar bóithre ar leith; - Monatóireacht leanúnach ar na bóithre a úsáidfear le haghaidh na tógála; - Bearta bainistíochta tráchta a shainaithint maidir le dúnadh bóithre; - Bearta maidir le hidirchaidreamh leanúnach le húdarais áitiúla agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile; - Bearta bainistíochta tráchta a shainaithint ag bealaí isteach chuig suíomhanna; agus - Bearta maidir le freastal ar fheithiclí práinnfhreagartha feadh na mbealaí tarlaithe.	Roimh thús chéim na tógála Nuashonrú leanúnach i rith chéim na tógála.	Monatóireacht ag teastáil ar bhóithre a úsáidfear le linn chéim na tógála.

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir Gealltanais agus an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
OIDHREACHT CHULTÚRTHA (CAIBIDIL 14 d'IMLEABHAR 3C AGUS d'IMLEABHAR 3D)					
12.1	Tógáil – ginearálta	Tionchar féideartha a mhaolú le linn chéim na tógála	I limistéir ar aithníodh go bhféadfadh tionchar a bheith ar shuíomhanna, ar struchtúir, ar shéadchomharthaí nó ar ghnéithe seandálaíochta, ailtireachta nó oidhreachtachta cultúrtha iontu le linn chéim na tógála, moladh ceann amháin nó níos mó de na bearta maolaithe seo a leanas: - Monatóireacht seandálaíochta – i limistéir ag a bhfuil acmhainneacht mheasartha seandálaíochta, déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí monatóireacht ar thochailtí a bhaineann le hoibreacha tógála agus / nó rochtain ar an suíomh tógála agus / nó ar na limistéir shreangaithe a éascú. Sa chás go n-aimsítear spruadair sheandálaíochta, scoirfear den obair sa limistéar láithreach agus rachaidh an seandálaí i dteagmháil le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachtachta agus Gaeltachta agus le hArd-Mhúsaem na hÉireann. - Tástáil seandálaíochta – tá aire ag teastáil i ndea-chleachtas i limistéir ag a bhfuil acmhainneacht ard seandálaíochta chun a chinntiú go sainaithnítear spruadair sheandálaíochta a luaithe is féidir, rud a chinntíonn go n-íoslaghdaítear aon chaillteanas ón taifead seandálaíochta. Faoi shainchúram monatóireachta, breathnóidh seandálaí ar ghnáthoibreacha tógála, a dtugtar fúthu de ghnáth le buicéad tochtaltóra fiachlach. Le linn tástáil seandálaíochta, déanann seandálaí ceadúnaithe incháilithe maoirseacht ar thochailtí a dtugtar fúthu le buicéad grádaithe neamhfhiachlach, faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreachtachta agus Gaeltachta, rud a chinntíonn go sainaithnítear spruadair sheandálaíochta go luath agus go n-íoslaghdaítear an caillteanas ón taifead seandálaíochta. Tríd an tsuirbhéireacht deimhniúcháin sin a dhéanamh, cinnteofar go mbeidh dóthain ama laistigh den sceideal tógála le haghaidh	Roimh chéim na tógála agus i rith na tógála	Measúnú, tástáil agus monatóireacht leanúnach

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir Gealltanais agus an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
			aon spruadair sheandálaíochta a aimsítear a thochailt. - Líniú teorann – mar ar aithníodh go bhféadfadh tionchar a bheith ar shuíomh, ar struchtúr nó ar shéadchomhartha seandálaíochta, ailtireachta nó oidhreachtachta cultúrtha agus rochtain á fáil chun an fhorbairt a bheartaítear a thógáil, moltar líniú teorann chun aon damáiste neamh-aireach a chosc. Gheobhaidh seandálaí atá cáilithe go cuí rochtain ar an suíomh sula dtosófar oibreacha tógála sa limistéar agus déanfaidh an seandálaí líniú teorann ar mhaolán timpeall an tséadchomhartha a bheidh i bhfeidhm ar feadh oibreacha tógála ar bith cóngarach dó. - Bealaí rochtana sealadacha a dheimhniú – i gcomhairle leis an bhfoireann tógála agus sula dtosófar oibreacha tógála, déanfar na bealaí rochtana sealadacha tógála a bheartaítear a dheimhniú ag roinnt láithreacha chun a chinntiú nach mbeidh tionchar ar chreatlach stairiúil foirgneamh atá ann fós agus rochtain á fáil le haghaidh gníomhaíochtaí tógála. Chuige sin, féadfar na bealaí rochtana sealadacha a leasú, gnéithe íogaire a shonrú agus líniú teorann a dhéanamh air nó úsáid a bhaint as innealra tógála éagsúil nó modhanna éagsúla a fhéadann rochtain ar an suíomh gan tionchar a bheith acu ar an gcreatlach stairiúil. - Monatóireacht ar chrannliacht – is ann d'fhásra dlúth thall is abhus agus beidh sé den riachtanas é a bhearradh i gcomharsanacht iarsmaí foirgneamh atá ina seasamh agus atá léirithe ar léarscáileanna stairiúla. Déanfaidh seandálaí atá cáilithe go cuí monatóireacht ar an obair seo lena chinntiú nach mbeidh tionchar ag na hoibreacha ar chreatlach stairiúil na bhfoirgneamh.		

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir Gealltanais agus an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
12.2	Ar fud na forbartha go ginearálta – céim na tógála	A chinntiú go gcuirfear na bearta maolaithe i bhfeidhm le linn chéim na tógála	Moltar gur cheart comhairleacht / comhairleoir oidhreacht cultúrtha atá cáilithe go cuí a cheapadh chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach na mbeart maolaithe a mholtar sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta seo i leith chéim na tógála den fhorbairt a bheartaítear. Ba cheart don chomhairleacht / chomhairleoir idirchaidreamh leanúnach a choinneáil le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta ar feadh chéim thógála na forbartha.	Céim na tógála	Ceann ar bith
12.3	Ar fud na forbartha go ginearálta	An cód cleachtais idir Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta an DoEHLG (DAHG anois) agus Líonraí BSL (2009) a chomhlíonadh.	De réir na cáipéise sin, <i>Code of Practice between the Department of the Environment, Heritage and Local Government and ESB Networks (Cód Cleachtais idir an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil agus Líonraí BSL)</i> (2009), ceapfar seandálaí tionscadail chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach an mhaolaithe mholta seandálaíochta le linn na n-oibreacha a bheartaítear.	Céim na tógála	Ceann ar bith
12.4	Crios Taitneamhacht Seandálaíochta (ZAA) Thailtean	An tionchar ar ZAA Thailtean a mhaolú	Tabharfar faoi chóras um thástáil seandálaíochta faoi cheadúnas ag Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta chun a dheimhniú, i gcomhréir leis an tionchar réamh-mheasta a leagtar amach sa Ráiteas Tionchair Timpeallachta, cé acu atá nó nach bhfuil spruadair sheandálaíochta ann a d'fhéadfadh a bheith buailte ag tógáil na dtúr laistigh den Chrios Taitneamhacht Seandálaíochta. Sa chás go n-aimsítear spruadair sheandálaíochta, tabharfar fógra do Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta lom láithreach fúthu agus tabharfar am laistigh den sceideal tógála chun tochairt aon ábhair sheandálaíochta a cheadú i gcomhairle iomlán le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta den Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus le hArd-Mhúsaem na hÉireann.	Céim na tógála	Ceann ar bith
12.5	Láithreacha éagsúla	Tionchar féideartha i leith láithreacha túir agus	Féach an Achoimre ar Bhearta Maolaithe mar a liostaítear i gCaibidil 14, Imleabhar 3C agus Imleabhar 3D .	Céim na tógála	Monatóireacht ag teastáil le linn

Mír	Láthair (feadh an bhealaigh a bheartaítear)	Cuspóir Gealltanais agus an Mhaolaithe	Beart Maolaithe	Tráth an Bhirt Maolaithe	Monatóireacht chun Éifeachtacht an Mhaolaithe a Chinntiú
		rianta rochtana sealadacha lena mbaineann a mhaolú le linn chéim na tógála.			na tógála
12.6	Teach Brittas (Uimh. RPS MH005-105)	An tionchar féideartha ar thimpeallacht an bhealaigh isteach chuig Teach Brittas (Uimh. RPS MH005-105), Contae na Mí, a laghdú	Déanfar réiteach an fhásra atá ann cheana a laghdú an oiread agus is féidir sa limistéar seo agus, i gcomhairle leis an úinéir talún, cuirfear sciathadh iomchuí ar an dá thaobh den lána d'fhonn radhairc ar an bhforbairt a bheartaítear a theorannú.	Céim na tógála	Monatóireacht ag teastáil le linn na tógála
12.7	Ar fud na forbartha – oibríoch	Tionchar féideartha a mhaolú le linn na céime oibríche	Maidir le tionchar féideartha ar shuíomhanna, ar shéadchomharthaí, ar struchtúir nó ar ghnéithe seandálaíochta, ailtireachta nó oidhreacht cultúrtha le linn oibreacha cothabhála a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil le linn na céime oibríche den fhorbairt a bheartaítear, is fearr iad a mhaolú trí idirchaidreamh leanúnach le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, leis an Aonad Comhairleach um Oidhreacht Ailtireachta sa Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus le hoifigigh áitiúla oidhreacht agus caomhantais sna Comhairlí Contae.	Le linn oibreacha cothabhála nó uasghrádaithe a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil le linn na céime oibríche	Monatóireacht leanúnach ag teastáil le linn na céime oibríche (le linn oibreacha cothabhála / uasghrádaithe).